Comhairle Chontae Laoise

I bpáirt leis an bpobal



Tuarascáil Bhliantúil 2009

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Réamhrá Bhainisteoir an Chontae	3
Ráiteas Misin	4
Comhaltaí na Comhairle	5
Tithíocht, Gnóthaí Corparáideacha, Pleanáil Chorparáideach, Acmhainní Daonna & Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide	6
An Pobal, Forbairt Eacnamaíochta & Cur chun cinn an Chontae, na hEalaíona, Spóirt & Leabharlanna	18
Timpeallacht, Pleanáil & Seirbhísí Éigeandála	35
Iompar & Seirbhísí Uisce	48
Bainistiú Airgeadais	54
Comhairle Baile Phort Laoise	57
Comhairle Baile Mhóinteach Mílic	58
Gníomhaíochtaí Eile	60
Foscríbhinni	61
Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn	65

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Cuireann sé an-áthas orm mar Chathaoirleach, Tuarascáil Bhliantúil 2009 Chomhairle Contae Laoise a chur in bhur láthair.

I Meitheamh 2009, toghadh Comhairle nua agus ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun fáilte a chur roimh Chomhaltaí nua na Comhairle. Táim ag súil le bheith ag obair leo sa bhliain atá romhainn lena chinntiú go leanann Comhairle Contae Laoise ar aghaidh ag treorú an bhealaigh i gcur chun cinn agus i bhforbairt shaol sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha an chontae.

Ba mhaith liom an deis a ghlacadh chun buíochas a ghlacadh leis na Comhaltaí atá ag fágáil as ucht a n-obair chrua agus a ndíograis thar na blianta agus go n-éirí leo ina ngnóthaí uile amach anseo.

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil deis dúinn éachtaí na Comhairle in 2009 a léiriú agus breac-chuntas a thabhairt ar an réimse leathan seirbhísí a chuirimid ar fáil chun tairbhe gach duine sa chontae. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua agus do dhíograis na gcomhaltaí tofa ar fad agus an fhoireann uile a chuidíonn chun na seirbhísí seo a sheachadadh.

I rith 2009, osclaíodh Stáisiún Dóiteáin agus Ionad Athchúrsála i gCúil an tSúdaire, agus lean an Chomhairle ag cur go dearfach le cáilíocht beatha ár bpobail trí fheidhmiú choimpléascaí áineasa i gCúil an tSúdaire agus i bPort Laoise agus trí leanúint le clár na n-ionad spraoi agus na Leabhar-lanna. D'éirigh go seoigh le Laois chomh maith sna Gradaim Uile-Oileáin Mórtas Ceantair in 2009.

Bhí Comhairle Contae Laoise rannpháirteach arís in eagrú agus i gcur chun cinn mórimeachtaí sa chontae in 2009, cosúil le Babhtaí Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí, Féile Magnet, Electric Pic-nic agus Railí Gordon Bennett. Mar aon le próifíl an chontae a bhreisiú, bíonn tionchar dearfach ag mórfhéilte mar seo a reáchtáil ar an ngeilleagar áitiúil.

Tá dúshlán roimh an gComhairle leanúint le seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil agus gach gné d'fhorbairt an chontae a chur chun cinn in ainneoin na gcúinsí geilleagracha dúshlánacha. Táim dóchasach go bhfuil Comhairle Contae Laoise réidh le dul i ngleic leis an dúshlán seo.

James Daly
Cathaoirleach

RÉAMHRÁ BHAINISTEOIR AN CHONTAE

Tá ríméad orm fáilte a chur roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2009 Chomhairle Contae Laoise a thugann deis dúinn féachaint ar éachtaí agus ar dhúshláin ar fad na bliana a caitheadh.

Ar dtús, ba mhaith liom fáilte a chur roimh Chomhaltaí nua na Comhairle a toghadh i Meitheamh 2009 agus táim ag tnúth go mór le hoibriú i gcomhpháirtíocht leo sna chúig bliana amach romhainn chun Contae Laoise a fhorbairt. Anuas air sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí atá ag fágáil as ucht na seirbhíse atá tugtha acu dá gcontae.

Ba bhliain dhúshlánach a bhí in 2009 i dtéarmaí an chúlaithe eacnamaíochta agus bhrú airgeadais a bhí ar an gComhairle. D'ainneoin seo, áfach, rinne an Chomhairle na rudaí a bhí ag teastáil chun ár mbuiséid a chothromú agus ag an am céanna geilleagar áitiúil beoga a fhorbairt. Leanadh le dul chun cinn i soláthar príomhbhonneagair cosúil le mótarbhealaigh M7/M8, Scéimeanna Seirbhísí Uisce agus bonneagar sóisialta suntasach atá ag feabhsú cáilíocht beatha i gContae Laoise.

Tá cinnireacht dhearfach tugtha ag Comhairle Contae Laoise i mbreisiú phróifíl agus aitheantas Chontae Laoise. Rinneadh dul chun cinn mór i dturasóireacht agus i gcur chun cinn an chontae mar áit fheiliúnach do mhórimeachtaí cosúil le Babhtaí Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí & Electric Picnic.

Tá forbairt eacnamaíoch fós ina thosaíocht agus rinneadh tuilleadh dul chun cinn in 2009 i spreagadh tionscal dúchais agus i gcruthú timpeallacht pró-fiontair sa chontae.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí agus d'obair dhíograiseach na foirne i rith 2009 a bhí deacair i dtéarmaí chiorruithe buiséid agus laghduithe in acmhainní foirne.

Cé go bhfuil go leor dúshlán agus deacrachtaí amach romhainn sna blianta atá romhainn, tá misneach agam go leanfaidh Comhairle Contae Laoise ag tabhairt cinnireacht dhearfach chun dul chun cinn inár gcontae a bhrú ar aghaidh.

Peter Carey
Bainisteoir an Chontae

"Beidh an Chomhairle ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha ár gContae agus soláthróidh sí seirbhísí poiblí ardcháilíochta do na pobail a bhfreastalaímid orthu"

Sainordú

Tá Comhairle Contae Laoise mar an Phríomh-Údarás Tofa go Daonlathach i gContae Laois. Soláthraíonn Comhairle Contae Laoise raon leathan agus éagsúil de sheirbhísí a mbíonn tionchar acu ar gh-níomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil, bonneagracha, turasóireachta, tionscalaíocha agus cultúrtha an Chontae. I measc na seirbhísí seo tá soláthar agus cothabháil tithe, soláthar agus cothabháil bóithre soláthar agus cothabháil sholáthar uisce agus scéimeanna séarachais, seirbhísí pleanála agus for-bartha, bainistíocht dramhaíola,cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire, leabharlanna, forbairt cultúrtha agus pobail lena n- áirítear caitheamh aimsire agus spórt.

Oibríonn líon mór oibrithe ar an gComhairle, lena n-áirítear an Bainisteoir Contae, fostaithe agus conraitheoirí gairmiúla, teicniúla,dlíthiúla, riaracháin, airgeadais agus lasmuigh.

Comhaltaí an Comhairle

Tá 25 Comhalta Tofa i gComhairle Contae Laoise - ceithre chomhalta an duine ó Thoghcheantair Mhaointeach Milie, Ioma agus Log an Churraigh, seacht chomhalta ó Thoghcheantar Phort Laoise agus sé gcomhalta ó Thoghcheantar Bhuiríos Mór Osraí.

Baill Tofa leis an Bainisteoir Contae ag CCB Comhairle Contae Laoise – Meitheamh 2009

Cruinnithe Comhairle

Tionóladh Cruinnithe Comhairle 2009 ar an Luan deireanach de gach mí de ghnáth i Seomra na Comhairle ag Áras an Chontae.

Grúpa Polasaí Corparáidigh (G.P.C.)

Tá an Grúpa Polasaí Corparáidigh deartha chun an sainordú daonlathach agus ról déanta polasaí na gcomhaltaí tofa a threisiú.Tá an G.P.C. tacaithe ag an mBainisteoir Contae agus cuimsíonn sé Cathaoir-leach na Comhairle agus ceithre Chathair na gCoistí um Polasaithe Straitéiseacha. Is í príomhfheidhm G.P.C. ná obair na C.P.S difriúla a chomhordú agus fóram a sholáthar ina ndéantar cinntí polasaí a mbíonn tionchar acu ar an gComhairle go léir a chomhshocrúle cur faoi bhráid na Comhairle iomláin ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh. Tháinig an G.P.C. le chéile 12 uair i 2009.

Toghadh na Comhaltaí seo a leanas do Chomhairle Contae Laoise
ag na Toghcháin Áitiúla a bhí ar siúl ar an 5 Meitheamh 2009.

Toghcheantar Bhuiríos Mór Osraí

John Joe Fennelly (F.F.)

Michael Lalor (F.G.)

John King (F.G.)

Brendan Phelan (F.F.)

John Bonham (F.G.)

Martin Phelan (F.G.)

Toghcheantar Ioma

Raymond Cribbin (F.F.)

Paul Mitchell (Non Party)

Tom Mulhall (F.G.)

James Deegan (F.G.)

Toghcheantar Log an Churraigh

James Daly (F.G.)

John Robert Moran (F.G.)

Padraig Fleming (F.F.)

Ben Brennan (Non Party)

Toghcheantar Mhóinteach Mílic

David Goodwin (F.G.)

Patrick Bracken (F.F.)

Patrick Bowe (Labour)

Seamus McDonald (F.F.)

Toghcheantar Phort Laoise

William Aird (F.G.)

Brian Stanley (S.F.)

Mary Sweeney (F.G.)

Jeremiah Lodge (F.F.)

Kathleen O'Brien (F.G.)

Rotimi Adebari (Non Party)

Catherine Fitzgerald (F.F.)

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Oifigech Sinsearach Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna: Michael Rainey

Oifigech Sinsearach Feidhmiúcháin Gnóthaí Corparáideacha: Carmel McNicholl

Ceannaire ar Chórais Faisnéise: John Forde

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Plean Corparáideach

D'éag téarma Phlean Chorparáidigh 2004 go 2009 in 2009. Ghlac Comhaltaí na Comhairle le Plean Corparáideach nua ó 2009 – 2014 i mí na Nollag, 2009.

Sa Phlean Corparáideach seo soláthraítear an chreatlach do straitéis chomhtháite a chur i bhfeidhm lenár gContae a fhorbairt do na cúig bliana atá romhainn agus ullmhaíodh é tar éis comhairliúcháin le fostaithe, ionadaithe tofa, leasanna pobail, deonacha & comhshaoil, páirtithe leasmhara seachtracha agus comhlachtaí poiblí eile a fheidhmíonn ag an leibhéal áitiúil.

De bharr na straitéisí agus na gcuspóirí a bhfuil breac-chuntas sa Phlean orthu, beidh Comhaltaí Tofa agus Fostaithe Chomhairle Contae Laoise in ann leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le saol cultúrtha, geilleagrach agus sóisialta an Chontae. Cuirfear le ról na gComhaltaí Tofa fad agus a leanfar de sheirbhísí spriocdhírithe, níos comhordaithe, níos éifeachtaí, agus níos éifeachtúla a sholáthar don phobal.

Ullmhófar Tuarascáil bhliantúil ar Dhul Chun Cinn agus cuirfear faoi bhráid na gComhaltaí Tofa í lena breithniú

Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí ag Comhairle Contae Laoise a leagann amach an chaoi ina bhféachann an Chomhairle le plé lena custaiméirí. Tá an doiciméad ar taispeáint i ngach Oifig Chomhairle phoiblí agus ar ár suíomh idirlín www.laois.ie . Mar chuid den Chairt tá Nós Imeachta maidir le Gearáin, ar féidir le haon duine áis a bhaint as mura bhfuil sé sásta le caighdeán na seirbhíse a fhaigheann sé.

Príomhphointí

- 6ú Márta, 2009 – Fáiltiú an Chathaoirligh chun reáchtáil Chomhdháil Idirnáisiúnta Lions Club 2009 i bPort Laoise a cheiliúradh.
- 7ú Aibreán, 2009 – Fáiltiú an Chathaoirligh chun 40 bliain de Chomhar Creidmheasa Phort Laoise a cheiliúradh.
- 28ú Bealtaine, 2009 – Fáiltiú an Chathaoirligh in ómós Choláiste Íosagáin, Cúil an tSúdaire – Buaiteoirí Uile-Éireann 2008 i bPeil Shinsir na gColáistí.
- 28ú Bealtaine, 2009 – Fáiltiú an Chathaoirligh chun toghadh Michael Gowing, Port Laoise, mar Uachtarán ar Mhacra na Feirme a cheiliúradh.

- *7ú Aibreán, 2009 – Fáiltiú an Chathaoirligh chun 40 bliain de Chomhar Creidmheasa Phort Laoise a cheiliúradh*

Deontais Ard Oideachais

Bronnann Comhairle Chontae Laoise Deontais Ard Oideachais faoi Achtanna an Údaráis Áitiúil (Deontais Ard Oideachais), 1968-1992, ar son an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Caithfidh iarrthóir na riachtanais a shásamh mar atá siad leagtha amach sa Scéim chun bheith intofa do dheontas faoin Scéim. Tá an Scéim á fógairt ar bhonn bhliantúil agus is é an dáta deiridh chun glacadh leis na hiarratais líonta ná an 31ú Lúnasa gach bliain.

Tá sonraí na Scéime agus na foirmeacha iarratais ar fáil de ghnáth in Iúl ó Rannóg Deontais Ard Oideachais ag heg@laoiscoco.ie, Fón: (057) 8664137, nó ar ár Suíomh Idirlín ag ww.laois.ie/heg.

Bhronn Comhairle Chontae Laoise 252 deontas nua agus bhí 331 deontas athnuaite faoin Scéim Deontais 2009. Méadaíodh Ráta Speisialta an Deontais Chothabhála iníoctha go dtí €6,355.43. Cháiligh 43 duais nua agus 63 duais athnuachana le haghaidh íocaíochta an deontais seo.

Bé an méid iomlán a díoladh amach i 2009 ná €3,017,511.89.

Sláinte & Sábháilteacht

Comhairleoir Sábháilteachta: Jim Bolger

Thug Comhairle Contae Laoise faoi chlár cuimsitheach oiliúna chun oiliúint Comharthaíochta, Soilsithe agus Gardála ag Oibreacha Bóithre a chur ar na fostaithe cuí. Anuas air sin, cuireadh oiliúint ar fáil do Charrbhealaí Ardluais (i.e. Mótarbhealaí) d'fhostaithe roghnaithe.

Cuireadh córas 'Tiománaí Údaraithe' i bhfeidhm d'fhostaithe cuí agus d'fhorbair bunachar sonraí uaidh. Tugadh tuilleadh tacaíochta don tionscnamh seo leis an mBeartas um Shábháilteacht Tiománaí a forbraíodh i rith na bliana.

Críochnaíodh Céim II de chur i bhfeidhm an 'Chórais Chosanta Phearsanta' in 2009 agus leis an gcóras seo breiseofar sábháilteacht, sláinte agus folláine na bhfostaithe a oibríonn leo féin nó i láithreacha iargúlta.

Páirtíocht

Bhíodar seo a leanas mar bhaill Choiste Páirtíochta an Láthair Oibre ar an 31ú Nollag, 2009

Ainmnithe na Bainistíochta	Ainmnithe an Cheard Chumainn
John Daly, Joint Chair	Bill Devoy, Joint Chair
Anna Marie Delaney	Geraldine Campion
Angela McEvoy	Tom Saunders
John O'Donoghue	Tom O'Carroll
Gerry Maher	Valerie O'Reilly

Bhí 7 gcinn de chruinnithe ag an gCoiste Páirtíochta le linn 2009. Bhí ról lárnach ag an bPróiseas Comhpháirtíochta arís i gcaidrimh foirne/bainistíochta i gComhairle Contae Laoise. Reáchtáil Grúpa Stiúrtha 'Handling Significant Change through Partnership' trí chruinniú in 2009, áit a gcuirtear comhairle ar Cheardchumann agus Lucht Bainistíochta maidir le saincheisteanna a chaitheann Comhairle Contae Laoise dul i ngleic leo.

Reáchtáladh cruinniú le fostaithe, agus labhair Bainisteoir an Chontae leo maidir leis an tionchar ar an staid bhuiséadach do 2009.

Fuarthas maoiniú tionscadail luach €11,000 in 2009 do sé thionscadal.

D'aontaigh an Coiste Comhpháirtíochta a bPlean Straitéiseach do 2009 – 2011, agus Plean Gnó do 2009.

Críochnaíodh Cruinnithe Sainchomhairliúcháin le Geallsealbhóirí maidir leis an DBO beartaithe do Scéim um Fheabhas ar an Soláthar Uisce do Phort Laoise/Mhóinteach Mílic agus rinneadh aighneacht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil a mhol soláthar traidisiúnta.

Scéim Deontais Oideachais LANPAG – faomhadh 10 nIarratas ar chúnamh deontais.

Gníomhaíochtaí 2009 - Beartais a Aontaíodh

Beartas um Chosaint Súile agus Radharc Fostaithe a úsáideann VDUanna Beartas um Dhrugaí agus Alcól

Saoráil Faisnéise (S.F.)

Thosaigh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 ar an 21 Aibreán, 1998 do Ranna agus Oifigí Rialtais agus roinnt Comhlachtaí Rialtais eile ar an 21 Deireadh Fómhair, 1998 d'Údaráis Áitiúla agus do Bhoird Sláinte. Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 i bhfeidhm an 11 Aibreán, 2003. Chuir an tAcht roinnt leasuithe tábhachtacha i bhfeidhm ar Acht 1997, go suntasach maidir le hAlt 19 (Taifid Rialtais), Alt 20 (Breithniúcháin Chomhlachtaí Poiblí), Alt 24 (Slándáil, Cosaint agus Caidreamh Idirnáisiúnta) agus Alt 47 (Táillí).

Caithfear gach iarratas ar Shaoráil Faisnéise a phróiseáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, arna leasú.

Iarratais a fuarthas/próiseáladh i 2009

Iarratais ar láimh ag 31/12/2008	1
Iarratais a fuarthas le linn 2009	33
Breitheanna a déanadh le linn 2009	34
Iarratais ar láimh ag 31/12/2009	0

Nádúr an Eolais a Lorgaíodh

Pearsanta (don iarrthóir)	11
Neamh-Phearsanta	22

Achomhairc

Achomhairc don Coimisinéir Eolais	1
Achomhairc don Ard Chuairt	0

Foinse na n-Iarratas

Iriseoirí	1
Gnó	0
Baill Oireachtais	0
Baill an Údaráis Áitiúil	0
Eile/An Pobal Ginearálta	32

Clár na dToghthóirí 2009/2010

Tá an Chomhairle freagrach as cur le chéile Chlár na dToghthóirí do Chontae Laoise a thagann i bhfeidhm ar an 15ú Feabhra gach bliain. Chun a bheith i dteideal a bheith curtha ar Chlár na d-Toghthóirí ní foláir duit a bheith ar a laghad 18 bliain d'aois ar an lá go dtagann an clár i bhfeidhm agus níorbh fholáir duit bheith id' ghnáth-chónaí sa stát ar an 1ú Meán Fómhair sa bhliain roimh theacht i bhfeidhm don gClár.

Togh-Roinn na Dála	Toghthóirí Uachtaráin	Toghthóirí na Dála
Laois/Offaly	53,557	54,161

Togh-Roinn Pharlaimint na hEorpa	Eorpacha Toghthóirí	Eorpacha Dóighiúla Toghthóirí
Leinster	54,361	198

Togh-Roinn Cheantar Áitiúil	Líon na d-Toghthóirí
Borris in Ossory	13,727
Emo	8,917
Luggacurren	9,524
Mountmellick	8,861
Portlaoise	14,405
Total:	55,534

Toghthóirí Poist agus Toghthóirí Speisialta	
Gardaí	2
Defence Forces	185
Diplomats	4
Physically Disabled	33
Occupation Etc.	2
Special Voters	5

Toghthóirí Rialtais Áitiúil na gComhairle Bhuirg nó nagComhairle Bhaile

Mountmellick Urban	2,886
Portlaoise Urban	8,017
Total	10,903

COMHDHÁLACHA A nDEARNADH FREASTAL ORTHU IN 2009

Sonraí na Comhdhála	Suíomh	Dáta	Líon Toscairí	Caiteachas
The Local Gov. Planning Service	Cathair na Mart	9 – 11 Ean	7	€6,144.82
South East River Basin	Cluain Meala	14 Ean	1	€147.98
Effective Communications for Councillors	Port Láirge	16 – 18 Ean	3	€564.67
Showcase Ireland	Baile Átha Cliath	21 Ean	1	€176.62
ICLRD Conference	Leitir Ceanainn	22 – 23 Ean	1	€799.31
Tourism Conference	Aontraim	23 24 Ean	2	€1,524.54
Effective Communications for Councillors	Dún Garbhán	30 Ean – 1 Feab	2	€1,291.82
Cumman Merriman	Gaillimh	6 – 8 Feab	1	€579.86
AMAI	Leitir Ceanainn	13 – 14 Feab	12	€10,451.05
Renewable Energy – Planning the Future	Sligeach	15 – 17 Feab	3	€1,856.15
Freedom of Information Seminar	Luimneach	20 – 21 Feab	6	€3,075.67
Maximising Your Vote	Cluain Dolcáin	26 – 28 Feab	1	€463.11
Understanding Hospital Radio	Baile Átha Cliath	27 – 28 Feab	1	€487.74
20th Colmcille Winter School	Leitir Ceanainn	27 Feab – 1 Már	7	€6,669.29
17th Annual Kerry Environmental Recognition Conference	Ballybunion	4 – 8 Már	12	€12,341.49
Building Energy Regulations Seminar for Councillors	Gaillimh	13 – 15 Már	1	€525.08
Planning & Development Control Seminar	Gaillimh	20 - 22 Már	1	€525.08
The Economic & Social Benefits of Preserving our Cultural Heritage	Lios Tuathail	26 – 27 Már	2	€1,038.97
Sustaining Rural Development	Baile Mhistéala	27 – 28 Már	1	€424.06

TITHÍOCHT, GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA, PLEANÁIL CHORPARÁIDEACH, ACMHAINNÍ DAONNA & TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Sonraí na Comhdhála	Suíomh	Dáta	Líon Toscairí	Caiteachas
Annual Conference of Association of County & City Councils	Cill Chainnigh	2 - 3 Aib	1	€320.05
Ethical Development Action Annual Conference	Corcaigh	3 Aib	1	€335.65
Public Relations & Media	Leitir Ceanainn	3 – 5 Aib	1	€883.96
LAMA Conference	Port Laoise	16 – 17 Aib	12	€3,574.74
How to Run a Winning Campaign	Baile Mhic Gormáin	17 – 18 Aib	1	€373.57
National Planning Conference	Loch Garman	23 – 24 Aib	1	€925.02
25th Annual Environmental Conference	Carraig Uí Leighin	7 – 8 Beal	3	€1,971.80
IPB Vote	Baile Átha Cliath	13 Beal	1	€150.84
Alcohol & Drug Abuse	An Gleann Garbh	15 – 17 Beal	2	€1,525.71
National Sustainable Building Conference 2009	Dún Laoghaire	27 Beal	1	€667.24
Supporting Family Carers	Baile an Ghearlánaigh	29 – 31 Beal	1	€494.08
Gender Culture & Identity	Luimneach	10 – 11 Meith	1	€242.10
Poverty & The Life Cycle in 20th Century Ireland	Baile Átha Cliath	16 Meith	1	€135.41
Byrne Perry Summer School	Guaire	26 – 28 Meith	1	€250.48
From the Canvass to the Council Chamber	An Sciobairín	3 – 5 Iúil	8	€5,708.33
Effective Local Government Policy Making in the Current Climate	An Sciobairín	10 – 12 Iúil	1	€532.88
Richard Cantillon Summer School	Baile Uí Thaidhg	15 – 17 Iúil	1	€520.92
MacGill Summer School	Na Gleannta	19 – 24 Iúil	14	€14,545.35
Effective Communications	Gaillimh	31 Iúil - 2 Lún	2	€1,237.20
Renewabel Energy & Energy Conservation	Cathair na Mart	7 – 9 Lún	2	€1,239.30
The Parnell Summer School	Abhóca	9 – 14 Lún	3	€2,746.38
Water Resources	Na Forbacha	14 – 16 Lún	1	€581.45
Merriman Summer School	Inis	16 – 22 Lún	5	€4,130.20
Humbert School	Maigh Eo	20 - 23 Lún	1	€739.09
Irish Language Course for Councillors	Gaoth Dobhair	28 – 30 Lún	2	€1,657.31
Annual Craft Fair	Baile Átha Cliath	26 Lún	1	€132.46
Planning & The European Law	Port Láirge	4 – 6 MF	3	€570.04
Planning & Development (Amendment) Bill 2009	Gaillimh	18 – 20 MF	1	€561.52
Governance Training Seminar for Elected Members	An Clochán	18 – 20 MF	2	€1,665.31
Association of Municipal Authorities	Cill Airne	20 – 22 MF	4	€2,911.88
Community Folklore Recording Conference	Cill Airne	24 MF	3	€1,291.56
Seminar on Local Government	Luimneach	25 – 26 MF	4	€1,639.39
7th National Tourism Conference	Ceatharlach	24 – 26 MF	1	€455.71
Induction Training for Newly Elected Members	Maigh Nuad	30 MF	1	€87.50
2009 La Touche Legacy Seminar	Na Clocha Liatha	2 – 4 DF	2	€1,072.27
Southern & Eastern Regional Assembly - 10th Annual Conference	Baile Átha Troim	2 DF	2	€536.31
Reducing Drug and Alcohol Related Harm	Cill Airne	8 – 9 DF	1	€678.28
Business in the Environmental Goods & Services Sector	Cill Airne	8 – 10 DF	2	€868.83
Blackwater Valley Tourism Conference	Mala	8 – 10 DF	2	€721.14
Challenged Local Authorities Promoting Community Development	Gaillimh	16 – 18 DF	1	€495.57
Dr. Douglas Hyde Conference	Bealach an Doirín	16 – 18 DF	3	€1,413.48
Research Report on Interculturalism	Baile Átha Cliath	21 DF	1	€132.46
Voluntary Housing & Sheltered Accommodation for the Elderly	Trá Lí	23 – 25 DF	3	€2,042.54

Sonraí na Comhdhála	Suíomh	Dáta	Líon Toscairí	Caiteachas
Health & Safety Training Seminar	Carraig na Siúire	30 DF – 1 Samh	1	€414.47
Public Policy Making & The Councillor	Cathair na Mart	30 Oct – 1Samh	5	€3,102.09
Plan Expo	Baile Átha Cliath	4 Samh	1	€132.56
12th Annual Céifin Conference	Inis	3 – 4 Samh	2	€1,346.88
LAMA Annual Winter Conference	Luimneach	6 – 7 Samh	9	€3,667.60
Local Government Ethics in Public Life - Your Responsibility	Sligeach	12 – 15 Samh	8	€4,644.01
Outreach Queens University	Béal Feirste	15 - 16 Samh	1	€446.76
Local Government Planning & the Environment	Gaillimh	20 – 22 Samh	3	€420.00
Crimes Against Women	Trá Lí	20 Samh	1	€364.27
Start Your Own Business	Ros Comáin	23 Samh	1	€188.13
Climate Change Lecture	Baile Átha Cliath	24 Samh	1	€132.46
A National Tourism Conference	Inis Díomáin	26 – 28 Samh	7	€4,447.62
Finance Budgets for 2010 Plus	Bun Clóidí	27 – 29 Samh	2	€911.99
Representatives Entitlements – The Legal Basis	Gaillimh	8 – 9 Noll	3	€1,182.50
Local Government Budget	Bun Clóidí	11 - 13 Noll	1	€496.96
Alternative Energy - Improving your Carbon Footprint	Gaillimh	11 – 13 Noll	5	€1,993.54
Equality & Diversity	Trá Lí	18 – 20 Noll	8	€4,053.16

Iomlán - €139,815.62

Coiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta & Sóisialta

Cathaoir: John Moran M.C.C.

Baill	Ranna
Willie Aird, M.C.C.	Pat Flanagan
Brian Stanley, M.C.C.	Mick Dowling
James Daly, M.C.C.	Miriam Hamilton
Mary Sweeney M.C.C.	Michael Kelly
Catherine Fitzgerald M.C.C.	
Rosemary Whelan, Mountmellick T.C.	

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin: Martin Daly

Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin: P.J. empsey

Oibrí Sinsearach Sóisialta: Fionnuala Daly

Sé príomhaidhm Chomhairle Chontae Laoise ná infhaighteacht lóistín a dhéanamh chomh mór agus is féidir chun na ranganna difriúla riachtanais a shásamh agus chun an réimse iomlán roghanna tithíochta a chur chun cinn.

Príomhphointí i rith 2009

- Cuireadh 71 aonad tithíochta ar fáil
- Críochnaíodh 60 aonad tithíochta deonacha i Maighean Rátha agus i gCúil an tSúdaire
- Críochnaíodh obair ar scéim €6m chun Oakleaf Place, Cnoc Maí, Port Laoise a athchóiriú agus a athghiniúint
- Cuireadh tús le hobair ar shuíomh áis phobail i gCnoc Maí i gcomhpháirtíocht leis an bpobal.

Tuarascáil ar SPC

Tháinig an SPC Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha le chéile i mí an Mhárta 2009. Mar gheall ar thoghcháin an Rialtais Áitiúil a reáchtáladh i mí an Mheithimh, 2009, bunaíodh coiste nua agus scaradh an SPC Tithíochta ón SPC Cultúrtha. Tháinig an SPC Tithíochta & Sóisialta le chéile i mí na Nollag, 2009 agus chuir siad plean oibre le chéile do 2010.

Scéim do Lóistín ar Cíos

Is tionscnamh rialtais é an Scéim do Lóistín ar Cíos chun riachtanais na ndaoine a shásamh atá ag fail liúntas cíosa thar thréimhse fhada agus go bhfuil gá le tithíocht thar thréimhse fhada acu. Tá i gceist go soláthróidh an scéim foinse breise lóistín d'ard chaighdeán ar chíos le haghaidh daoine intofa agus freagra Comhairle Chontae Laoise a fheabhsú i dtaobh riachtanas tithíochta fhad téarma a shásamh.

Tá breis eolais maidir leis an scéim le fáil ar www.laois.ie.

Socruithe um Léasadh Sóisialta

Le faomhadh na Roinne, chuaigh Comhairle Contae Laoise i mbun socruithe léasaidh le Cumann Tithíochta Cluid chun 42 aonad tithíochta sóisialta a léasadh faoi shocrú fadtéarmach léasaidh agus chun 14 aonad a léasadh faoin Scéim um Chíos Cóiríochta d'iarrthóirí ar Liosta Feithimh na Comhairle.

Tógáil & Éadáil Tithíochta

Tithíocht i gCam Ros

I rith na bliana, tógadh nó ceannaíodh 71 teach faoin gClár seo. Is é seo a leanas an briseadh síos:

Ceannach aonad aonair	12 aonad
Ceannach áiteanna cónaithe dara láimhe	11 aonad
Áiteanna Cónaithe Tuaithe	3 aonad
Aonaid Chuid V	45 aonad
IOMLÁN	**71 aonad**

Ba é €13,285,000 an Riar Caipitil do 2009 agus úsáideadh an tsuim seo go léir.

Achoimre ar an gClár

Tithe á dtógáil ag 01/01/2009	61
Tithe a tosaíodh i 2009	32
Tithe a chríochnaíodh i 2009	71
Tithe á dtógáil ar an 31/12/2009	22

(Tá idir tithe in-dí-shuite, tithe á gceannach dara lámhach agus éadáil Cuid V san áireamh san achoimre thuas.)

Tionscnamh Forbartha Cnoc Maighe

Tá Comhairle Chontae Laoise ag tabhairt faoi ath-fhorbairt ar Eastáit Chnoc Maighe i bPort Laoise. Tá Máistir-Phlean ullmhaithe agus h-aontaíodh leis tar éis comhairliúcháin fhorleathan le gach scair-shealbhóir cuí.

Críochnaíodh Céim 1/an Clár Píolótach ag Oakleaf Place i mí na Nollag 2009. Áiríodh leis na hoibreacha fisiciúla feabhsúcháin leis na tithe, scartáil agus athchur roinnt áiteanna cónaithe, baint caolsráideanna, athdhearadh spásanna oscailte agus tógáil bhallaí teorann.

Plás Oakleaf, Cnoc Maí

Tógáil Phobail agus Ionad Chúram Leanaí

Shainaithin an Máistirphlean d'athfhorbairt fhisiciúil agus shóisialta Chnoc Maí an gá le foirgneamh poiblí a chuirfidh na seirbhísí atá ag teastáil ar fáil go háitiúil. Príomhghné den fhoirgneamh is ea an áis chúram leanaí, ag leibhéal réamhscoile agus tar éis scoile.

Cuirfidh an foirgneamh clinicí FSS, Seirbhísí Acmhainne Teaghlaigh, oifig Údaráis Áitiúil, Café don Óige agus seomra ilfheidhme do chruinnithe agus d'imeachtaí sóisialta agus oideachais ar fáil chomh maith. Tá Foirgneamh Pobail agus Ionad Chúram Leanaí Chnoc Maí ina príomhghné in athfhorbairt shóisialta Chnoc Maí agus i soláthar réimse leathan seirbhísí sóisialta do mhórcheantar Phort Laoise. Tacaíonn Ionad Acmhainní Teagh-laigh, HSE, Comhpháirtíocht Laoise, Pobal, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Comhairle Contae Laoise leis an bhforbairt. Síníodh an conradh do thógáil an fhoirgnimh i mí na Samhna 2009.

Cothabháil Stoc na nÚdarás Áitiúil

Bhí 2,003 tigh i stoc ar chíos ag an gComhairle ag an 31ú Nollag, 2009 agus bhí 98% díobh amuigh ar chíos ag deireadh na bliana. Le linn na bliana 2009, bhí 3,520 iarratas deisithe faighte ag an Rannóg Cothabhála agus bhí 3,018 díobh críochnaithe (85.7%).

Cuid V – Straitéis Tithíochta

De réir Chuid V den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000, tógadh 65 n-aonad tithíochta (45 sóisialta agus 20 inacmhainne) ar fud an chontae in 2009.

An Earnáil Tithíochta Deonach

Tá ról tábhachtach i gcónaí ag an Earnáil Deonach ag cabhrú chun na riachtanais lóistín a shásamh i Laois. Chríochnaigh Cumann Tithíochta Respond! obair ar 20 aonad i 2009 i Maighean Rátha. Críochnaigh Cumann Tithíochta an Chlúid obair ar 40 gcinn de aonaid i gCúil an tSúdaire.

Tithíocht In-acmhainn

Críochnaíodh aonaid tithíochta in-acmhainne i rith na bliana ag na háiteanna seo a leanas:

Port Laoise	10 units
Maighean Rátha	8 units
Part Vs	20 units
Iomlán	38 units

Tá tithe le díol faoi láthair i bPort Laoise.

Tithíocht Inacmhainne i sráidbhaile Maryborough, Port Laoise

Scéim na Suíomh Príobháideach

Bhí líon suíomh príobháideacha curtha ar fáil i mBaile an Chaisleáin tar éis do Bhaill Chomhairle Chontae Laoise Scéim Díolachán Suíomh a thabhairt isteach i 2006. Is é costas ceannaithe na suíomh seo ná: Bhaile an Chaisleáin - €55,500, Bhaile Ruadháin - €57,000 agus Cluain na Slí - €48,000,

ach d'fhéadfadh roinnt iarrthóirí bheith in ann iad a cheannach ar €23,700 má táid i dteideal fhóirdheontas suímh. Ba chóir dóibh san go bhfuil suim acu ina leithéid teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Tithíochta le haghaidh sonraí.

Gníomhaíocht faoi Scéimeanna Éagsúla

Síntí le Tithíocht Údarás Áitiúil:

Tosaithe	5
Críochnaithe	12

Oibreacha Feabhsaithe in ionad Tithíocht Údaráis Áitiúil:

Tosaithe	2
Críochnaithe	3

Deontais do Dhaoine le Míchumas Orthu:

Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	23
(Iomlán €)	411,387

Deontais na n-Deisiúchán Riachtanach:

Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	5
(Iomlán €)	30,550

Deontas d' Athrú Tithíochta le haghaidh Daoine le Míchumas Orthu:

Iarratais faighte	30
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	66
(Iomlán €)	841,110

Scéim Deontais Tithíochta :Cabhair Shoghluaiste

Iarratais faighte	36
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	36
(Iomlán €)	154,847

Scéim Cúnamh Teaghlaigh le haghaidh Daoine Níos Sine:

Iarratais faighte	20
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	49
(Iomlán €)	274,461

Scéim Ceannaithe do Thionóntaí:

Iarratais Faighte	23
Tithe Díolta	6

Iasachtaí Úinéireacht Roinnte:

Iarratais Faighte	20
Idirbhirt Chríochnaithe	14

Scéim Liúntais Morgáiste

Iarratais Faighte	15

Cíos Tithíochta

Déanann an Chomhairle athbhreithniú ar a Scéim Cíos Difreálach ar bhonn bhliantúil. Ba é €40.68 an meánchíos seachtainiúil in 2009. Fuarthas ioncam os cionn €3.96m ó chíos. Bhí céatadán an ráta bailithe 94%.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Caithfidh an Chomhairle clár chúig bliana a chur ar fáil maidir le bainistiú agus soláthar chóiríocht don lucht siúil. Ghlac an Chomhairle leis an gClár reatha i mí Eanáir 2009 agus ritheann sé ó 2009 go 2013. Réitíodh an Clár Cóiríochta don tréimhse 2009 – 2013 de réir na bhforálacha a leagtar amach in Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998.

Freastalaíonn sé ar riachtanas (reatha) 37 teaghlach agus 18 dteaghlach a mheastar a mbeidh riachtanas acu.

Tagann an Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile ar a laghad ceithre huaire sa bhliain

Bainistíocht Eastáit

Bhí forbairt leanúnach ar siúl ar pholasaí na Comhairle sa bhliain 2007 ar rannpháirtíocht na gcónaitheoirí i m-Bainistíocht Eastáit agus déileáladh le gnéithe mar:

- Bainistíocht Eastáit
- Cothabháil Ghinearálta
- Modhanna Ceansaithe Tráchta
- Iompar frith-shóisialta

Soláthraíodh réamh-chúrsaí agus lámhleabhair tionónta do gach tionónta nua.

Comórtas don Eastát is fearr 2009

Catagóir A: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte sa bhreis ar 10 mbliain

An Chéad Duais: Radharc na Coille, An Sráidbhaile. Bronnadh teastas agus seic do €400.00

Dara Duais: Corrán Parnell, Port Laoise. Bronnadh teastas agus seic do €200.00

Catagóir B: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte idir 3-10 mbliana

An Chéad Duais: Radharc Shliabh Bladhma, Buiríos Mór Osraí, Bronnadh teastas agus seic do €400.00

Catagóir C: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte níos lú ná 3 bhliain

An Chéad Duais: Churchfield Heights, Baile an Chaisleáin, Bronnadh teastas agus seic do €400.00

Duais Speisialta: Eastát a chuir an feabhas is mó ar an áit

Clós Chlann Mhaoilíora, Cúil an tSúdaire. Bronnadh teastas agus seic do €200.00

Tithíocht Deonach i gClann Mhaoilíora

I 2009, bhí 75 Comhchaidreamh Áitreabhach ag fail tacaíochta ón Roinn Tithíochta.

Táscairí Náisiúnta Seirbhíse – Éifeachtach ón 1 Eanáir, 2009

31/12/2009

H: Tithíocht

Folúntais Thithíochta

Líon iomlán áiteanna cónaithe i stoc an údaráis áitiúil:	2003
Líon iomlán áiteanna cónaithe seachas iad siúd atá faoi réir tionscadal móra athchóirithe:	2003
% iomlán áiteanna cónaithe atá folamh (seachas iad siúd atá faoi réir athchóirithe mór):	1.55%
% d'áiteanna cónaithe folmha nach bhfuil ar fáil le ligean:	67.70%
% d'áiteanna cónaithe folmha atá ar fáil le ligean:	32.30%

H. 2 Méid ama a thóg sé, ar an meán, na lóistíní ar fáil le haghaidh ath-chíosa a chur amach ar chíos arís:

Am tógtha ó fhógraíocht an dáta scoir go dtí an dáta go bhfuil gach deisiú riachtanach déanta atá measta a bheith déanta chun an lóistín a chur amach ar chíos arís:	18 weeks
Am tógtha ó oibreacha a bheith críochnaithe suas chuig dáta an chéid dochar cíosa:	3 weeks

H. 3 Líon athchóirithe a cuireadh i gcrích mar chéadatán líon na n-iarratasbailí a fuarthas: 85.6%

H. 4 Lucht Táistil Áitiúil:

Líon iomlán na dteaghlach taistil a fuair cóiríocht mar chéadatán na spriocanna i gClár Cóiríocht um an Lucht Táistil Áitiúil	2 (160%)

H.5. Cur-i-bhfeidhm na gcaighdeán ins an earnáil phríobháideach ar chíos:

Méid iomlán na dtionóntaí cláraithe:	2120
Méid na n-aonad cónaithe gur déanadh cigireacht orthu:	18
Méid na cigireacht déanta:	28
Méid na lóistíní gur déanadh cigireacht orthu mar % des na tionóntachtaí cláraithe:	0.85%

H. 6 Deontais chun tithíocht a athrú le haghaidh riachtanais na ndaoine le míchumas orthu:

Méid ama tógtha, ar an meán, (i seachtainí) chun a chur in iúl do iarrthóirí faoi bhreith faoi Scéim deontais Cúnaimh So-ghluaiseachta ón uair a fhaightear iarratas bailí:	1
Méid ama tógtha (i seachtainí) chun a chur in iúl do iarrthóirí faoi bhreith faoin Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine le Míchumas Orthu nuair a bhfaightear iarratas bailí:	2.5

H. 7 Traenáil do Thiontaithe:

Fán gcéad iomlán na dtionóntaí áitiúla nua a chríochnaigh traenáil réamh-tionóntactha: 65.27%

Rev: Bailiú Cánach

Rev. 1: Céatadán Riaráistí Cíosa

(a) Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid atá le teacht: 94%

(b) % na riaráiste:	4-6 seachtain d'aois	10.50%
	6-12 seachtain d'aois	12.93%
	Tharr 12 seachtain d'aois	66.42%

Rev. 2: Iasachtaí Tithíochta

(a) Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid atá le teacht: 90%

(b) % na riaráiste:	1 mí d'aois	3%
	2 – 3 mhí d'aois	14%
	thar 3 mhí d'aois	83%

ACMHAINNÍ DAONNA

Staitisticí Earcaíochta

Bhí 508 duine fostaithe ag Comhairle Chontae Laoise ar an 31ú Nollaig, 2009.

Le linn 2009, bhí 5 comórtas ar siúl ag Comhairle Chontae Laoise agus tógadh na staitisticí seo a leanas astu:

Méid Iomlán na n-iarratas a fuarthas: 23

	Fir	Mná
Iarrthóirí	23	0
Iarrthóirí Gur Éirigh Leo	7	0

Ceapacháin Seasta/Arduithe Céime 2009

	Fir	Mná
Ceapacháin	6	3
Ardú Céime	8	1

Tionscnaimh Cothromaíochta an t-Saoil Oibre

Ag deireadh na bliana, bhí 9 bhfostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Ghairme, bhí 27 fostaí ag baint úsáid as an scéim roinnte poist/oibre, bhí 19 fostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Tuismitheoirí agus bhí 10 fostaí ag baint úsáid as Am Téarma.

Denis McLoughney (ar dheis), Seirbhísí Uisce, ag ócáid dá imeacht ar phinsin maraon le Mary Donohue, Seirbhísí Uisce agus Peter Carey, Bainisteoir Contae.

Comharthaí Náisiúnta Comhlíonta

Chuaigh an Chomhairle thar an teorainn 3% den Comhartha Náisiúnta Comhlíonta le haghaidh caiteachais ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pa rolla iomlán 2009. Bé 4.10% an toradh.

Caiteachas ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pá rolla iomlán.

2008	2009
4.61%	4.10%

Indáil leis na laethanta oibre a cailleadhmar gheall ar shaoire dheimhnithe agus eamhdheimhnithe sead iad na staitisticí.

	2008	2009
Le Teastas	4.75%	3.81%
Gan Teastas	0.38%	0.44%

Comhartha na Seirbhíse Áitiúla

Méid Laethanta Traenála soláthraithe don bhfoireann – 1202

Caidreamh Tionsclaíoch

Mar thoradh ar ghníomh stailce na gComharchumann Seirbhíse Poiblí ar fud na seirbhíse poiblí ar fad, tharla stop oibre lá amháin an 24 Samhain, 2009.

Traenáil & Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Chontae Laoise dírithe ar ár bhfostaithe go léir a thraenáil agus a fhorbairt i gcomhthéacs spriocanna agus aidhmeanna na Comhairle a chur i gcríoch agus scileanna na bhfostaithe a fhorbairt. Tá Comhairle Chontae Laoise ag déanamh a díchill feabhas leanúnach a bheith i seachadadh na seirbhíse trí fhorbairt phearsanta a chuid fostaithe.

Tá an clár traenála bliantúil bunaithe go h-áirithe ar riachtanais traenála an duine aonaraigh a aithnítear trí Phleananna Forbartha Pearsanta na foirne mar chuid den bpróiseas CBFG. Tá gnéithe san Clár, chomh maith, mar Riachtanais Sláinte & Sábháilteachta, Clár Filleadh ar an Fhoghlaim, Clár Foghlamtha Oscailte an Tríú Leibhéil agus Seimineár/Saotharlanna éagsúla de réir mar a dtagann siad.

Bhí clár traenála an-chuimsitheach seachadta le linn 2009. Bhí caiteachas de €320,000 ar an dtraenáil. Tá sampla des na cláir thraenála a sholáthraíodh mar seo a leanas:-

- Oiliúint Forfheidhmiú Pleanála
- Garchabhair
- Seisiúin um Choimriú Beartais an Rialtais Áitiúil
- Pas Sábháilte
- Oiliúint Mheasúnóra VDU
- Rothaí Scríobacha
- Oiliúint um Bainistiú Tráchta
- Excel
- Soilsiú & Gardáil Comharthaí
- Oiliúint um Cheadúnas EC

Clár Foghlamtha Oscailte

Déanann Comhairle Chontae Laoise a dícheall fostaithe a éascú go dteastaíonn uatha Cúrsaí Foghlamtha Oscailte Tríú Leibhéal a dhéanamh, a bhaineann leis, agus a chabhraíonn le forbairt ghnó na Comhairle, agus le gnó agus le freagracht an oibrí, chomh maith.

Seo a leanas samplaí de na cláir Foghlaim Oscailte a éascaítear:-

- IPA – Teastas, Dioplóma & Céim i Staidéir Rialtais Áitiúil
- OÉ Gaillimh – Dioplóma sa Ghaeilge
- DCU/LGMSB – Céim Mháistreachta i Riarachán Gnó
- OÉ Mhaigh Nuad – Dioplóma i mBainistíocht Chéad Líne
- UCD – Teastas i Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair

Ard Caighdeán Feabhais Trí Dhaoine

Tá an creidiúnú Ard Caighdeán Feabhais Trí Dhaoine mar chaighdeán náisiúnta na hÉireann le haghaidh fhorbairt Acmhainn Daonna. Tá an duais bainte amach ag eagraíochtaí go bhfuil na córais Acmhainn Daonna is fearr cleachtais ar bun acu, go háirithe ins an aicme traenála agus forbartha foirne, cumarsáid, agus rann-pháirtíocht na bhfostaithe i bpróiseas na mbreitheanna san eagraíocht.

Bhuaigh Comhairle Chontae Laoise an duais seo ar dtúis i 2005. Bronnadh an duais seo i 2008 do thréimhse breise 2 bhliain agus tá athbhreithniú le bheith déanta air i 2010. Tá an duais ard stádais seo mar éacht iontach ag na fostaithe. Is bailíochtú eachtrach é rite ag FÁS agus déanann sé imlíniú ar thiomantas agus ar iarracht na bhfostaithe go léir i dtaobh a gcuid fhoghlama féin agus a bhforbairt phearsanta i dteannta lena rannpháirtíocht, mar dhaoine aonaracha agus mar chuid de fhoireann, san fheabhsú leanúnach in oibríocht seirbhísí agus aidhmeanna na n-eagraíochta.

Polasaithe Foirne

D'fhorbair Comhairle Chontae Laoise réimse polasaithe foirne i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr i m-Bainistíocht Acmhainn Daonna – tugadh iad seo a leanas isteach le linn 2009:

- Treoirlínte do Chosaint Leanaí
- Beartas Máithreachais
- Beartas um Dhrugaí agus Alcól

Comhionannas

Is fostóir comhionannais atá i gComhairle Contae Laoise agus tá sí tiomanta do réimse leathan bearta, cleachtas agus modhanna oibre a thabhairt isteach a dhíríonn ar ranníocaíocht agus feidhmíocht aonair a aithint, a fhorbraíonn cumas gach duine agus a thugann deis chothrom do gach duine a t(h)alann a úsáid agus a c(h)umas a fhíorú.

Tá Foireann Ghníomhaíochta Chomhionannais ann, a oibríonn ar son leasa an lucht bainistíochta agus na bhfostaithe, chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus baint amach chuspóirí comhionannais a chinntiú.

Ag Tacú le h-Éagsúlacht

Tugann Comhairle Chontae Laoise tacaíocht do fhostaíocht daoine le míchumas orthu agus baineann sí amach a sprioc mar atá leagtha amach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. D'éascaigh Comhairle Chontae Laoise, i dteannta le Gníomhaireacht Fostaíochta Lár na Tíre roinnt áiteanna taithí oibre do dhaoine le míchumas orthu le linn 2009.

Tionscadal Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais

Tá an Tionscadal Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais i gComhairle Contae Laoise mar chuid de thionscadal náisiúnta atá á fhorfheidhmiú ag 27 n-údarás áitiúil agus a gComhairlí Baile. Tá an tionscadal seo á fhorfheidhmiú in dhá chéim. I gCéim 1 tugtar isteach croímhodúil maidir le Struchtúr Eagraíochta, Párolla, Am agus Freastal, Aoisliúntas agus Earcaíocht agus measadh go gcríochnófaí é faoi Mheitheamh 2010. I gCéim 2 forfheidhmeofar Sláinte agus Sábháilteacht, modúil PMDS agus Oiliúna agus meastar go mbeidh sé críochnaithe faoi dheireadh 2010.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE & CUMARSÁIDE

In 2009, in ainneoin na srianta buiséid, lean an rannóg TFC ar aghaidh ag cur na dteicneolaíochaí is nua chun cinn i gceantar an údaráis áitiúil. Is féidir na príomhthionscadail a raibh an rannóg TFC bainteach leo a ghrúpáil faoi dhá phríomh-cheannteideal – Riarachán Gréasáin agus Córais Faisnéise Geografaí (G.I.S.)/Bogearraí.

Riarachán Gréasáin

Phróiseáil an rannóg 2,138 glaoch tacaíochta ó Úsáideoirí i rith 2009, a bhain le réimse leathan saincheisteanna Crua-earraí & Bogearraí. Logáladh glaonna chuig ár gcóras sa deasc chabhrach agus déileáladh leo ar bhealach eagraithe. Ginneadh tu-arascálacha i rith na bliana chun éifeachtachtaí a fheabhsú níos mó sa cheantar seo.

Chríochnaíomar suiteáil nasc 50Mb le Gréasáin Magnet in 2009. Chuireamar tús chomh maith le comhaontú nua le hEircom do nasc 10Mb chun nasc athléimneach a chur ar fáil do ghréasán na Comhairle. Ina theannta sin, coimisiúnaíodh LAN Comms chun balla dóiteáin iomarcach a shuiteáil chun ár lamháltas lochtanna a bhreisiú tuilleadh.

Leanamar ar aghaidh le caighdeánú ár ngréasán nasc le hoifigí ceantair agsu faoi láthair tá 19 acu seo déanta. Tá na suíomhanna atá fágtha ag fanacht le hinfhaighteacht DSL agus déanfar caighdeánú orthu de réir a chéile.

Críochnaíodh Leabharlann Bhaile Uí Laigheanáin in 2009 agus suiteáladh ríomhairí poiblí agus ceangal le LAN na comhairle.

Críochnaíodh obair ar áiseanna nua d'Oifig Cheantair Chúil an tSúdaire, Oifig Cheantair an tSráidbhaile agus aonaid Leasa Foirne i gCúil an tSúdaire agus i Móinteach Mílic. Thosaigh oibreacha ar áiseanna leasa i bPort Laoise agus ar uasghráduithe leis an monarcha séarachais i Móinteach Mílic.

Leanadh le huasdhátuithe frithvíris i rith 2009 mar aon le cúltacú laethúil ar ár sonraí. Cúltacaíodh roinnt córas ar bhonn uaire d'eolas níos tábhachtaí. Úsáideadh téip leabharlainne LT04 chun cumas ár gcúltacaí a shíneadh chun freastal ar fhás i gcomhaid eolais cosúil le híomhánna agus físeán ardtaifeacha.

Cuireadh go mór le húsáid na gcóras feidhmíochta deisce le húsáid ár bhfreastalaí SMS agus athsuiteáladh os cionn 100 deasc le bogearraí nua ag úsáid na huirlise seo. Bhog an eagraíocht a príomhfheidhm oifige go dtí an leagan is déanaí roimh dhul as feidhm ár gcomhaontú fiontair le Microsoft.

Críochnaíodh tairiscintí chun ár n-áiseanna priontála/cóipeála/scanála a athrú go mór, mar chuid d'iarracht chun na hacmhainní seo a chóimheas chun costais a laghdú. I rith na chéad céime den phróiseas seo, fuarthas go bpriontálann Comhairle Contae Laoise timpeall 2.5 milliún leathanach in aghaidh na bliana, agus is leathanaigh dhaite 10% díobh. Dheimhnigh tríú páirtithe go raibh na huimhreacha seo de réir na gcaighdeán tionscail d'eagraíocht den mhéid seo.

Córais Faisnéise Geografaí (G.I.S.)/Bogearraí

Tá G.I.S. fós ina theicneolaíocht thábhachtach d'údaráis áitiúla chun anailís a dhéanamh ar shonraí le gné gheografach. In 2009, rinneadh feabhsúcháin le roinnt ranna. In 2009, tugadh isteach leagan 2.2 de Maproad, lenar áiríodh feabhsúcháin ar fheidhmiúlacht reatha le modúil bhreise cosúil le Trácht ar Bhóithre agus bainistiú bóithre.

In 2009, úsáideadh AutoCAD 2010 civil 3D a cheadóidh forbairt agus dearadh intí bóithre/feabhsúcháin bhóithre. Áiríodh sa táirge seo ár sraith cheadúnais ghréasáin de Autodesk.

Ainmníodh Laois arís do ghradam faoi ghradam eRialtais áitiúil na hÉireann. Fuarthas an t-ainmniúchán mar aitheantas ar ár suíomh inlín nua Isteach. Cruthaíodh an suíomh in SharePoint 2007 agus feabhsóidh sé cumarsáid ar fud na heagraíochta le mórfheabhsúcháin i ndearadh agus in inrochtaineacht. Táthar ag súil go laghdóidh an suíomh seo an méid páipéir a úsáidtear agus go gceadóidh sé sruthanna oibre a thabhairt isteach agus déanfar bainistiú níos fearr ar thionscadail dá bharr.

Leanadh le hoiliúint ar bhaill foirne maidir le hábhar an chórais bhainistithe a cheadaíonn do gach rannóg a n-ábhar a uaslódáil ar ár láithreán gréasáin www.laois.ie. Rinneadh roinnt breisithe le hinrochtaineacht ár láithreán gréasáin agus leanfar le hobair sa bhliain atá amach romhainn i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais.

Cuireadh deireadh in 2009 leis an gcomhaontú fiontair le Microsoft le ceannach amach ár gceadúnais reatha lena n-áirítear Microsoft Office 2007 ar fad.

Forbairt Pobail agus Eacnamaíoch, Coiste um Beartas Straitéiseach Cultúir & Oidhreachta

Stiúrthóir Pobail & Fiontair, Forbairt Eacnamaíochta & an Contae a Chur Chun Cinn:
Declan Byrne

Cathaoir: Michael Lalor, M.C.C.

Baill

John King, M.C.C.
John Bonham, M.C.C.
James Deegan, M.C.C.
Paul Mitchell, M.C.C.
Padraig Fleming, M.C.C.
Rotimi Adebari, M.C.C.
Alan Hand, T.C.

Ranna

Miriam Hamilton
Margaret Ryan
Kathleen Gorman
Fintan Phelan

Bord Forbartha Contae Laoise

In 2009 rinne Bord Forbartha Contae Laoise athbhreithniú ar a Straitéis "Realising our Potential" don tréimhse 2009-2012. D'aontaigh an Bord trí chuspóir nua a liostaítear thíos mar aon le liosta gníomhartha a réitíodh le seachadadh sna trí bliana amach romhainn.

- Deiseanna Fostaíochta a Bhreisiú do Chách.
- Laois a chur chun cinn mar Chontae Neamhdhíobhálach do Leanaí.
- Coinneoidh agus forbróidh Laois inmharthanacht a bhailte agus a shráidbhailte.

Bunaíodh trí Thascghrúpa nua – Tascghrúpa Forbartha Eacnamaíoch, Tascghrúpa Leanaí & Daoine Óga, Tascghrúpa Inmharthanachta Baile & Sráidbhaile.

Tar éis na dtoghchán i Meitheamh 2009 athbhunaíodh ballraíocht Bhord Forbartha an Chontae.

Ballraíocht an Bhoird

Rialtas Áitiúil:
John Moran, MCC., Chairperson Laois County Development Board.
Peter Carey, Laois County Manager.
Martin Phelan, M.C.C.
Michael Lalor, MCC.
James Daly, MCC.
Paddy Bracken, MCC.
John Joe Fennelly, MCC.

Forbairt Áitiúil:
Maria Callinan, Laois Enterprise Board.
Lena Ging, County Enterprise Board.
Anne Goodwin, Laois Partnership Company
Paddy Buggy, Laois Partnership Company
Fionn Bardon, Laois Childcare Committee

Gníomhaireachtaí Stáit:
Mary Delaney, HSE Midlands.
Anne O' Keeffe, Laois VEC.
Pat Campbell, FAS.
Con Feighery, Teagasc.
Barry Egan, Enterprise Ireland.
Gillian Maunsell, IDA Ireland.
Eugene Rafferty, Department of Education and Science.
Chief Supt. Pat Moore, Garda Siochana.
Kevin Kidney, Failte Ireland.

Páirtithe Sóisialta:
Margaret Ryan, Business Sector.
Miriam Hamilton, Trade Union Sector.
Maria Groarke, Laois Community Forum
Kathleen Gorman, Laois. Community Forum.
Theresa Carter, Environmental Pilar.
Michael Bergin, Farming & Agricultural Sector.

I rith 2009, reáchtáil Bord Forbartha Contae Laoise 4 chruinniú, agus tháinig na Tascghrúpaí le chéile ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis an Bhoird agus gníomhartha a sainaithníodh sa straitéis a fhorfheidhmiú.

Ag Comhdháil Bhliantúil an Bhoird, rinne na daoine seo a leanas cur i láthair chuig an Bord:

- An tAthair Peter McVerry S.J. – Peter McVerry Trust.
- An tAthair Sean Healy, Stiúrthóir Social Justice Ireland.
- An tUasal Ian Talbot, Príomhfheidhmeannach Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann.
- An tUasal Jim Power, Príomheacnamaí Friends First.

An Grúpa Oibre um Beartais Chuimsiú Sóisialta

In 2009 athbhunaíodh ballraíocht an Ghrúpa S.I.M. Tá an Grúpa S.I.M. freagrach as comhtháthú a fhorbairt i seachadadh seirbhísí do ghrúpaí atá eisiata go sóisialta. Reáchtáil an grúpa Lá Gréasánú chun dífhostaíocht a phlé agus i láthair bhí réimse leathan gníomhaireachtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí do dhaoine atá dífhostaithe i gContae Laoise.

Gréasán Áitiúil Drugaí Laoise

Le cuidiú le Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí Lártíre, bunaíodh Coiste Áitiúil um Gréasán Drugaí sa chontae. Oibríonn an coiste chun feasacht a ardú i ndul i ngleic le mí-úsáid substainte sa chontae le cur chuige ilghníomhaireachta.

Tá ionadaithe ó na gníomhaireachtaí seo a leanas ar an gcoiste:

Comhairle Contae Laoise, Comhpháirtíocht Laoise, FSS, Coiste Gairmoideachais Laoise, An Garda Síochána, Youthwork Ireland, Merchants Quay Ireland, Cul le Cheile, The Block Project agus Ionadaithe Poiblí.

Grúpa Tacaíochta do Mhionlaigh Eitneacha Laoise

Ó bunaíodh é in 2003, tá Grúpa Tacaíochta do Mhionlaigh Eitneacha Laoise ag obair le grúpaí agus pobail eitneacha sa chontae chun tacaíochtaí agus deis a thabhairt dóibh bheith páirteach in imeachtaí cultúrtha sa chontae. Tháinig an grúpa le chéile ar bhonn míosúil, agus tá sé mar aidhm acu idirchultúrachas a chur chun cinn i Laois agus tacaíocht a thabhairt do bhaill na bpobal mionlach eitneacha sa chontae.

Áirítear leis na gníomhaíochtaí:

Seisiúin eolais do bhaill, teagmháil le gníomhaireachtaí a chur ar fáil/a éascú, imeachtaí idirchultúrtha agus oiliúint daonlathais.

Coiste Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Laoise

D'oibrigh Coiste Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Laoise i rith 2009 chun an Straitéis don Lucht Siúil 2007 – 2009 a fhorfheidhmiú. Fostaíodh Fostaí Fiontair trí FÁS chun soláthar ionad fiontair a mhaoirsiú don lucht siúil agus oibriú lena mbaill chun an lucht siúil a fháil ar ais ag obair.

Comhairle Na nÓg 2009

Reáchtáil Comhairle Contae Laoise Comhairle na nÓg bhliantúil i gColáiste Phort Laoise ar an 19 Samhain 2009. D'fhreastail 150 scoláire ar an gComhairle, ag déanamh ionadaíochta ar son meánscoileanna uile an chontae.

I mbliana, rinne na scoláirí plé ar phríomhshaincheisteanna a chuireann isteach ar dhaoine óga i gContae Laoise, cosúil le háiteanna sábháilte le crochadh thart, an tionchar atá ag an ngeilleagar i láthair na huaire ar dhaoine óga agus ar a dteaghlaigh, mar aon le saincheisteanna a bhaineann le ciníochas agus sláinte fisiciúil, meabhrach agus mothúchánach i ndaoine óga.

Bhí áthas ar an gComhairle ar an lá go raibh an t-aoi speisialta, an tUasal Tony Bates, Stiúrthóir Bhunaitheach, Headstrong, i láthair le labhairt leis na scoláirí. Is tionscnamh nua atá in Headstrong a oibríonn le pobail in Éirinn lena chinntiú go dtugtar tacaíocht níos fearr do dhaoine óga idir 12 agus 25 bliain d'aois chun meabhairshláinte agus folláine a bhaint amach.

Tony Bates, Stiúrthóir Headstrong Ireland, ag labhairt le rannpháirtithe ag Comhairle na nÓg

Dáil Na nÓg 2009

Reáchtáladh Dáil na nÓg an 20 Feabhra 2009 i bPáirc an Chrócaigh agus d'fhreastail os cionn 200 scoláire air ó thimpeall na hÉireann. D'oscail an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an tUasal Barry Andrews an cruinniú agus chuir sé fáilte roimh an deis chun tuairimí agus moltaí daoine óga a fháil maidir le téamaí áirithe faoi cheannteidil sláinte meabhrach agus fisiciúil, go háirithe saincheisteanna a bhain le féinmharú, bulaíocht, brú piara, maireachtáil sláintiúil, mí-úsáid substaintí agus sláinte gnéis. Roghnaíodh an tUasal John Delaney, St. Mary's CBS, Port Laoise mar ionadaí 2009/2010 ar Chomhairle Náisiúnta Dháil na nÓg, a oibríonn ar feadh a théarma chun na smaointe agus na moltaí a aontaíodh ag Dáil na nÓg a bhrú chun tosaigh.

Mic Léinn ó Laois, John Delaney, Jennifer McDermott, Laura Birch agus Jim Gibbons ag Dáil Náisiúnta na nÓg

Ceiliúrann Fóram Pobail Laoise

Fóram Nuathofa

Tar éis na dToghchán Áitiúla i Meitheamh 2009, reáchtáladh toghcháin d'Fhóram Pobail Laoise i rith an tsamhraidh. Rinneadh freastal maith ar na toghcháin seo agus rinneadh ionadaíocht mhaith ar na hearnálacha pobail agus deonacha i ngach toghcheantar.

Is é seo a leanas Coiste Feidhmiúcháin an Fhóraim a dhéanann ionadaíocht thar ceann na hearnála pobail/deonaigh i ngach ceann den chúig toghcheantar:

Port Laoise:
Phil Mulhare, Sylvia Rouget, Andy Sutton, Maria Groarke

Ioma:
Paul Donnelly, Margaret Guijit-Lawlor, Michael Cobbe

Log an Churraigh :
Mary Wheatley, Nuala Finnegan, Kathleen Gorman

Mhóinteach Mílic:
Sheelagh Coyle, Matt Barrett, Paddy Buggy (Cathaoir)

Bhuiríos Mór Osraí:
Pat McSpadden, Michael Lynch, Michael G. Phelan, Noreen Byrne, Mick Dowling

Daoine Scothaosta

Reáchtáladh cúig Lá Líonraithe i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Laoise agus le Comhpháirtíocht Laoise, lenar áiríodh cainteanna agus díospóireachtaí ar shaincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar dhaoine scothaosta, e.g. cothú, sábháilteacht phearsanta, cúram sláinte, coinneáil gníomhach agus gníomhaíochtaí e.g. sit-fit, ceol, damhsa, bollaí agus ealaín/ceardaíocht.

Lá Gníomhaíochta do Fóram Pobail na Seanóirí i Cúil an tSúdaire

Daoine faoi Mhíchumas

Thug an Fóram tacaíocht do chlár Chomhpháirtíocht Spóirt Laoise um fheasacht mhíchumais i scoileanna, tríd an mbaint atá aige le leagan amach clár píolótach i Scoil Phobail Heywood.

Fóram Pobail Laoise agus Oiliúint Feasachta Míchumais de chuid Comhpháirtíocht Spóirt Laoise

Seoladh www.laoiscommunityforum.ie i mí Aibreáin 2009.

Gradaim Dheontais an Fhóraim Phobail do Thionscadail don Óige 2009

Cheiliúir Fóram Pobail Laoise a dhaoine óga trí dheontais a bronnadh do thionscadail don óige i Meitheamh 2009. Tugadh cabhair dheontais do 10 ghrúpa le cuidiú le tionscadail a mbeadh tionchar dearfach acu ar cháilíocht beatha dhaoine óga inár gcontae.

Buaiteoirí Deontas Tionscadail Óige 2009

Mórtas Ceantair 2009

D'éirigh go hiontach le Contae Laoise ag Gradaim Uile-Oileáin Mórtas Ceantair 2009, a bhí ar siúl sa Chaisleán Nua, Contae an Dúin, a reáchtáil Comhairle Ceantair an Dúin. Bhí 400 duine ann ag déanamh ionadaíochta thar ceann grúpaí ó thuais-Bhronn Margaret Richie, Uasal, Aire Forbartha Sóisialta Thuaisceart Éireann na gradaim ar na grúpaí ráthúla ar fad. Ina hóráid i rith an tráthnóna, mhol an tAire na grúpaí páirteacha ar fad a d'oibrigh go dian chun mórtas a chruthú agus a chur chun cinn ina gcathracha, a mbailte agus a sráidbhailte.

Bhuaigh Grúpa Pobail Chamros, a chuir sráidbhaile Chamros, a phobal agus a ghníomhaíochtaí ar fad chun cinn, a gCatagóir – Daonra 0-200. Ghlac Sadie McCartney, Uasal and Breda Doran, Uasal leis an ngradam thar ceann an ghrúpa.

Tháinig Árasáin Riverview, Port Laoise, forbairt Tithíochta na Comhairle ina bhfuil na cónaitheoirí, daoine scothaosta den chuid is mó, gníomhach chun é a chothabháil agus a bhainistiú, sa dara háit ina gCatagóir – Daonra 0-200 Eastát Tithíochta. Ghlac an Comhairleoir Kathleen O'Brien agus Anne Smyth, Uasal leis an ngradam ar an oíche.

Buaiteoirí Laois Pride of Place 2009

Bhí áthas ar Chomhairle Contae Laoise glacadh leis an ngradam foriomlán d'Údarás Áitiúil, don tiomantas is mó ó údarás áitiúil don tionscnamh Mórtas Ceantair. Bronntar an gradam clúiteach seo ar an údarás áitiúil a léiríonn fíorcheangal idir comhaltaí tofa agus oifigigh na Comhairle agus an pobal a n-oibríonn siad leis. Léiríodh do na breithiúnaithe é seo, agus thug siad suntas ar leith don líon Comhairleoirí agus oifigigh ó Chomhairle Contae Laoise a d'fhreastal ar na laethanta breithiúna. Luadh go speisialta an bhaint phearsanta a bhí ag na hoifigigh leis na grúpaí pobail agus moladh iad siúd a luadh sa chur i láthair chuig na breithiúnaithe mar dhaoine a thug cabhair do ghníomhaíochtaí an phobail thar na blianta.

Rinne an Cathaoirleach, an Comhairleoir James Daly agus Bainisteoir an Chontae, an tUasal Peter Carey comhghairdeas leis na hiontrálaithe agus leis na buaiteoirí ar fad as ucht chomh maith is ar éirigh leo i gcomórtas na bliana agus ghlac sé buíochas leo as ionadaíocht chomh maith a dhéanamh ar Laois ag leibhéal náisiúnta.

Comhchoistí Polasaí

Bunaíodh Comhchoistí Polasaí do Chontae Laoise agus do na bailte de Mhóinteach Mílic agus Port Laoise araon le linn 2009. Tugann na Coistí seo an deis do na hÚdaráis Áitiúla, na Baill Thofa, An Garda Síochána, Baill an Oireachtais agus ceannasaithe an phobail, trí mhúnla comhpháirtíochta, chun tionchar suntasach a dhéanamh ar cháilíocht an tsaoil laethúil don phobal go léir i ngach ceantar den Údarás Áitiúil. Cuireann siad fóram ar fáil, don Údarás Áitiúil agus na hoifigigh shinsearacha den Gharda Síochána, a bhfuil freagrach as an tír a phóilíniú, le rannpháirtíocht de bhaill an Oireachtais agus de leas an phobail, chun go bhféadaidís dul i gcomhairle agus moltaí a dhéanamh faoi ábhair a bhaineann le póilíniú Chontae Laoise.

Gníomhaíochtaí Eile

Rinne an Rannóg Phobail & Fhiontair iniúchadh ar na háiseanna i gContae Laoise le linn 2009 agus ghlac sí páirt chomh maith sna Coistí/Cláir seo a leanas le linn 2009 - Comhlacht Comhpháirtíochta Laoise, Páirtíocht Spórt Laoise, Turas Laoise, Bord Fiontar Chontae Laoise, Coiste Cúraim Leanaí Laoise, Tionscnamh Caitheamh Aimsire BLOC agus PORT um Gharda Síochána, Coiste Féile Trick 'r' Street, Coiste Áitiúil Laoise um Líonra Drugaí agus LABEL

Tuairisc ar Chomharthaí Náisiúnta Seirbhíse

Rannpháirtíocht & Comhar Phobail

CP1 - Céatadán na Scoileanna Áitiúla/Grúpaí na nÓige atá gafa leis an gComhairle Óige Áitiúil/Scéim Chomhairle na nÓg Ócáid

Meán Scoileanna	100%
Buncsoileanna	0%
Grúpaí na nÓige	75%

CP2 - An méid grúpaí atá cláraithe leis an Fóram Pobail 474

FORBAIRT EACNAMAÍOCH

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinseartha: Ian McCormack

Tá páirt ghníomhach ag Comhairle Chontae Laoise agus tá ról lárnach acu i bhforbairt eacnamaíochta an chontae. Tá an Chomhairle dírithe ar infheistíocht a mhealladh isteach ag tabhairt isteach spioraid féin-fhorbairt inmharthana agus táid dírithe ar deimhin a dhéanamh de go bhfuil forbairt chothrom ar siúl mórthimpeall an chontae.

Tasc-Ghrúpa Eacnamaíoch

Tá bainisteoir an Chontae ina chathaoirleach de tascghrúpa eacnamaíoch réamhghníomhach, a chuireann pointe cuimsitheach ar fáil i gcomhair cur chun cinn eacnamaíoch sa chontae. San áireamh i nGníomhartha/Cuspóirí tosaíochta bhí:

- Forbairt na Páirce Náisiúnta Fiontair
- Forbairt an tionscail dhúchasaigh a spreagadh/a éascú
- Dílárú
- An cur chun cinn de Chontae Laoise mar ionad imeachtaí
- An cur chun cinn d'fhorbairt na hardréimsí oideachais shainfheidhmigh sa chontae chun tionscail nua a mhealladh
- Forbairt de ghrúpa ardleibhéil tacaíochta mar aighní do Chontae Laoise
- Na cuspóirí atá san athbhreithniú um Straitéis Forbartha Contae 2009-2012 a chur i bhfeidhm, lena gcuirtear béim ar dheiseanna fostaíochta a fheabhsú do chách.

Ionad Fiontair Phort Laoise

Cuireadh i gcrích an obair a rinneadh ar Ionad Fiontair Phort Laoise agus osclófar é go hoifigiúil i gceann tamaill. Tá meascán de lóistín oifige agus aonaid ar fáil ag an Ionad. Tá Ionad Fiontair Phort Laoise oscailte i gcomhair gnó agus tá sé tiomanta d'fhorbairt agus do chothú cultúir fiontair áitiúil i gceantar Phort Laoise. San áireamh sna gnóthais chónaithe tá:

- TSI Flowmeters Ltd
- Automated Control Solutions
- Greenbay Facilities Ltd
- Creative Training Ltd
- Bord Fiontair Chontae Laoise
- Advanced Renewable Energy Ireland Ltd

Fostaítear 25 duine san iomlán faoi láthair in Ionad Fiontair Phort Laoise.

Uasghrádú ar Pháirc Ghnó Chluain Minim.

Cuireadh tús le hobair uasghrádaithe ar Pháirc Ghnó Chluain Minim le linn 2009. Mar chuid den obair seo beidh athchur cosáin, soilsiú poiblí, tírdhreachtú, marcáil bhóthair agus deisithe bóithre agus cur suas na gcomharthaí.

Cuirfidh an t-uasghrádú, nuair a chríochnófar é, le forbairt chomhtháite agus chomhleanúnach an cheantair, treiseoidh sé spionnadh tráchtála an

cheantair agus cuirfidh sé go suntasach le mealladh agus cothú na ndeiseanna fostaíochta.

Obair ar Shuíomh Gréasáin Work in Laois

Seoladh an suíomh gréasáin go hoifigiúil i mí Dheireadh Fómhair 2009. Is tionscnamh ó Chomhairle Contae Laoise é an suíomh gréasáin Work in Laois chun cabhrú le fostóirí, le cuideachtaí agus le hinfheisteoirí ar mian leo gairm a chleachtadh, nó gnóthas a lonnú nó a infheistiú i gContae Laoise agus chun Laois a chur chun cinn mar áit chun gnó a infheistiú.

Bunófar an suíomh gréasáin Work in Laois, clár scileanna bunaithe, lena bhféadfar le daoine eolas a thabhairt fúthu féin, ionas go mbeimid ábalta a scileanna a chur chun cinn, chuig fostóirí atá ann faoi láthair nó chuig fostóirí ar mian leo lonnú go Contae Laoise san am atá le teacht. Beidh an t-eolas seo úsáideach do ghníomhaíochtaí cosúil le IDA Ireland agus Fiontar Éireann agus iad ag triail gnó a mhealladh go Contae Laoise.

Tá an tionscnamh seo ina chuid de chuspóir an Chomhairle Contae Laoise, is é an cuspóir sin ná a bheith ina catalaíoch, ina nasc agus ina gníomhaí i gcomhair forbartha eacnamaíche sa Chontae.

Suímh Thionsclaíocha

Leanann Comhairle Chontae Laoise ag coimeád a ról díreach ag éascú forbairt eacnamaíochta/cruthú post trí chur de láimh leanúnach suíomh mórthimpeall an chontae. Leanann an Chomhairle ag fáil talún le haghaidh fhorbairt tionsclaíoch de bharr féidearthacht an Chontae do bhreis forbartha agus a chumas le haghaidh fhiontar nua.

Expo Laoise 2009

Glacann Comhairle Chontae Laoise páirt gníomhach le gach Gníomhaireacht Forbartha Áitiúil agus Náisiúnta chun forbairt sóisialta agus eacnamaíochta an chontae a chur chun cinn. Dhein an

Chomhairle chomh-urraíocht ar Expo Gnó Laoise 2008 a sholáthar deis uathúil do lucht taispeántais chun Teagmhálacha agus treoracha a ghiniúint agus díolacháin a dhéanamh, Táirgí nua a sheoladh nó a léiriú, Teagmháil le lucht taispeántais eile agus Suim i dtáirgí agus i seirbhísí a ghiniúint agus brandaí a chur chun cinn isteach in áit an mhargaidh

Cómhalartú Phort Laoise

Beidh forbairt suíomh 250 acra in Acomhal Phort Laoise ann chun an tairbhe is fearr a bhaint as féidearthacht Forbartha Eacnamaíochta pasáiste iompair tábhachtach a ritheann trí an Chontae. Tá an tionscnamh mar thoradh díreach ar an Straitéis Náisiúnta Spásúil a thugann buntáiste as an gnáth do Laois agus do Phort Laoise i dtaobh é a chomharthú mar Nód Iompair agus Calafort Intíre. Cuireadh i gcrích na hoibreacha a rinneadh ar Bhóthar Naisc an Tóchair agus Séarach Idircheap-óra an Iarthair lena n-éascaítear forbairtí sa cheantar seo. Tá an obair ar bun ar ullmhú de mháistirphlean agus feabhsóidh an tOrdú Mótarbhealaigh forbairt sa cheantar seo. Neartóidh forbairtí ar an láithreán seo an cumas atá ag Port Laoise ós rud é go bhfuil sé suite i lár na tíre.

TURASÓIREACHT

Ócáidí & Féilte

Leanann an Rannóg Turasóireachta i gComhairle Chontae Laoise ag cur Contae Laoise chun cinn go gníomhach mar phríomh ionad ócáidí in Éirinn. Déanann suíomh geografach breá an Chontae agus an bonneagar bóthar agus iarnróid, i dteannta le h-ionaid d'ard chaighdeán agus bonn dea-lóistín é mar áit iontach chun óstaíocht a dhéanamh ar ócáidí móra.

Tá ról lárnach ag an Rannán Turasóireachta maidir le heagrú na n-imeachtaí seo a leanas:

Cruinniú Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett

Bhí Cruinniú Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett ar siúl i nDeireadh Seachtaine Saoire Bainc an Mheithimh agus thosaigh sé le Fáiltiú i gComhairle Chontae Laoise tráthnóna Dé hAoine. Thiomáin na rannpháirtithe ar Bhealach Gordon Bennett gur cuireadh comharthaí air i 2006. Tá an ócáid tar éis dul ó neart go neart le méid mór cuairteoirí ag freastal ón R. A., ach go háirithe.

Déanann an ócáid comóradh ar an Ócáid Spóirt Is Mó ag an am san agus ritheann sé trí na Contaetha Laois, Ceatharlach agus Cill Dara. Is mealladh turasóireachta gan luach é Ócáid agus Bealach

Fáiltiú do Cruinniú Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett in Áras an Chontae

Gordon Bennett ina cheart féin agus nascann sé a lán suíomh turasóireachta agus oidhreachta.

Don chéad uair riamh, d'oibrigh an fhéile Gordon Bennet le Craobhchomórtais Réigiúnach na hÉireann den Fhéile Rose of Tralee agus ghlac sé páirt sa Pharáid Mhórthaispeántas trí shráideanna Phort Laoise. Bhain na daoine a bhí páirteach inti an-sult as an ócáid agus is mian leo é seo a dhéanamh gach bliain mar chuid dá dturas.

Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Laoise

Reáchtáladh an Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Laoise idir 18 agus 21 Bealtaine. Seoladh an Dúshlán go hoifigiúil ar 19 Márta le Paul McGrath laoch sacair na hÉireann agus le Justin Treacy ó RTÉ mar óstach.

Seoladh an Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Laoise

Bhí fáilte roimh na galfairí go léir, a bhfuil ina mbaill de chlub nó a bhfuil cis GUI (nó a choibhéis) acu páirt a ghlacadh sa Dúshlán. Is comórtas le dhá fhoireann de bheirt in aghaidh a chéile leis an toradh is fearr a imrítear i 6 chúrsa gailf ar fud Chontae Laoise agus leis an chraobhchomórtas ag an Her-

itage Golf & Spa Resort i gCill an Aird. Mheall an Dúshlán galfairí ó cheann ceann na tíre, ó Thuaisceart Éireann, ón mBreatain Bheag, ón Ríocht Aontaithe, ón nGearmáin agus ón tSualainn. Thug 4 Aces Wholesale, Gala and Comhairle Contae Laoise tacaíocht don Ócáid. Ba iad Warren Davies agus Marc Hughes ó Thuaisceart na Breataine Bige na buaiteoirí den ócáid 2009.

Ba é an chéad uair ar bhuaigh cúpla idirnáisiúnta é. Gealltar go mbeidh ócáid 2010 níos fearr le roinnt fógraíochta sa Bhreatain Bheag , i dTuaisceart Éireann agus san Iodáil don chéad uair.

Craobhchomórtais Réigiúnacha na hÉireann Rose of Tralee

Bhí Rogha Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí ar siúl don triú uair riamh lasmuigh de Thrá Lí agus bhíodar ar siúl i bPort Laoise i 2009. D'éirigh go hiontach leis agus bhí sé mar deis iontach an chontae a chur os comhair an phobail tíre. Oibríonn eagarthóirí Rós Thrá Lí Idirnáisiúnta i dteannta

leis an Oifigeach Turasóireachta agus leis na h-urraí agus le tithe ósta in eagrú na ngníomhaíochtaí go léir le linn na h-ócáide 5 lá. Ghlac na Rósanna páirt i dturais timpeall an chontae chun féachaint ar radhairc thurasóireachta i Laois. Do nasc roinnt tithe tábhairne áitiúla go hoifigiúil leis na rósanna agus chuireadar siamsaíocht ar fáil do chlanna agus do chairde.

Bhí fáiltiú ar siúl i Halla an Chontae nuair a chuir An Cathaoirleach, An Comhairleoir Tom Jacob, fáilte roimh na Rósanna agus an fhéile go Contae Laoise. Don chéad uair riamh, d'eagraigh an tOifigeach Turasóireachta 'Rosebuds' chun ionadaíocht a dhéanamh do líon mór de scoileanna náisiúnta i gContae Laoise chun páirt a ghlacadh san Fhéile.

Reáchtáladh an Pharáid Mhórthaispeántais ar an tSatharn agus ghlac Cairr Seanré Gordon Bennett, chomh maith le 30 Rós Éireannacha agus na rosebuds, a theastáil tríd sráideanna Phort Laoise agus mar chríoch bhí críoch-cheol ag an Spás Conláiste le siamsaíocht teaghlaigh leis an gCór Soiscéil Phort Laoise. Deimhnítear go mbeidh Craobhchomórtais Réigiúnacha na hÉireann Rose of Tralee i gContae Laoise do trí bhliain eile (2010 -2012). Rinneadh obair chun an tImeacht 2010 a eagrú, agus gealltar go mbeidh an t-imeacht i bhfad níos mó le carnabhal, margaidh, paráid, siamsaíocht agus spraoi teaghlaigh.

Féile Magnet Phort Laoise

Is féile nua é an Fhéile Magnet arna eagrú ag an bpobal, agus a fhaigheann tacaíocht ó Chomhairle Chontae Laoise agus Fáilte Ireland, a reáchtáladh i bPort Laoise i rith dheireadh seachtaine na Saoire Bainc i Lúnasa. Bhí éagsúlacht mhór de thaispeántais ann don oíche, lena n-áirítear The Sharon Shannon Big Band le Shane Mc Gowan, Damien Dempsey agus Dessie O'Halloran ar thráthnóna Domhnaigh, Michael English chomh maith le

Rásaí Muc ar shráideanna Phort Laoise mar chuid den Magnet Festival

Declan O' Rourke, The Wolfe Tones, Jack L agus oíche iontach de Cheol Tuaithe le healaíontóirí ceoil mar Mike Denver, Ray Lynam agus Damien Bowe.

Bhí an fhéile ar bun in ionaid dhifriúla thar timpeall Phort Laoise -The Portlaoise Heritage Hotel, Sky Venue, Ionad Ealaíona Dhún Másc, dhá stáitse ar na sráideanna agus an tIonad Fóillíochta Phort Laoise. D'oibrigh eagarthóirí an Fhéile leis an Tionscadal Method arna eagrú ag Stuart Dunne (ais-

teoir agus ealaíontóir). Bhí a thionscadal scannáin 'VINCENT: Questioning the Method' i bPort Laoise, agus phéinteáil Stuart pictiúr gach lá ina stiúideo ag 25 Sráid an Teampaill , Port Laoise agus leis seo tugadh ábhar do i gcomhair scannáin dhrámata chlár fada. Don tionscadal seo bhí Dunne ag dul sa tóir chun na 70 lá deireanacha de shaol Van Gogh a léiriú, trí úsáid a bhaint as stíl dhianasach d'aisteoireacht mhodha.

Glamanna na Samhna

Bhí Féile Glamanna Grinn na Samhna ar siúl i bPort Laoise le linn deireadh seachtaine Saoire Bainc na Samhna. Tá féidearthacht mhór ag an bhféile seo agus bíonn sé ar siúl ins an dtréimhse turasóireachta beag-éilimh rud go bhfuil anfháilte roimhe ins an contae.

Féilte Eile

Thug an Rannóg Thurasóireachta tacaíocht do roinnt féilte eile le linn 2009. Oibríonn an Rannóg Thurasóireachta de Chomhairle Contae Laoise ar thionscadail straitéiseacha chun tuilleadh turasóirí a mhealladh go dtí an contae. Oibríonn an tOifigeach Turasóireachta le gníomhaireachtaí stáit agus leis an earnáil ghnó maidir le haithint na dtionscadal feiliúnach do Chontae Laoise. Ba iad seo a leanas tionscadail eile a chuireadh i gcrích le linn 2009:

Ócáid Líonra Turasóireachta

Reáchtáladh Ócáid Líonra Turasóireachta dar teideal 'Discover Laois' ar 5 Samhain agus cuireadh fáilte roimh na soláthraithe turasóireachta go léir i gContae Laoise. Ba dheis iontach é seo don trádáil chun bualadh le chéile agus pacáistí a phlé, agus chun a dtáirgí agus seirbhísí turasóireachta ar taispeáint. Ba é Sean Gallagher, fiontraí a raibh ar 'Dragon's Den' de chuid RTÉ, an príomh-urlabhraí spreagtha don ócáid.

Peter Carey, Bainisteoir Contae, James Daly, Cathaoirleach, Sean Gallagher 'Dragon's Den' de chuid RTÉ agus Honor Deevey, Oifigeach Turasóireachta, ag imeacht de chuid Ócáid Líonra Turasóireachta

Thug Comhairle Contae Laoise agus Comhpháirtíocht Laoise agus Fáilte Ireland tacaíocht don ócáid agus fuarthas aiseolas an-dearfach. Reáchtáladh 'ócáid luais líonra', a thug deis do sholáthraithe gníomhaíochta labhairt le soláthraithe lóistín faoi na bealaí is féidir leo obair le chéile. D'fhreastail líon mór daoine air agus bhí ionadaíocht mhaith de sheastáin agus de tháirgí ó cheann ceann na tíre. Mar gheall ar an ócáid líonra, dhréachtaigh Turasóireacht Laoise bunachar sonraí iontach den líon mór trádála a d'fhreastail ar an oíche.

Suíomh Gréasáin Thurasóireacht Laoise

Cheadaigh Comhpháirtíocht Laoise iarratas i gcomhair cúnamh deontais don athdhearadh iomlán agus do mhargaíocht an suíomh gréasáin Thurasóireacht Laoise. Tá obair leanúnach ar bun ar uasghrádú an suíomh gréasáin mar an uirlis spreagtha is tábhachtaí do thurasóireacht i gContae Laoise.

ITOA Conference

D'oibrigh an t-oifigeach turasóireacht go dlúth le Fáilte Ireland agus an Heritage Golf & Spa Resort i gCill an Aird, chun an Chomhdháil ITOA a eagrú i mí Feabhra 2009. Mheall sé seo líon mór de thionscnóirí turas a thug cuairt ar roinnt tarraingtí i gContae Laoise. Fuarthas aiseolas an-dearfach ar ais.

Féilire Imeachtaí agus Féilte 2010

Is é seo a leanas an fhéilire imeachtaí agus féilte do 2010.

Tionscadal Comhaontais le Montebelluno, Tuaisceart na hIodáile

Bunaíodh roinnt nasc difriúil leis an gceantar Montebelluno i dTuaisceart na hIodáile. Ó thaobh turasóireachta de, bhuail an tOifigeach Turasóireachta le ceann de na tionscnóirí turas Gailf is mó san Iodáil i mí na Nollag le hUachtarán an Chumainn Lucht Tráchtála. Thug an Tionscnóir Turas Gailf cuairt ar na machairí gailf go léir i Laois agus bhuail sé le hionadaithe ó chlubanna gailf éagsúla. Mar thoradh ar an teagmháil seo, tháinig go leor nasc dearfach agus mhaígh an tionscnóir go n-eagróidh sé ceann dá thurnaimint i Laois i 2010. Ina theannta sin, beimid inár n-óstach do roinnt Iodálach sa Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Laoise i rith 2010. Chuir an tionscnóir turas fáilte roimh ionadaithe gailf i Laois taisteal go dtí an Iodáil i mí an Mhárta 2010.

Coiste Polasaí Straitéiseach Forbartha Eacnamaíochta & Cur chun cinn an Chontae

Is iad na cáipéisí seo a leanas na cáipéisí a tháirg an Coiste agus ar chomhaontaigh an Chomhairle Contae Laoise leo:

• 'Developing a Tourism Culture in County Laois'
• 'County and Town Twinning in County Laois'

OIDHREACHT

Oibríonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise chun meabhraíocht agus tuiscint ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha Chontae Laoise a chur chun cinn. Tugtar faoi seo le cabhair na Comhairle Oidhreachta, trí na tionscnaimh atá sonraithe i bPlean Oidhreachta Laoise.

Plean Oidhreachta Laoise 2007-2011

Tá 50 gníomhaíocht, a bheidh á gcur i bhfeidhm le linn na mblianta atá le teacht sa phlean agus tá ceithre cinn de aicmí tábhachtacha ann mar a leanas: Eolas a bhailiú ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae; Meabhraíocht a ardú i dteannta le taitneamh a bheith bainte as an oidhreacht;An Cleachtas is fearr sa bhainistíocht oidhreachta a chur chun cinn I dteannta le caomhnú gníomhach ar an oidhreacht i Laois. Baineann an t-eolas seo a leanas le tionscnaimh ó Phlean Oidhreachta Laoise a tugadh faoi le linn 2009 leis An gComhairle Oidreachta. Tá tuairiscí suirbhé agus taighde iomlána ar fáil ó Oifigí Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise, nó ar fáil le híoslódáil ag www.laois.ie/heritage.

Bailigh eolas ar Oidhreacht Chontae Laoise

An chéad chéim riachtanach i gcaomhnú agus ar imlíniú na h-oidhreachta seo ná eolas a bhailiú ar oidhreacht Laoise. Bhí na suirbhéanna seo a leanas déanta le linn 2009 - Céim V den suirbhé páirc ina dhiaidh páirce de ghnáthóga an Chontae

Meabhraíocht a ardú chomh maith le taitneamh a bheith bainte as oidhreacht Laoise

Táirgeadh foilseachán ollmhór le linn 2009 ar an gcur chun cinn de mheabhraíocht fiabheatha i scoileanna. Foilsíodh an leabhar "Wild Things at School" i gcomhoibriú le Comhairlí Contae Mhuineacháin agus na Mí, agus scríobh an t-údar fiabheatha cáiliúil Eanna ní Lamhna é.

Seoladh 'Wild Things at School'

Dírítear é ar mhúinteoirí bunscoile agus tugtar eolas, gníomhaíochtaí agus scéalta chun obair leis le gach aoisghrúpa scoile chun meabhraíocht a ardú faoi fhiabheatha dhúchasach na hÉireann.

D'oibrigh an t-Oifigeach Oidhreachta lena lán daoine, le grúpaí pobail agus le Fóram Pobail an Chontae chun tionscnaimh oidhreachta a phleanáil agus comhairle a thabhairt ar conas teacht ar cúnamh dheontais agus ar thacaíocht do thionscnaimh.

Bhí gach tuairisc agus foilseacháin a foilsíodh le linn na bliana curtha isteach i rannóg an staidéir áitiúil de chuid Leabharlann Chontae Laoise agus cuireadh ar fáil iad le híoslódáil ar shuíomh idirlín Comhairle Chontae Laoise. Bhíodar seo a leanas san áireamh ins na gníomhaíochtaí gur tugadh aghaidh orthu le linn 2009 chun meabhraíocht faoi fhadhbanna oidhreachta a ardú:

- Bhí clár seachtaine de ócáidí clainne, siúlóidí treoraithe, cainteanna, taispeántais sleamhnán agus laethanta spraoi eagraithe le haghaidh na Seachtaine Oidhreachta náisiúnta;
- I mí Lúil reáchtáladh cúrsaí a mhair ar feadh seachtaine , agus arna gceadú ag an Roinn Oideachais , maidir le meabhraíocht fiabheatha agus chomhshaoil do mhúinteoirí bunscoile;
- Bhí siúlóidí le h-éirí gréine i gCluain na Slí agus i n-Darú eagraithe chun Lá Cór Bhreacadh Iae na n-Éan bliantúil a cheiliúradh i mBealtaine;
- Bhí Bailiúchán Laoise de agallaimh staire sean chais gur déanadh taifeadadh orthu craolta mar shraith clár ar raidió áitiúil 103 Lár Tíre;
- Bhí sraith ócáidí fiabheatha ar siúl le linn Seachtain na Bithéagsúlachta i Mí Bealtaine, le siúlóidí Sciathán Leathair san áireamh i gCúirt Iomagh, le cabhair ó Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus ó Sheirbhís na bPáirc Náisiúnta agus Fiabheatha

Comharthaí Comhlíonta	2009	2008	2007	2006
An méid gníomhaíochtaí ó Phlean Oidhreachta Laoise curtha i bhfeidhm: (Tá uasmhéid de 8 ngníomhaíocht sa bhliain maoinithe i gcuid ag an gComhairle Oidhreachta).	3	8	8	8
Líon cruinnithe de Fhóram Oidhreachta Laoise ar siúl:	4	3	3	4
Líon suirbhé bithéagsúlachta déanta:	1	3	3	3
Líon suirbhéanna oidhreachta forbartha/cultúrtha déanta:	0	2	2	1
Líon foilseachán ar Oidhreacht Laoise foilsithe/tacaithe: (Is breis na foilseacháin seo ar thaifid tionscnamh foilsithe tar éis suirbhéanna &rl.)	0	1	1	2
Líon Cainteanna ar an Oidhreacht/Cúrsaí Traenála/Seimineáir eagraithe: (Le hócáidí a bhí ar siúl le haghaidh Seachtaine na h-oidhreachta san áireamh)	40	39	12	2

RANNÓG EALAÍONA

Scoil Cheoil Laoise

Choimeád Scoil Cheoil Laoise a huimhir mac léinn de 350 dalta i bPort Laoise agus de 50 dalta sa Darú. I mí Feabhra, sheinn an Cheolfhoireann Scoile ag Féile Chumann Ceolfhoirne Óga na hÉireann sa Cheoláras Náisiúnta. Reáchtáladh Laethanta Spóirt do na Teaghlaigh le seisiúin bhlais cheoil in Ionad Ealaíona Dhún Másc agus sa Dárú. Rinne 100 dalta scrúduithe ceoil do Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann agus don Bhord Comhlachaithe de Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann.

Amharclann Óige Laoise

Le linn na bliana bhí obair ar bun ag Amharclann Óige Laoise i bPort Laoise, sa Sráidbhaile, i Maighean Rátha, i gCúil an tSúdaire agus i Ráth Domhnaigh. Chomh maith le ceardlanna seachtainiúla bhí sraith cheardlanna san áireamh sa chlár ar siúl i scoileanna, i mí Aibreáin léirigh Amharclann Óige Phort Laoise an dráma “Understanding Marcus” i Ros Comáin agus bhí Lá Spóirt Teaghlaigh in Ionad Ealaíona Dhún Másc. Le linn na bliana ghlac teagascóirí páirt i gceardlanna um Roinnt Scileanna.

Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna

Reáchtáladh an Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna i 12 scoil i rith 2009. Leis an scéim seo tugtar deis do na daltaí taithí chuimsitheach a bheith acu le healaíontóirí proifisiúnta agus freisin chun taithí a fháil ar mheáin ealaíona difriúla. Bhí roinnt den obair seo ar taispeántas in Áras an Chontae i mí na Nollag agus foilsíodh leabhrán freisin.

Tionscadal ealaíontóirí in Ionad Kolbe

Féile Bhealtaine – do Dhaoine Scothaosta

Chuir an Oifig Ealaíona clár imeachtaí ar láthair do dhaoine scothaosta in ospidéil agus in ionaid phobail do ghrúpaí ar scor atá gníomhach. San áireamh sa chlár bhí Seanchas le Liz Weir, taispeántas de Cheol agus Damhsa ó Albain agus ó Éirinn, taispeántais ó Scoil Cheoil Laoise, ó Cheolfhoireann Orpheus agus ón gCór Cónaidhme Bhantracht na Tuaithe. Bhí ceardlanna faoi Scríbhneoireacht Chruthaitheach le Ann Egan and Jean O’Brien.

Scríbhneoir Cónaithe

Ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag, d'oibrigh Scríbhneoir Cónaithe Ann Egan i Laois ar chlár Liteartha lena n-áirítear – cúnamh a thabhairt do scríbhneoirí aonair, cúrsaí scríbhneoireachta do dhaoine fásta agus so leanaí, ceardlanna i scoileanna agus oíche liteartha "Laois a Sense of Place and Time for Christmas" i mí na Nollag.

Ceardlanna sna scoileanna leis an Scríbhneoir Cónaithe

Clár Ealaíona an tSamhraidh

Le linn tréimhse an tsamhraidh reáchtáladh 18 ceardlann seachtainiúla difriúla san iomlán i gClár Ealaíona an tSamhraidh, arna gceaptha do leanaí, agus do dhaoine óga.

Reáchtáladh iad in áiteanna éagsúla sa tír agus bhí na cleachtais ealaíona seo a leanas san áireamh: ealaíon, potaireacht, scríbhneoireacht chruthaitheach, dráma, rince agus Ceolkinder.

Féile Ealaíona Dárú

Bhí an Oifig Ealaíona, i gcomhoibriú le Coiste Féile Ealaíona Dárú, ina hóstach de cheolchoirm Líonra Ceoil, le Cara O Sullivan agus Degani Ensemble.

Teach Ealaíona an Sráidbhaile

Thug Comhairle Contae Laoise cead do na Stiúideonna Ealaíontóirí agus d'athnuachan na Leabharlainne. Síníodh na conarthaí in 2009 agus tosóidh an obair in 2010.

"Leaves"- Deireadh Seachtaine Liteartha Laoise

D'eagraigh an Oifig Ealaíona i gcomhoibriú le hIonad Ealaíona Dhún Másc, féile liteartha ó 18 go 20 Mí na Samhna. San áireamh sa chlár bhí ceard-lanna scríbhneoirí, cuairteanna ar scoileanna, taifeadán de Sunday Miscellany (a craoladh ar an Domhnach, 27 Meán Fómhair) agus taispeántais in Ionad Ealaíona Dhún Másc.

San áireamh sna gníomhaíochtaí eile bhí

- Taispeántais agus Seoladh leabhair
- Céatadán do Thionscadail Ealaíona san áireamh – Leabharlann agus Dánlann Mhóinteach Mílic agus an Tionscnamh Athghiniúna Chnoc Maí.
- Ceardlanna Scríbhneoirí
- An Phicnic Aibhléise
- Tacaíocht do thionscadail laistigh d'Fhéile Magnet i bPort Laoise lena n-áirítear an Tionscadal Paperback agus an Tionscadal Method.
- Sraith Earraigh de Cheardlanna Ealaíona do Leanaí
- Ócáidí Náisiúnta Lá Filíochta
- Comhlacht Dráma ar Chuairt go Scoileanna
- Tionscnamh Gréasán Ealaíona an Oir-Dheiscirt
- Tacaíocht na bhFéilte – Féile Drámaíochta an Mhóinteach Mílic, Féile Seanchais na Sléibhte Bladhma, Stradfest.
- Iris Leabhar cultúrtha agus ealaíona lár na tíre
- Máistir-Ranganna Lár na Tíre
- Tionscadal Drámaíochta an Fhórsa-Taisc um Dhrugaí i gColáiste Íosagain, Cúl an tSúdaire.

An Method Project, cuid don Magnet Festival

Comharthaí Comhlíonta	2007	2008	2009
Méid Deontas Ealaíona Leithdháilte	43	43	61
Per daonra 1,000	2781	3107	3098
Méid Amharclann Óige	5	5	4
Siopaí Oibre Ealaíona an t-Samhraidh	20	20	18
Siopaí Oibre Dráma	1	1	1
Méid na Mac Léinn – Scoil Ceoil Laoise	350	400	400

RANNÓG SPÓIRT AGUS FÓILLÍOCHTA

Lá Náisiúnta Bealaí – Fánaíocht & Rothair, Emo

Chun Lá Náisiúnta Bealaí a chomóradh, d'eagraigh Comhairle Contae Laoise le Páirtíocht Spóirt Laoise Ócáid Fhánaíochta & Rothar i gCúlán Emo ar 4 Dheireadh Fómhair.

B'eachtra theaghlaigh é seo le Rothaíocht Teaghlaigh, Fánaíocht Teaghlaigh agus Rothaíocht Shóisearach. D'fhreastail 280 rannpháirtí ar an ócáid agus d'fhreastail sé ar gach aois agus cumas.

Ag Spaisteoireacht i bPort Laoise

Is comhthionscnamh é "Ag Spaisteoireacht" i bPort Laoise de chuid Rannóg Spóirt, Fóillíochta & Páirtíocht Spóirt Laoise chun siúlóid mar gh-níomhaíocht fhisiceach a chur chun cinn. Mar thoradh ar an gclár píolóta, bunaíodh club siúlóide agus sóisialta, atá dírithe go háirithe ar dhaoine ná siúlann. Tugann an Club Spaisteoireachta an deis do dhaoine páirtí siúil a fháil, bheith páirteach i ngrúpa gníomhach, tosú nó athnuachan a dhéanamh ar shuim sa tsiúlóid, nó chun meáchan a chailleadh. Tosaíonn na siúlóidí de chuid Chlub Spaisteoireachta Phort Laoise ó Ionad Fóillíochta Phort Laoise gach oíche Mháirt agus Déardaoin agus cuireann sé céad míle fáilte roimh bhaill nua.

Clár Gníomhach do Leanaí

D'eagraigh agus dhein Comhairle Chontae Laoise seachada ar chlár gníomhach Cásca agus Samhraidh an-bhuacach i 2009 mórthimpeall an Chontae. Bhí Páirceanna Leadóige Cásca & Samhraidh seachadta ag Mainistir Laoise, Maighean Rátha, Port Laoise & Cúl an tSúdaire, lenár gclár Samhraidh Campa Co Co á sheachadadh ag Cúl an tSúdaire, Baile an Bhiocáire, Cam Ros, Ráth Domhnaigh, Baile Uí Ruáin agus Port Laoise.

Comóradh Lá Náisiúnta Chaitheamh Aimsire um Trick 'r Street

Ar oíche Shamhna, sheachaid Coiste Féile Shamhna Phort Laoise ócáid iontach do dhéagóirí agus a gcuid teaghlach - – Trick 'r Street. Bhí an slua faoi gheasróg ag an bparáid sráide ghúlach

mhórthaibhseach a chomhordaigh Bui Bolg, paráid a thosaigh i lár an bhaile Phort Laoise go dtí Páirc O' Moore, agus cuireadh taispeántais saor in aisce ar fáil do 7,000 duine le héagsúlacht d'ealaíontóirí, lena n-áirítear an grúpa 'The Coronas' atá ar barr na gcairteacha.

Marcanna san Fhaiche Imeartha

Bhí Marcanna ar Fhaiche Imeartha na Scoile for-bartha níos mó i 2009, le naoi scoil breise i Laoise ag baint úsáid as an gcistíocht. Is é aidhm scéim mharcanna an fhaiche imeartha leibhéal gníomhaíocht fhisiceach agus imirt bunaithe sa scoil a mhéadú i dteannta líon na leanaí atá gníomhach a mhéadú.

Club Snámha Laoise

I mí Mheán Fómhair, 2009, in Ionad Fóillíochta Laoise, cuireadh tús leis an gClub Snámha Laoise, ar thug Comhairle Contae Laoise agus Páirtíocht Spóirt Laoise tacaíocht dó. Tá teagascóirí ann chun bunadh snámha a mhúineadh do pháistí i mbealach spraíúil agus siamsúil.

Oscailt an Fhaiche Imeartha Nua

Osclaíodh go hoifigiúil Darú na nÓg sa Dárú ar 18 Feabhra, 2009 leis an Leas-Cathaoirleach de Chomhairle Chontae Laoise, an Comhairleoir John Bonham, le cabhair ó Calvin O'Brien, dalta ó rang a sé i Scoil Náisiúnta Our Lady's Meadow, ar roghnaíodh a iontráil chun ainm a chur ar an bhfaiche imeartha "Darú na nÓg". Dearadh an fhaiche imeartha chun freastal ar leanaí faoi 12 bhliain dhéag d'aois, agus is féidir teacht go héasca ar an áit ina bhfuil sé suite ar Bhóthar Chill Chainnigh. Tá gnéithe iontacha ann, lena n-áirítear rith cábla de 30 méadar, ionad ilspraoi le rópaí dreapadóireachta, crannóg fhear dóiteáin. Ina theannta sin, tá éagsúlacht de luascthaí, crandaí-bogadaí, luascáin. Tá áit spraoi ollmhór le gaineamh san fhaiche imeartha agus is féidir daoine faoi mhíchumas úsáid iomlán a bhaint as go leor gnéithe.

Osclaíodh go hoifigiúil Ríocht an Spraoi i Móinteach Mílic ar 3 Iúil, 2009. Ghearr An Cathaoirleach de Chomhairle Chontae Laoise, James Daly an ribín go hoifigiúil le cúnamh ó Hannah Timmons, dalta ó

rang a cheathair, ó Scoil Náisiúnta Ros an Fhionn Ghlaise, , ar roghnaíodh a hiontráil chun ainm a chur ar an bhfaiche imeartha "Ríocht an Spraoi".

Ghlac an tUasal John Maloney T.D., an tAire Comhionannais, Míchumais agus Meabhairshláinte agus an tUasal Rosemary Whelan, Cathaoirleach de Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic, páirt sa searmanas oscailte. Is é faiche imeartha Mhóinteach Mílic an deichiú fhaiche imeartha a d'oscail Comhairle Contae Laoise, lena dtaispeántar an tiomantas de Chomhairle Contae Laoise dá Polasaí Spraoi "Playing for Keeps" agus an Polasaí Náisiúnta Spraoi.

Leis an Limistéar Cluichí Ilúsáide tugadh saol nua do cheantar Smith's Field. Is éard atá ann ná aonad iniata de 35m x 17m le talamh féar ghainimh bhréagaigh atá feiliúnach do chispheil, sacair, leadóg agus eitpheil.

Lá Clanna Cumaisc Idirchultúrtha Chomhairle Chontae Laoise/an FAI

Bhí Comhairle Contae Laoise agus Páirtíocht Spóirt Laois, i bpáirtíocht leis an FAI, Laois Partnership Co. Ltd agus Cumann Forbartha Mhóinteach Mílic, le maoiniú ón Roinn Imeasctha, ina n-óstach de lá spraoi teaghlaigh chomhtháite in Ionad Fóillíochta Phort Laoise, le linn an deireadh seachtaine Saoire Bainc i mí Lúnasa.

Eagraíodh an ócáid mar ní raibh an deis ag go leor de na teaghlaigh nárbh Éireannaigh iad, an éagsúlacht fóillíochta áitiúla atá ar fáil, a shampláil. San áireamh sna gníomhaíochtaí a bhí ar siúl ar an lá, bhí Snámh, Ranganna Rince eicléicteach, Comórtais Sacair, Ciceanna Éirice, agus Taispeántais Cheoil Idirchultúrtha. Bhain leanaí óga taitneamh as na nithe le haer iontu faoin dian agus allamuigh, an taispeántas puipéid, péinteáil aghaidh, trilsiú gruaige, chomh maith le húsáid na linne

snámha agus an fhaiche imeartha. Bhí bia le blas eitneach ar fáil ar an lá do chách chun í a shampláil.

Forbairt Phobail an FAI

Clár Eastáit Chomhairle Cnoc Maí

I rith 2009, ag leanúint an clár tosaigh d'Eastáit Chomhairle ar aghaidh, bunaíodh Futsal (sacair faoi dhíon) is comórtas sraithe é do leanaí in eastát

Chnoc Maí. Ghlac cailíní agus buachaillí páirt sa chomórtas sraithe ar feadh uair a chloig ar feadh ocht seachtaine. Chabhraigh sé seo leis na leanaí a gcuid scileanna a d'fhoghlaim siad san oiliúint thosaigh a fuair siad. Tugadh duais do na leanaí as dea-iompraíocht agus tinreamh maith.

Sacar do Naíonáin

Ós rud é gur éirigh thar cinn leis an gclár Sacair do Naíonáin le linn 2008, leathnaíodh an clár go dara

hionad agus reáchtáladh é dhá uair sa bhliain i bPort Laoise agus i gCúl an tSúdaire. D'fhreastail an cúrsa ar 180 leanbh atá idir 3 agus 7 mbliana d'aois agus reáchtáladh é ar feadh 8 seachtaine gach uair le roinnt leanaí sna catagóirí níos sine ag dul le clubanna ina gceantar áitiúil.

Clár Eastáit Chomhairle Lána Kiln

Moladh clár Eastáit Chomhairle a bhunú, tar éis dul i dteagmháil le Comhairleoir John Joe Fennelly agus roinnt déagóirí i Lána Kiln. Cuireadh i bhfeidhm clár chun gníomhaíocht sacair a thabhairt do na leanaí sa cheantar. Reáchtáladh an clár ar feadh 8 seachtaine agus fuair na leanaí oiliúint maidir le cluichí agus scileanna sacair.

Campa Cásca na Siúracha Sacair, Dárú

Is clár é Siúracha Sacair chun cailíní atá idir 7-12 bliana d'aois a spreagadh chun páirt a ghlacadh i sacar ag súil le foirne a fhoirmiú ón ngrúpa. Reáchtáladh Campa Cásca sa Dárú le linn 2009 tar éis na suime móire a bhí sa champa le linn 2008. D'fhreastail 26 cailín ar an ionad sa Dárú. Fuair na rannpháirtithe oiliúint ó oiliúnóirí cáilithe ag an FAI. Tar éis don champa a chríochnú, chinn club sacair Durrow Lions foireann sacair a bhunú do chailíní faoi 12 bhliain dhéag d'aois. Reáchtáladh lá blitzchomórtais Siúracha Sacair in Ionad Fóillíochta Phort Laoise le dhá fhoireann ag taisteal go Corcaigh chun imirt in aghaidh na gcailíní i lá lán le spraoi agus imeachtaí agus le duaiseanna do na cailíní go léir ar ghlac páirt ann.

Sacar Déanach Istoíche i gCúl an tSúdaire

I bpáirtíocht le Tionscadail Phoirt, clár spraoi an Garda Síochána i gCúl an tSúdaire, reáchtáladh an tsraith sacair dhéanaigh istoíche in ionad pobail Chúl an tSúdaire ar oíche Dé hAoine ó 9:30 go 11:30 ar feadh 8 seachtaine. Ghlac 35 duine páirt sa chlár, fir agus mná araon, agus dá bharr is é an clár Sacair Dhéanaigh Istoíche is rathúla go dtí seo. Bronnadh duaiseanna do leanaí as dea-iompraíocht agus tinreamh. Bronnadh duaiseanna ar na daoine leis na trí scor is airde.

Sacar Déanach Istoíche i gCam Ros

I bpáirtíocht le Café Óige Cham Ros, reáchtáladh an tsraith sacair dhéanaigh istoíche in ionad pobail Cham Ros ar oíche Dé hAoine ó 8:30 go 10:30 ar feadh 8 seachtaine. Ghlac 22 duine páirt sa chlár. Bronnadh duaiseanna do rannpháirtithe as dea-iompraíocht agus tinreamh. Bronnadh duaiseanna ar na daoine leis na trí scor is airde.

Portlaoise Late Night Soccer League

I bpáirtíocht leis an Tionscadal Bloc, clár spraoi an Garda Síochána i bPort Laoise, reáchtáladh an tsraith sacair dhéanaigh istoíche in ionad pobail Phort Laoise ar oíche Dé hAoine ó 9:30 go 11:00 ar feadh 8 seachtaine. Ghlac 30 duine páirt sa chlár agus bronnadh duaiseanna do rannpháirtithe as dea-iompraíocht agus tinreamh. Bronnadh duaiseanna ar na daoine leis na trí scor is airde.

Sraith Sacair Sráide

D'eagraigh roinnt gníomhaíochtaí éagsúla Sraith Sacair Sráide chun go mbeadh gníomhaíocht sacair ag na fir i Laois, atá dífhostaithe, ina n-iarrthóirí tearmainn nó le haghaidh daoine atá in athshlánú druga nó alcóil.

Reáchtáladh an tsraith ar feadh 10 seachtaine agus d'éirigh thar bharr leis agus bhí an craobhchomórtas i bPort Laoise i gcomhair le lá idirchultúrtha Fusion. Rachaidh buaiteoirí an chomórtais go dtí craobh chluichí na hÉireann den Sraith Sacair Sráide mar ionadaí do Laois.

LEABHARLANNA

Leabharlannaí Contae:: Gerry Maher

Brollach

Tá ról an-thábhachtach ag seirbhís na leabharlainne poiblí inár bpobail ag soláthar slí chun eolais, eolas, foghlaim fad saoil agus ar léamh mar chaitheamh aimsire ar bhonn iniamh. Tá Seirbhís Leabharlann Laoise á sheachadadh trí ghréasán 8 brainse páirt-aimseartha agus 4 bhrainse amháin lán-aimseartha. Tá an tseirbhís gafa faoi láthair i gclár forbartha bhonneagair mór. Tá an tseirbhís gafa faoi láthair le clár forbartha bonneagair mór ag comhlíonadh na n-aidhmeanna atá leagtha amach i bPlean Forbartha na Leabharlanna 2007-2011.

Leabharlann Mhainistir Laoise

I mí an Mheithimh bhuaigh Leabharlann Mhainistir Laoise an dámhachtain um Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann don Fhoirgneamh is Fearr sa chatagóir Chaomhnaithe/Aisig sna dámhachtainí do 2009. Ina

theannta sin, bhuaigh sí dámhachtain OPUS don Ailtire agus Tógálaí is Fearr ag an PLAN/EXPO sa RDS i mí na Samhna 2009, agus bhuaigh sí an Dámhachtain Oidhreachta sa Chomórtas na mBailte Slachtmhara 2009. Is léir gur rath iontach é dearadh an fhoirgnimh mar Leabharlann agus Dánlann le os cionn de 38,000 turasóir i 2009.

Leabharlann Bhaile Uí Laighneáin

Deimhníodh áitreabh nua do Leabharlann Bhaile Uí Laighneáin in 2009. Is aonad ar an mbunurlár é an t-áitreabh in Ionad Siopadóireachta Gracefield, atá suite i lár an bhaile agus faoi láthair tá seilfeanna nua agus leabhair nua á gcur inti. Uathoibreoidh an leabharlann go hiomlán agus beidh dhá ríomhaire le rochtain ar an idirlíon ann. Beidh an leabharlann oscailte don phobal go luath in 2010.

Leabharlann Mhóinteach Mílic

Le linn 2009, lean an tógáil ar aghaidh den leabharlann nua agus tá sé le críochnú in 2010. Beidh athnuachan ar chuid de Theach na Cúirte agus síneadh ar chúl agus ar thaobh an fhoirgnimh reatha san áireamh san fhorbairt, go mbeidh 690 méadar cearnach ann.

Sráid Bhaile

Síníodh an conradh d'athnuachan ar Theach na Cúirte i Sráid Bhaile i mí na Nollag, 2009. San áireamh sa tionscadal beidh athchóiriú agus síneadh de Theach na Cúirte agus den leabharlann agus tógáil de 5 stiúideo nua d'ealaíontóirí.

Stair/Staidéar Áitiúil

D' Fheabhsaigh foireann na leabharlainne agus chuireadar cuid bhreise leis an suíomh idirlín stairiúil www.askaboutireland.ie. Tá rogha mór ann de chártaí poist Chontae Laoise m.sh. sean scéimh sráide agus díol suntais cáiliúla. Tá insint nua ann, chomh maith, faoi chustaim agus faoi bhéaloideas áitiúil. Is é an ceangal ó Leathanach Idirlín an Leabharlainne ná: www.laois.ie/leisureandculture/libraries/localresearch. Tá roinnt leabhar cáiliúil maidir le stair áitiúil i bhformáid dhigiteach agus tá siad ar fáil anois ar líne. Is iad "Statistical Survey of the Queens County" le Coote agus "The History of the Queens County" le O'Byrne.

Foghlaim Ríomhaireachta agus Ríomhfhoghlaim FÁS

Thug Leabharlanna Chontae Laoise, i bpáirtíocht le FÁS, 'Tionscadal um Ríomhfhoghlaim FÁS sna Leabharlanna' isteach sna leabharlanna i Laois. D'fhorbair FÁS an clár nua foghlama do dhaoine a

bhfuil beagán scileanna TF acu, nó gan scil TF ar bith acu, agus do dhaoine chomh maith a bhfuil roinnt scileanna bunúsacha acu.

Tá ag éirí thar fheabhas leis an tionscadal i Leabharlanna Mhainistir Laoise, Mhaighean Rátha agus Phort Laoise agus tá liostaí feithimh ann do na cúrsaí go léir.

Thug foireann na leabharlainne ranganna ríomhaireachta i gCúl an tSúdaire agus i Mainistir Laoise. Thug foireann na leabharlainne ranganna maidir le scileanna TF bunúsacha, ríomhphost agus leis an gcaoi le brabhsáil ar an idirlíon. Bhí tinreamh iontach ann do na ranganna seo.

Cuireann Leabharlanna Chontae Laoise seirbhísí ar líne d'úsáideoirí leabharlainne trína suíomh gréasáin- www.laois.ie/leisureandculture/libraries, páipéir nuachtáin ar líne, Encyclopaedia Britannica, Health Research agus Credo Reference.

Soláthraíonn Leabharlannaí Chontae Laoise rochtain idirlín saor in aisce dos na suímh idirlín seo a leanas: itsyourmoney.ie, laois.ie, www.change.ie

Tá WIFI ar fáil anois i Leabharlanna Phort Laoise, Maighean Rátha, Mainistir Laoise, Cúil an tSúdaire agus Ráth Domhnaigh.

Ciste Leabhar

B'ionann an Ciste Leabhair don bhliain 2009 agus €140,000. Ní leanfar leis an deontas leabharlainne scoileanna mar gheall ar chiorruithe Buiséid sa Roinn Eolaíochta.

Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí

Bhí réimse mór ócáidí agus gníomhaíochtaí ar siúl ag Leabharlann Chontae Laoise i ngach Leabharlann Brainse mórthimpeall an chontae i 2009. Bhain Leanaí agus Daoine Fásta mórthimpeall an chontae taitneamh as an réimse ócáidí agus gníomhaíochtaí a bhí eagraithe ag foireann na leabharlanna. Bhí clár na bliana seo gnóthach agus lán de spórt le cuairteanna ó údair, comórtais ealaíona, ceadail ceoil, clubanna leabhar agus seanchas ann.

Bhí seachtain Leabharlanna na hÉireann, Seachtain Oidhreachta, Cuairt Darren Shan agus Féile Leabhair na Leanaí san áireamh i mbuaic phointí na bliana.

Leabharlann Mhaighean Rátha

Lean Leabharlann Mhaighean Rátha ar aghaidh lena n-imeachtaí agus gníomhaíochtaí do leanaí le linn 2009. Bhí cuairteanna ranganna ann gach mí, agus fós ar taispeáint tá leabhair faoi ealaín agus ceirdeanna do léitheoirí óga. Tháinig na húdair Susan Connolly agus Kieran Mark Crowley ar cuairt d'Fhéile Leabhair na Leanaí. I mí Dheireadh Fómhair tháinig Éanna Ni Lamhna ar cuairt agus labhair sí leis na páistí agus múinteoirí faoina leabhar fiabheatha nua. Reáchtáiltear clubanna leabhair do leanaí agus do dhaoine fásta gach mí sa leabharlann.

An t-údar Éanna Ni Lamhna i Leabharlann Mhaighean Rátha

Leabharlann Darú

I mí an Mhárta, 2009, bhí taispeántas ann faoi earraí déanta as adhmad dar teideal "The Work of Trees" sa leabharlann. Bhí taispeántas muirín agus óráid ar "How to Create a Natural Garden" le Anne Marie Kelly.

Leabharlann Mhainistir Laoise

D'éirigh thar cinn le Féile Leabhair na Leanaí, le cuairt ón údar Darren Shan. Reáchtáladh cuairt an údair cháiliúil in Amharclann Dhún Másc i bPort Laoise, agus dáileadh na ticéid ar úsáideoirí na leabharlainne agus ar leantóirí íotacha.

I mí an Mheithimh, bhí páirt ag an leabharlann in Abbeyfest le taispeántais phuipéid agus péinteáil aghaidh do na léitheoirí óga. D'éirigh thar fheabhas arís le Seachtain Oidhreachta le Stair Bheo na hÉireann agus le hóráid staire áitiúla ó Tom Cow. I mí Dheireadh Fómhair thug Eanna Ni Leamhna óráid ar fhiabheatha. Leanann an Dánlann ar aghaidh mar phríomhionad do thaispeántais ealaíona sa tír le 11 taispeántas in 2009.

Leabharlann Phort Laoise

Bhí bliain ghnóthach d'imeachtaí ag Leabharlann Phort Laoise, leis an Fhéile 'Edible Book' i mí Aibreáin, clubanna leabhair míosúla do dhaoine fásta, comórtais agus le cuairt ón údar Kieran Mark Crowley d'Fhéile Leabhair na Leanaí. Le linn 2009, thosaigh grúpa áitiúil dar teideal Grow Tour Own cruinnithe grúpa i Leabharlann Phort Laoise uair amháin in aghaidh na míosa, Tugann an grúpa comhairle maidir leis an gcaoi le do ghlasraí agus torthaí féin a fhás agus freastalaíonn 40-50 duine air amháin in aghaidh na míosa. Thug an taispeántas 'Animal Magic' buafa, ulchabháin agus nathracha, agus bhain na leanaí an-sult as seo. Mar bhuaic phointe de Sheachtain Oidhreachta, bhí óráid staire áitiúla ó Jude Stynes agus óráid ar Chartlanna Teaghlaigh le cartlannaí Sinead Holland.

Seirbhís sa Phríosún

Oibríonn Leabharlann Chontae Laoise le foireann an phríosúin chun seirbhís leabharlainne a chur ar fáil i bPríosún Lár na Tíre agus i bPríosún Phort Laoise araon. Leathnaíodh an tseirbhís seo arís in 2009, le críochnú bloic nua i bPríosún Phort Laoise mar bhí leabharlann nua riachtanach do na háitritheoirí. Is í seo an tríú leabharlann mar chuid den tseirbhís seo.

Soláthraíonn na leabharlanna seo leabhair, páipéir nuachtáin agus iris leabhar agus earraí ilmheánacha éagsúla chomh maith le spás atá an-cosúil le leabharlann phoiblí. Oibríonn an leabharlann le disciplín eile sa phríosún chun éagsúlacht ghníomhaíochtaí oideachais, cultúrtha agus fóillíochta a chur chun cinn agus chun litearthacht, léamh agus nósanna foghlama ar fud an tsaoil a chothú.

Sholáthar an Roinn Cirt, Comhionannais agus Leasú Dlí €16,859 chun stoc leabharlainne a cheannach chomh maith le €20,000 do leabhair don leabharlann nua. Ina theannta sin, bhí tuarastail de bheirt oibrí leabharlainne an phríosúin forchúitithe do Chomhairle Chontae Laoise.

	Príosún Lár na Tíre	Príosún Phort Laoise
Uaireanta Cloig Oscailte	834	1133
Cuairteanna	3018	3862
Earraí Ar Iasacht	3654	1451

Comharthaí Náisiúnta Comhlíonta 2009

L: Seirbhisí Leabharlainn

L. 1 Uaireanta Cloig Oscailte don bPobal

Méid uaireanta cloig oscailte ar an meán do leabharlanna lán-aimseartha:	33.34
Méid uaireanta cloig oscailte ar an meán do leabharlanna páirt aimseartha (nuair is cuí):	7.52
Fán gcéad na leabharlanna lán aimseartha go bhfuil oscailtí Am Lóin acu:	100%
Fán gcéad na leabharlanna páirt aimsire gobhfuil oscailtí tráthnóna acu:	100%
Fán gcéad na leabharlanna lán aimsire go bhfuil oscailtí acu ar an Satharn:	100%

L. 2 Méid na gcuairteanna leabharlanna lán aimsire per daonra 1,000: 58.48

L. 3 (i) Caiteachas bliantúil ar stoc per duine sa daonra timpeall an chontae.: 3.27
(ii) Méid na n-earraí eisithe per duine sa daonra timpeall an chontae le haghaidh::
- leabhair 2.7
- earraí eile 0.74

L. 4 Méid na gcuairteanna leabharlannalán aimsire per daonra 1,000: 187

Táscaire Áitiúil: Ballraíocht Leabharlanna - 8,831

Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil, Pleanála & Forbartha

Stiúrthóir Seirbhísí: John Daly

Cathaoir: John Joe Fennelly, M.C.C.

Baill	Ranna
Ray Cribbin, M.C.C.	Michael McEvoy
Tom Mulhall, M.C.C.	Sheelagh Coyle
Patrick Bowe, M.C.C.	Jason Redmond
Patrick Bracken, M.C.C.	Senan Gardiner
David Goodwin, M.C.C.	
Stephen Lynch, T.C.	

COMHSHAOL

Innealtóir Sinsir: John O'Donoghue

Tuairisc ar an gCoiste Polasaí Straitéiseach

Thionóil an Coiste Polasaí Straitéiseach (C.P.S.) Na Seirbhísí Comhshaoil & Uisce cruinnithe le linn 2009 chun cáipéisí straitéise agus polasaí a phlé agus a fhaomhadh, amhail an Dréacht-Straitéis ar Athrú Aeráide, an Dréacht-Pholasaí ar Fhorbairt Inmharthana agus Dréacht-Pholasaí ar Chaomhnú Uisce. Fuair an Coiste tuairisc maidir leis an dul chun cinn ar Phlean Bhainistíocht Bhruscair 2008-2011, lena dtugtar faisnéis ar chuspóirí agus bearta ratha de réir na gcatagóirí éagsúla.

Tar éis na dToghchán Áitiúil in 2009, bunaíodh Coiste nua, an Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil, Pleanála & Forbartha, leis an gcomhaltas atá thuas luaite.

Tionscnaimh Phobail

Seachtain Ghlantacháin Laoise

Reáchtáladh Seachtain Ghlantacháin Laoise ar 30 Márta go 3 Aibreán, 2009. Is í seo an séú bhliain, agus eagraíodh é i gcomhar le Spring Clean de chuid An Taisce. Is é seo cheann den tionscnamh glantacháin is mó atá ag an gComhairle. Scaipeadh saor in aisce 300 pacáiste ina raibh bailithe bruscair, málaí agus lámhainní ar ghrúpaí cláraithe lena n-áirítear Bailte Slachtmhara, Grúpaí Pobail, Scoileanna, Scabhtaí, gnóthais áitiúla agus do dhaoine aonair.

B'ionann an méid iomlán de bhruscar a bhailigh na hOifigigh Feidhmithe Comhshaoil le linn na seachtaine agus 20.59 tona.

Bailte Slachtmhara

Bunaíodh Cónaidhm Laoise de Bhailte Slachtmhara i 1998 agus faoi láthair tá 26 grúpa cláraithe. Caomhnaíonn agus na bailte seo an comhshaol áitiúil ina bpobal agus cuireann siad feabhas air, agus dá bhrí sin is acmhainn luachmhar iad. Tá Comhairle Chontae Laoise i mbun oibre gníomhach le Coistí na mBailte Slachtmhara chun cabhrú le hinsealbhú sa todhchaí agus chun fás agus forbairt leantach a chinntiú.

Maighean Rátha – Buaiteoirí Duaise na mBailte Slachtmhara 2009

San áireamh mar chúnamh do na grúpaí bhí Deontais um Bailte Slachtmhara, Scéim Boscaí Bruscair Rothach an tSamhraidh, rannpháirtíocht i Seachtain Ghlantacháin Laoise, Comórtas agus Dámhachtain Chónaidhm Laoise de Bhailte Slachtmhara.

Deontais

Bronnadh maoiniú ar 48 grúpa le haghaidh tionscadal éagsúil lena dtugtar buntáiste don chomhshaol agus lena gcuirtear feabhas ar áiseanna áitiúla, faoi réir an Scéim Deontais Phobail. Tugadh maoiniú do 43 tionscadal breise faoi réir an Maoiniú Pobail Tionscadail. Leithdháileann an maoiniú seo € 1,500 go gach ball tofa de Chomhairle Chontae Laoise chun tionscadail fhiúntacha ina gceantair féin.

Fuair 10 ghrúpa cúnamh airgid faoi Chiste Páirtíochta Clár Oibre 21 atá mar chomhthionscnamh idir Chomhairle Chontae Laoise agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus tá i gceist go gcabhróidh sé le meabhraíocht timpeallachta agus le forbairt inmharthana.

Eagraíonn Comhairle Chontae Laoise i dteannta le Cónaidhm Laoise de B. na T. an comórtas 'Ealaíon ó Bhruscar' le haghaidh bhunscoileanna gach bliain. Bhí 55 iontráil faighte agus breithiúnas déanta orthu I 2009 le bronnadh na nduaiseanna i Mí na Nollag.

Meabhraíocht & Oideachas Comhshaoil

Duaiseanna Timpeallachta

Thug Comhairle Chontae Laoise aitheantas dó agus bhronn sí duaiseanna ar ghrúpaí pobail éagsúla mórthimpeall an Chontae le linn Bhronnadh na nDuaiseanna 2009 as ucht páirt a ghlacadh i gCónaidhm Laoise na mBailte Slachtmhara, an Dúshlán Bruscair Idir-Phobail agus i dTionscnamh Gníomhaíochta Pobail.

An Baile Nua – Buaiteoirí Fhoriomlána 2009 don Duais Ealaín as Dramhaíl

Clár na Scoileanna

D'éirigh go hiontach le comórtas na mBunscoileanna Slachtmhara. Ghlac 41 bunscoil páirt ann agus ainmníodh 15 dóibh sin saor ó bhruscar. Ina theannta sin, le linn 2009, tháinig méadú ar líon na mBronntaí Scoileanna Glasa go 42 scoil - Comhghairdeas do chách a bhí páirteach ann.

Bhí cúrsa traenála bunscoile de fhaid seachtaine ar siúl ag Oifigeach Meabhraíochta Timpeallachta agus Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise le linn 2009. Thaispeáin an cúrsa, a fuair ceadú ón Roinn Oideachais agus ó Ionad Oideachais Laoise conas is féidir le múinteoirí gnéithe timpeallachta a chur san áireamh ina gcuraclam ó lá go lá.

Seachtain Mheabhraíochta Mhuirín

Le linn Sheachtain Mheabhraíochta Mhuiríne a bhí ar siúl i mí an Mhárta, thug an tOifigeach Meabhraíochta Timpeallachta agus Gairneoir an Chontae araon, cuairt ar 5 áit dhifriúil i gContae Laoise chun múirín a chur chun cinn. Leis seo, tugtar an deis do dhaoine níos mó a fhoghlaim faoi na buntáistí muirín.

Ag Tabhairt aghaidh ar an Dúshlán Inbhuanaithe

Bhí comhairliúchán poiblí ar siúl i 2008 bunaithe ar 'Fhís Choitianta Inbhuanaithe Amháin le haghaidh Contae Laoise' de chuid Chomhairle Chontae Laoise, chun cur leis an obair a rinneadh an Chomhairle in 2007 ag cur cuma glas ar a gcuid nósanna imeachtaí inmheánacha. Tar éis tuilleadh comhairliúcháin phoiblí in 2009, ghlac na baill thofa an Polasaí um Fhorbairt Inbhuanaithe, leis seo táthar ag súil go gcuideodh sé le hinbhuanaitheacht a bhaint amach inár gcontae ar feadh na trí bhliain amach romhainn (2009-2012). Le chéile, is féidir linn difríocht dhearfach a dhéanamh do chách a bhfuil cónaí orthu nó atá ag obair i gContae Laoise.

Cuir Cuma Glas ar do Ghnó

Is páirtíocht í an scéim EcoCert idir Comhairlí Contaetha Laoise agus Uíbh Fhailí, Comhairle Chathrach Phort Láirge agus an Ghníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil agus comhairleoirí comhshaoil Econcertive. Is clár nuálaíoch é EcoCert, a seoladh ag sraith de Sheimineáir Ghnó Ghlasa le linn Seachtain na hEorpa um Laghdú Dramhaíola i mí na Samhna. Leis an gclár, tabharfar cúnamh do ghnóthais bheaga agus eagraíochtaí eile chun a gcostais a laghdú agus ag an am céanna feabhas a chur ar a fheidhmiúchán comhshaoil.

Comórtas Grianghraif 'Green Eyes'

D'fhógair an Rannóg Chomhshaoil de Chomhairle Chontae Laoise sonraí faoi 'Green Eyes', comórtas nua grianghraif do ghrianghrafadóirí amaitéaracha. Is é cuspóir an chomórtais seo ná rannpháirtithe a spreagadh chun smaoineamh faoi dhó faoinár gcomhshaol agus bealaí a aimsiú chun ár dtionchar laethúil a laghdú. Tugadh cúig théama féideartha do na grianghraif, lena n-áirítear Bruscar, Dramhaíl, Uisce, Fuinneamh agus Athrú Aeráide agus díríodh trí chatagóir chomórtais ar Bhunscoileanna, Meánscoileanna agus ar Dhaoine Fásta.

Bainistíocht Bruscair

Tá an bruscar mar phríomhbhagairt ar an gcomhshaol nádúrtha cibé cuma atá air – ó dhumpáil ollmhór chamshúileach go cur mícheart de lámh de ghuma coganta. Freisin is foirmeacha sofheicthe truaillithe iad feithiclí tréigthe, comharthaí neamhúdaraithe, úsáid mhíchuí d'áiseanna bhainc tabhair ar ais, caca madra, toitíní, nó bruscar a bhaineann le toitíní. Laghdaíonn siad seo ár gcomhshaol cónaithe agus oibre, agus ní bhíonn sé ró-mhealltach le haghaidh fóillíochta, turasóireachta agus infheistíochta, gineann sé tuairim dhiúltach ar ár gContae.

In ainneoin infheistíochta d'acmhainní sách móra i nglanadh sráideanna agus rialú bruscair, san oideachas, meabhraíocht agus i bhfeidhmiú ar leibhéal áitiúil, tá fadhb leantach agus sofheicthe i gContae Laoise. Is é tuairim an Chomhairle seo, gurb é páirtíocht le príomh-scairshealbhóirí (Coistí na mBailte Slachtmhara, Grúpaí Deonacha, Scoileanna , an Pobal Gnó agus comhlachtaí poiblí eile) an bealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar seo chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Braitheann a rath ar acmhainní a uasmhéadú agus bunathrú a lorg maidir le hiompraíocht gach saoránaigh.

Le linn 2010, leanfaidh foireann um Bainistíocht Bhruscair a ndualgais a chur i bhfeidhm faoi réir na reachtaíochta ábhartha le béim ar thuilleadh phatról cosa. In 2009, eisíodh 376 fíneáil ar an spota eisithe de bharr cionta éagsúla le 204 íoctha laistigh den bhliain. Tharchuireadh fíneálacha neamh-íocaíochta (92) ar aghaidh chuig imeachtaí dlíthiúla, a raibh 25 cion mar thoradh air. Tá dualgas ar úinéirí talún a gcuid talún a choinneáil saor ó bhruscar agus tugadh 25 Fógra d'Alt 9 le haghaidh na críocha seo.

Molann an fhoireann rannpháirtíocht an phobail maidir le tuairisciú gearáin bruscair trí ábhair a scaipeadh lena gcuirtear an líne theileafóin shaor rúnda chun cinn, cosúil le fáinne eochair, luaithreán pearsanta, boscaí bruscair, araid bhruscair ghluaisteáin agus comharthaí, agus ár dtionscnamh is déanaí, an tiachóg le trí phóca. Le linn 2009, fuarthas 857 gearán ón bpobal sa Rannán seo – bhí baint ag 626 dóibh siúd le bruscar.

Seachtain Glanadh Suas Phort Laoise In Aghaidh an Bhrúscair 2009

Tionscnaimh Frith-Bhruscair

Le linn na bliana, lean an Rannóg Chomhshaoil ar aghaidh le páirt a ghlacadh i dtionscnamh agus iad a chur chun cinn agus a spreagadh, lena n-úsáidtear an taithí ó na blianta roimhe sin, chun rannpháirtíocht iomlán agus toradh dearfach a chinntiú. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le hoideachas a thabhairt do pháistí, nuair atá siad an-óg, maidir le tábhacht rialú bruscair agus chun daoine fásta a spreagadh ionas go gcoinnídís comhshaol saor ó bhruscar, is é sin Comórtas Slachtmhar na mBunscoileanna, Dúshlán Bruscair Idir-Phobail, Clár Gníomhaíochta Bruscair an Phobail, gníomhaíochtaí PAL, Seachtain Ghlantacháin Laoise agus cur chun cinn de thionscnamh frith-bhruscair.

GECB

Faoi láthair rangaítear baile Phort Laoise sa 15ú háit de 60 baile/cathair as ucht a bhainistíocht bhruscair sa suirbhé bruscair is mó in Éirinn. I réimse GECB (Gnó na hÉireann i gcoinne Bruscar) cumhdaítear gach ceantar le daonra de os cionn 6,000 duine agus déantar suirbhéanna le linn na bliana. Rangaíonn An Taisce suíomh de réir chaighdeáin idirnáisiúnta.

Le comhoibriú na foirne Ghlantacháin Sráideanna, Coiste na mBailte Slachtmhara, Coiste PAL agus an Rannóg Chomhshaoil, déanfar gach iarracht le linn 2010 chun an rangú seo a choinneáil.

Cosaint Chomhshaoil

Tá páirt ag an bhfoireann um Chosaint Chomhshaoil i gcur i bhfeidhm reachtaíochta agus polasaí maidir le caighdeán aeir, caighdeán uisce agus truailliú fuaime is infheidhme i gContae Laoise. San áireamh sna gníomhaíochtaí tá:

- Cur i bhfeidhm cláir mhonatóireachta chomhshaoil
- Cur i bhfeidhm agus forghníomhú rialachán
- Eisiúint, monatóireacht, agus forghníomhú ceadúnas doirte agus astaithe
- Fiosrú d'eachtraí truaillithe agus aimsiú foinsí truaillithe
- Freagairt ar ghearáin chomhshaoil ón bpobal.
- Ullmhú polasaí comhshaoil

Caighdeán Uisce

Tá Laois clúdaithe ag Réigiún Abhantrach an Oir Dheiscirt agus ag Réigiún Abhantrach Idirnáisiúnta na Sionainne. Foilsíodh Dréacht-Phleananna Bainistíochta Réigiúin na nAbhantrach ar 22 Nollaig, 2008 agus reáchtáladh próiseas comhairliúcháin phoiblí suas go dtí an 22 Meitheamh, 2009. Faoi láthair tá críoch á chur ar na pleananna seo. Nuair a foilsíodh na pleananna seo saineofar na gníomhartha riachtanacha chun comhlíonadh leis na cuspóirí seo agus tosóidh go hoifigiúil cur i bhfeidhm na bpleananna seo tar éis dóibh a bheith glactha.

Le linn 2009, lean an fhoireann um Chosaint Chomhshaoil ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar uiscí dromchla agus talún Laoise faoi chláir mhonatóireachta Creat –Treoir Uisce Ina theannta sin, rinneadh anailísí forleathana ar aibhneacha sa chontae faoi réir na gclár monatóireachta um Scóir Riosca Srutha Bhig.

Rinneadh 177 iniúchadh feirme san iomlán i rith 2009. Rinneadh na hiniúchtaí ar na dobharcheantair lena n-áirítear dobharcheantar Trioge, Mhaighean Rátha, Ghabhail agus Gleann Leathan agus Baile Ruadháin. Cabhróidh na hanailísí de shamplaí uisce abhann le haithint na gceantar ina bhféadfadh truailliú a tharlú.

Fuarthas 59 gearán san iomlán maidir le truailliú uisce agus rinneadh fiosrúcháin orthu in 2009. Mar thoradh ar na gearáin seo, eisíodh 30 Fógra faoi réir Alt 12 d'Achtanna an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 go 1990. Faoi láthair tá an Chomhairle i mbun imeachtaí dlíthiúla a tharchur i gcoinne roinnt páirtithe nár chomhlíon na fógraí reachtúla.

Gníomhaíocht	Uimh.
Clár Monatóireachta Treorach an Chreatlach Uisce (Déanta ag GCC)	184
Scóir Riosca na Sruthán Beag	100
Monatóireacht Abhantrach na Suirbhéanna Feirme	139
Samplaí tógtha de bharr Gearán	36
Samplaí de dhoirteadh ceadúnaithe	24
Iomlán	**483**

Tábla: Méid na samplaí tástáilte i 2009.

Ceanglaítear ceadúnas faoi réir Alt 4 d'Acht an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977, i gcás ina ndoirtear eisilteach trádála nó séarachais isteach in uiscí dromchla nó in uiscí talún. Eisíodh cúig cheadúnas nua le linn 2009, lena dtugtar 13 ceadúnas san iomlán sa chontae.

Caighdeán Aeir

Sa chontae tá dhá cheadúnas um astú aer ann. Ach, tá ceann amháin acu i bhfeidhm, áfach. Fuarthas agus fiosraíodh 51 gearán maidir le caighdeán an aeir le linn 2009. I measc na ngearán bhí éagsúlacht ó thaobh a n-ábhar de, idir dhó bruscair, smúit ó ghníomhaíochtaí tógála agus cairéalaithe agus bholaithe.

Truailliú Fuaime

Fuarthas 22 gearán maidir le fuaim i 2009. Bhí 10 cinn déag des na gearáin seo mar cinn teaghlaigh agus ins na cásanna seo mholfadh an Chomhairle do dhaoine na fadhbanna mar madraí ag tafann, ceol ard a phlé ar dtúis agus teacht ar réiteach aontaithe. Bhí éagsúlacht ag baint leis an naoi ngearán déag eile mar uaireanta cloig feidhmiúcháin, tógáil, trádáil agus talmhaíocht.

Bainistíocht Dramhaíola

Bhí 44 banc tógála athchúrsála san iomlán ar fáil ar fud an chontae faoi dheireadh 2009. Osclaíodh Áis Chonláiste Pobail Chúil an tSúdaire (Ionad Athchúrsála) don phobal i mí an Mheithimh, 2009. Bronnadh an conradh le haghaidh bainistíochta agus feidhmiú na háise ar AES Ltd., ar feadh dhá bhliain le héifeacht ó mhí an Mheithimh, 2009. Tá an áis oscailte Dé Luain, Dé Céadaoin, Dé hAoine agus Dé Sathairn gach seachtain.

Ionad Athchúrsála Chúil an tSúdaire

Líonadh Talún

Bhí cill 14 á líonadh le linn 2008. Bhí tuairim is 15,000 tona de chumas fágtha i gcill 14 ag deireadh 2009. Cuireadh i gcríoch oibreacha dúnta i dhá chill bheaga de chill 14 i lár na bliana 2009. D'fhaomh an GCC ceadú imlíne le linn 2008 don úrchill 15 a bheidh suite soir ó na cealla línte 13 & 14. Thosaigh oibreacha tógála i mí Dheireadh Fómhair, 2009 agus críochnóidh sé i mí an Mheithimh, 2010 chun dramhaíl a ghlacadh go leanúnach.

Páirceanna Poiblí

In ainneoin na báistí troime anuraidh, fós mealladh cuairteoirí go dtí na Páirceanna. Bhain go leor daoine leas as an trealamh araíochta do dhaoine fásta, d'úsáid na daoine seo earraí trealaimh difriúla chun a gcuid matán a chleachtadh agus chun cabhrú leo sa phróiseas téarnaimh ó dhonacht agus ó mháinliacht. Tá na Páirceanna lán d'fhiabheatha le lachain agus le healaí a bhaineann sult as suaimhneas ar an loch.

Chríochnaigh na daltaí ón Líonra Náisiúnta Foghlama a gcuid modúl d'obair thaithí trí ghnéithe dá gcúrsa a dhéanamh i nGaireoireacht i bPáirc an Phobail. D'fhoghlaim na rannpháirtithe faoi bhearradh, múirín agus cothabháil ghinearálta den ghairdín.

Leantar leis an Scéim Urraíochta do chothabháil na dtimpeallán ar Ascaill JFL agus ar an mbóthar Faoisimh Thuaisceart Ceatharlaigh i nGráig Uí Chuillinn, lenár dtimpeallán tírdhreachtaithe, agus fuarthas lua maith ó mholtóirí ó Chomórtas na mBailte Slachtmhara.

Le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann fuair go leor scoileanna, cumainn chónaithe agus grúpaí na mBailte Slachtmhara crainn óga ó Chomhairle Chontae Laoise. Thug Comhairle Crann na hÉireann na crainn óga seo i gcomhar leis na hurraitheoirí O2 agus Coillte.

Mic Léinn ón National Learning Network ar thaithí oibre

Táscairí Feidhmíochta - Suíomh ag 31/12/09

E. Seirbhísí Timpeallachta

E. 3 Méid na dteaghlach gur soláthraíodh iad le bailiúchán fuíll leithscartha le haghaidh:

(i)	Ábhar in-athchúrsáilte tirim	95.3% *
(ii)	Orgánacha	2.6% *

E. 4 Fuíoll teaghlaigh bailithe ó thaobh an cholbha agus fuíoll teaghlaigh bailithe ó áiseanna athchúrsála, atá curtha le haghaidh athchúrsála:

(i)	Fán gcéad fuíoll teaghlaigh (bailithe ar thaobh an cholbha), atá curtha le haghaidh athchúrsála.	28%
(ii)	Tonnáiste an fhuíll teaghlaigh (bailithe ar thaobh an cholbha), atá curtha le haghaidh athchúrsála.	4703
(iii)	Tonnáiste an fhuíll teaghlaigh athchúrsáilte, a thagann ó fhuíoll bailithe ó áiseanna athchúrsála (i.e. bainc tógála, suímh conláiste Sibhialta, stáisiúin aistrithe agus áiseanna athchúrsála eile).	3142

E. 5 Fuíoll teaghlaigh bailithe atá curtha chuig an líonadh talúnl:

- Tonnáiste	11,585
- Fán gcéad an fhuíll teaghlaigh bailithe	71.5%

* Bunaithe ar theaghlaigh a bhaineann úsáid as bailiúchán ar thaobh an cholbha sa chontae

E. 6 Áiseanna Athchúrsála

Catagóir:	**Colún A**	**Colún B**	**Colún C**	**Colún D**
	Méid na Suíomh Tógála	Méid na Suíomh Conláiste Sibhialta	Méid Iomlán na nÁiseanna	Méid na suíomh per 5,000 den daonra
Gloine	44	2	46	3.43
Cannaí	44	2	46	3.43
Teicstílí	6	2	8	0.60
Cadhnraí	-	2	2	0.15
Ola	-	2	2	0.15
Cairtchlár	-	2	2	0.15
Iris Leabhair	-	2	2	0.15
Gloine Pláta	-	2	2	0.15
Miotal	-	2	2	0.15
Plaisteach	-	2	2	0.15
WEEE	-	2	2	0.15
Páipéar Nuachta	-	2	2	0.15
Adhmad	-	2	2	0.15
Lampaí Fluaraiseacha	-	2	2	0.15
Bruscar Fál	-	2	2	0.15
Boinn	-	2	2	0.15

E. 7 Bac ar Bhruscar & Caomhnú Timpeallachta

Méid iomlán na Maor-Bhruscair lán-aimseartha	3
Méid iomlán na Maor-Bhruscair páirt-aimseartha	3
Méid na Maor-Bhruscair (páirt aimseartha agus lán aimseartha) per daonra 5,000 Méid na bhFíneálacha ar an Spota eisithe	0.45
Méid na bhFíneálacha ar an Spota Díolta	376
Méid na bhFógraí eisithe (Faoi Rannóga 9, 15, 16, 17 agus 20 den Acht Truailliú Bruscair 1997)	19
Méid na n-ionchúiseamh tógtha (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 – 2003)	92
Méid na n-ionchúiseamh tógtha de bharr neamh-íocaíocht de Fhíneálacha ar an Spota	92
Méid iomlán na n-ionchúiseamh slánaithe (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 – 2003)	25
Méid na n-ionchúiseamh slánaithe (a bhain le neamh-íocaíocht de fhíneálacha-ar-an-spota)	25

- % na gceantar laistigh den Údarás Áitiúil atá:

Neamhthruaillithe (i.e. Saor ó Bhruscar)	10.1%
Truaillithe Abhar le bruscar	81.2%
Truaillithe go holc le bruscar	8.7%
Truaillithe go h-an olc le bruscar	0.0%
Truaillithe go dona le bruscar	0.0%

E. 8 Gearáin agus feidhmiú Gearáin Timpeallachta

- Méid iomlán na gcásanna faoi phróiseas gearáin a bhaineann le truailliú timpeallachta (maidir le fuíoll, bruscar, uisce, truailliú uisce, truailliú fuaime, truailliú aeir)	857
- Méid na ngearán fiosraithe	857
- Méid na ngearán socraithe sa chás nach raibh aon ghníomhaíocht bhreise riachtanach	725 (19 pending)
- Méid na gcás feidhmithe tógtha	113

E.9 Fán gcéad na Scoileanna ag glacadh páirt i bhfeachtais Chomhshaoil:

- Bunscoileanna	69%
- Meánscoileanna	82%

PLEANÁLA

Stiúrthóir Seirbhísí: John Daly

Pleanálaí Sinsir: Angela McEvoy

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsir: Kieran Kehoe

Tuairisc ar an gCoiste um Beartas Straitéiseach

Ceapadh coiste nua i mí Iúil, 2009 tar éis na dtoghchán áitiúil. Tá freagracht ag an gcoiste seo as beartas Pleanála agus Comhshaoil. Tionóladh réamhchruinniú deireanach in 2009 ionas go mbeadh na baill ar an eolas faoi obair an choiste.

An Rannóg Pleanála

Is é aidhm iomlán an Plean Forbartha ná forálacha na nAchtanna Pleanála a chur i bhfeidhm agus modhanna tacaíochta cuí a sholáthar chun leas fisiceach, sóisialta agus eacnamaíochta an Chontae a chur chun cinn I dtreo is go bhfuil caighdeáin saoil cosanta agus ardaithe agus deiseanna oibre tugtha isteach agus cruthaithe le haird ar phrionsabail in-mharthanachta.

Is féidir an Rannóg Phleanála a bhriseadh síos i 5 aicme faoi leith:

(i) Bainistíocht Forbartha
(ii) Pleanáil Chun Cinn
(iii) Forfheidhmiú Pleanála
(iv) Rialú Tógála
(v) Eastáit a Thógáil i gCúram

(i) Bainistíocht Forbartha

Bé 799 méid na n-iarratas pleanála a fuarthas i 2008. Ba chóir é a lua, áfach, go raibh 153 des na h-iarratais iomlána neamhbhailí agus bhí ar an iar-rthóir iarratas nua a aighniú.

Tugann an tábla briseadh síos de iarratais pleanála bailí a fuarthas agus breitheanna a déanadh le linn 2009.

LÌon na n-iarratas pleanala a fuarthas	646
LÌon na n-iarratas cinntithe	632
LÌon na ndeontas	557
LÌon na n-eiteach	75

2009

Iarratais mhÌ-bhailÌ curtha ar as don iarrthoir	- 19%
Tagartha do oifigÌ crantar (laethanta oibre)	- 14

Bailiú Iarratais Pleanála

Déanadh bailiú ar 833 iarratas pleanála i 2009 agus bhí 692 bailí agus 141 neamhbhailí. Cé go raibh 17% des na hiarratais pleanála neamhbhailí, b' iad ná príomhchúiseanna ná go raibh fógraí poiblí as data, ainm gníomhairí fágtha ar lár ó léarscáileanna/léaráidí agus gan an tomhas ceart taispeánta ar leagan amach suíomh.

Déanadh achomharc i gcoinne 29 iarratas don Bord Pleanála.

Tionscnaimh Seirbhís Custaiméirí

I 2009 lean scanadh iarratais pleanála mar a bhíodar faighte ag an Údarás Pleanála. Bhí an pobal in ann teacht ar gach iarratas pleanála ar line laistigh de dhá seachtaine tar éis don Údarás Pleanála iad a fháil le linn 2009.

Bhí 391 cruinniú Réamh-phleanála ar siúl i 2009, go raibh deis ag baill an phobail ann cúrsaí pleanála a phlé le pleanálaí sula n-aighnítear iarratas pleanála.

Tugadh isteach bailíocht "Thar-an-gclár " maidir le tithe aonair, ina bhféadfaidh baill an phobail freastal ar an oifig phleanála idir na huaireanta de 9:30 a.m. agus 12:30p.m., chun a n-iarratas pleanála a bhailíochtú. Tugadh isteach bailíocht "thar-an-gclár " chomh maith níos déanaí sa bhliain d'iarratais níos mó trí choinní san iarnóin. Mar thoradh ar seo, tá laghdú tagtha ar líon na n-iarratas gan bhail agus luathaítear an próiseas pleanála.

Bhí 15 Teastas Rannóg 5 eisithe ag Comhairle Chontae Laoise i 2009.

Leanann an gréasán pleanála an-mhealltach le thart ar 80,000 cuairt ar an bhliain seo caite.

(ii) Pleanáil ar Aghaidh

Réamhrá

Tá ról tábhachtach ag Pleanáil ar Aghaidh i bhforbairt fhisiceach, eacnamaíochta agus sóisialta Chontae Laoise. Tá i gceist go soláthróidh Plean Forbartha Chontae Laoise 2006 – 2012, a tugadh isteach in Eanáir 2006, creatlach straitéiseach agus comhthéacs polasaí ina ndéanfaidh an Údarás Áitiúil a gcinneadh pleanála laistigh de.

Tá dualgas orainn mar Údarás Pleanála, Plean Forbartha a dhéanamh dá limistéar feidhme agus athbhreithniú a dhéanamh air gach sé bliana. Ní foláir don úrphlean forbartha athchuir a ullmhú laistigh de thréimhse dhá bhliain, is é sin faoi Eanáir, 2012. Beidh an plean ann ansin go dtí 2018.

Leagtar amach an bunús dlíthiúil de Phlean Forbartha in Achtanna Pleanála agus Forbartha 2000-2009. Tá tábhacht shuntasach ag an bPlean Forbartha mar gheall ar a ról mar threoir d'fhorbairt sa Chontae sa todhchaí. Ní mór do gach forbairt comhlíonadh le riachtanais an Phlean.

Thosaigh an t-athbhreith niú ar Phlean Forbartha Contae Laoise 2006 - 2012 ar 31 Nollaig 2009.

Scaipeadh páipéar eisiúintí chun tús a chur leis an bpróiseas.

Tá páirt ghníomhach in ullmhú na bpleananna d'úsáid talún ar gach leibhéal ó phleanáil bailte go máistirphleanáil. Tá an Rannóg um Pleanáil Chun Cinn i mbun Comhairliúcháin Phoiblí fhorleathan i gcomhar le Fóram Pobail an Chontae le linn ullmhú na bPleananna go léir. Leis seo, tugtar an deis do gach páirtí a bhfuil suim acu ann ionchur luachmhar a bheith acu i bhforbairt a cheantar, a shráidbhaile, a bhaile féin & srl. Ina theannta sin, uasmhéadaítear rannpháirtíocht phoiblí agus feabhsaítear daonlathas áitiúil.

D'fhorbair Máistirphlean do cheantar Teamhair i gcomhar leis an Rannóg Deartha Bóithre den Chomhairle, Údarás na mBóithre Náisiúnta agus an Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le linn 2009. Leis an Máistirphlean bunaítear creat a úsáidfear:

- Chun measúnú a dhéanamh ar aon iarratais phleanála sa todhchaí sa réimse staidéir, agus
- Chun comhairle a thabhairt ar an gcineál forbartha inghlactha, úsáideoirí a d'fhéadfadh a bheith ann agus an tionchar a bheadh acu ar bhonneagar fisiceach, go háirithe an líonra bóthair áitiúil, agus ar shaincheisteanna deartha.

Is í an aisling ná bratlong a fhorbairt do Nód Náisiúnta Iompair agus Calafort Intíre a bhfuil an cumas aige geilleagar Phort Laoise a threisiú agus cur le fás an chontae agus an réigiún iomlán agus trí chuspóirí an NSS agus an MRPG a réadú

Formhuiníodh Máistirphleananna ar leibhéal Ceantair an Chomhairle sna ceantair seo a leanas.

- Lár Bhaile Chúil an tSúdaire
- Ráth Domhnaigh – Knockiel
- Lár Bhaile Ráth Domhnaigh
- Mainistir Laoise – Westlands

Scéim Athnuachana Bhaile

Cáilíonn cúig bhaile i gContae Laoise do dhreasú cánacha faoi na Scéimeanna Uirbeacha agus Baile. Is iad na bailte a cháilíonn ná Port Laoise, Maighean Rátha, Móinteach Mílic, Cúl a' t-Súdaire agus Ráth Domhnaigh.

Caomhnú

Tugann an Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú don Scéim Deontais Caomhnaithe ar bhonn bliantúil agus is í Comhairle Contae Laoise a riarann í seo.

I 2009, dáileadh €73,000 ar 17 iarrthóir bhuacacha. Tá an scéim an-thábhachtach i dtaobh na struchtúr cosanta a chaomhnú sa Chontae agus leanann Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh í a chur i bhfeidhm.

Is féidir le húinéir nó le háititheoir de struchtúr cosanta iarradh ar údarás áitiúil Alt 57/Dearbhú a eisiúint lena n-áirítear na cineálacha oibreacha a d'fhéadfadh a dhéanamh gan cur isteach ar charachtar an struchtúir nó aon ghné den struchtúr a chuireann lena suim speisialta.

Ní bheadh gá le cead pleanála do na hoibreacha seo. Eisíodh 16 Alt 57/Dearbhú dá leithéid maidir le Struchtúir Chosanta i gContae Laoise le linn 2009.

Láithreáin Thréigthe

In 2009,

- eisíodh 22 fógra d'uimh. Alt.8.2 (fógra rúin chun cur ar an gclár eisíodh 22 fógra),
- d'uimh. Alt.8.7 (fógra rúin chun cur ar an gclár,
- seirbheáladh 9 bhfógra d'uimh. Alt.11,
- dúnadh 9 gcomhad uimh. [41%] agus mar a rinneadh oibreacha íocshláinteacha sásúla,
- 4 réadmhaoine uimh. [18%] ina bhfuil oibreacha íocshláinteacha ar bun.

Tugadh cur i láthair do chruinniú Thoghcheantar Ioma ar 4 Nollaig 2009, lenar tugadh léargas ar an gcúinse reatha de dhearóiliú sa cheantar sin.

(iii) Pleanáil a Chur i bhFeidhm

Réamhrá

Déanfaidh an t- Údarás Pleanála iarracht deimhin a dhéanamh de go gcloítear le coinníollacha cead pleanála agus forbairt neamhúdaraithe a sheachaint, ar chomhréir leis na riachtanais reachtúla faoi na hAchtanna Pleanála agus Forbartha, 2000-2007.

Forbairt Neamhúdaraithe

Forbairt neamhúdaraithe is ea nuair atá forbairt déanta gan aon chead pleanála cuí a fháil nó nuair nach bhfuil sé measta mar bheith díolmhaithe faoi na Rialacháin Pleanála & Forbartha 2001. Ina theannta san, tá forbairtí atá á dhéanamh ná fuil i gcomhréir leis an cead pleanála tugtha mar fhorbairtí neamhúdaraithe

Feidhmeanna

Féachann an tÚdarás Pleanála i ndiaidh gach gearán scríofa d'fhorbairt neamhúdaraithe nuair a bhíonn bunús maith leis. Tá foirm gearáin chaighdeánaigh le fáil ar líne. Tugtar cosaint d'aitheantas an ghearánaí i gcomhréir le polasaí an Chomhairle agus i gcomhréir le moladh na dTreoracha Bainistíochta Forbartha arna bhfoilsiú i mí an Mheithimh ag an Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil.

Céimeanna Imeachta Ginearálta

Nuair a fhaightear gearán scríofa bona fide, déanfar fiosrúchán agus déanfar cinneadh ar bhailíocht an ghearáin. D'fhéadfadh tús a chur leis na céimeanna Forfheidhmiúcháin seo a leanas.

Litir Rabhaidh – D'fhéadfaí Litir Rabhaidh a eisiúint laistigh de 6 seachtaine ón dáta a fuarthas an litir ionadaíochta. Cuireann an Litir Rabhaidh in iúl don fhorbróir /úinéir go bhfuil eolas ag an Údarás Pleanála faoi fhorbairt neamhúdaraithe a d'fhéadfadh a bheith déanta, atá á déanamh, nó a dhéanfar, agus ceadaítear dó aighneacht a dhéanamh laistigh de cheithre seachtaine

Fógra Forfheidhmiúcháin – Seirbheáiltear Fógra Feidhmiúcháin nuair nach dtagtar ar réiteach sásúil ina dhiaidh eisiúna an Litir Rabhaidh. Leis an bhFógra Forfheidhmiúcháin tugtar fráma ama le haghaidh comhlíonadh leis na riachtanais agus mura gcomhlíontar na riachtanais laistigh den fhráma-ama d'fhéadfaí imeachtaí dlíthiúla a tharchuir i gcoinne an fhorbróra/ úinéara. Tá an tÚdarás Áitiúil i dteideal na costais go léir a aisghabháil, costais riaracháin agus dhlíthiúla araon, arna dtabhú acu i dtóir na forbartha neamhúdaraithe. Is féidir le Fógra Forfheidhmiúcháin eisiúint i gcásanna práinneacha fiú amháin murar seoladh Litir Rabhaidh.

Forbairtí san Fhorfheidhmiú

Tá rannpháirtíocht an phobail níos airde anois sa Chóras Forfheidhmiúcháin de bharr go bhfuil an tÚdarás Pleanála faoi dhualgais breathnú a dhéanamh ar agus freagra a thabhairt ar ghearáin. Is fianaise bhreise é méid na bhfiosraithe ó Oifig Fear an Phobail de rannpháirtíocht méadaithe ón bpobal.

Tá cumhachtaí dlíthiúla láidre le fáil chun cumas a thabhairt don Údarás Pleanála chun déileáil le ciontóirí agus d'fhéadfadh na fíneálacha a d'fhéadfaí a fhorchur a bheith suntasach sa chás go bhfuil duine ionchúisithe le cion maidir le forbairt neamhúdaraithe a dhéanamh.

Tá ardú suntasach tagtha ar líon na ngearán a fuarthas le linn 2009 agus leis seo léirítear toilteanas bhaill an phobail páirt a ghlacadh sa phróiseas forfheidhmithe.

Ceadú Ócáidí Amuigh

Tá ócáid amuigh sonraithe mar ócáid poiblí a bhíonn ar siúl don gcuid is mó nó go h-áirithe faoin aer amuigh nó i struchtúr gan díon, nó le cuid de dhíon, nó le díon sealadach nó le díon in-ais-tarraingthe nó faoi chanbhás nó struchtúr dá leithéid ina bhfuil ceol, rince, léiriúcháin spraoi poiblí nó aon ní dá leithéid san ar siúl ann.

Tá ar lucht eagraithe ócáidí dá leithéid ceadúnas d'fháil ón Údarás Pleanála sa chás go bhfuil slua de 5,000 duine ann nó níos mó.

Samplaí: Picnic Aibhléise ar siúl i Sráidbhaile, Co. Laoise i 2004, 2005, 2006, 2007, 2008 agus 2009.

(iv) Smacht Tógála

Déileálann an Rannóg Smachta Tógála le fógraí tosaithe faighte agus déanann siad cigireachtaí ar fhoirgnimh chun deimhin a dhéanamh de go gcloíonn siad leis na rialacháin Smachta Forbartha éagsúla.

Méid na bhFógraí Tosaithe Bailí Faighte	507
Méid na bhFoirgneamh clúdaithe ag Fógraí Tosaithe Bailí	675
Méid na bhFoirgneamh gur Déanadh Cigireacht Orthu	162
Méid na bhFoirgneamh gur Déanadh Cigireacht Orthu mar % des na foirgnimh clúdaithe ag Fógraí Tosaithe bailí	24%

(v) Ag Dul i gCeannas ar Eastáit

Thosaigh Comhairle Chontae Laoise leis an bpróiseas cúram eastáit a thógáil air féin ar iarratas ó fhorbróirí agus/nó ó chumainn cónaitheoirí. Deimhníonn an t-Údarás Pleanála go gcaithfidh an t-eastát a bheith ag cloí le coinníollacha an chead phleanála faoi mar a bh leagtha amach ó thús. Tugann Comhairle Chontae Laoise suas a pholasaí ceannasaíochta suas chun dáta de réir threoirlínte an Aire.

Chuathas i gceannas ar 8 eastáit i 2008.

Pleanála agus Smacht Tógála

Comharthaí Comhlíonta

Tithe Aonaracha	31/12/09
Líon na n-iarratas cinntithe	218
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	119 (55%)
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	98
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	72
% na ndeontas	80.73%
% na n-eiteach	19.26%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	66.66%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	33.33%

Orbairt Tithíochta	31/12/09
Líon na n-iarratas cinntithe	31
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	16 (52%)
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	15
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	77
% na ndeontas	93.54%
% na n-eiteach	6.46%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	50%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	50%

Eile: gan ghá le EIA	31/12/09
Líon na n-iarratas cinntithe	380
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	273
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	105
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	1
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	74
% na ndeontas	92.11%
% na n-eiteach	7.89%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	71.42%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	28.58%

Eile: gá le EIA	31/12/09
Líon na n-iarratas cinntithe	3
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	3
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	0
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	0
% na ndeontas	66.66%
% na n-eiteach	33.34%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	0%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	100%

Cur i bhfeidhm na Pleanála	**31/12/09**
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh fiosrú fúthu	195
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a caitheadh amach	44
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh réiteach orthu trí chainteanna.	57
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodh trí litir ghearáin	230
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodhtrí Fhógraí Forfheidhmithe	71
Líon Iomlán na gciontuithe	3

Opening Hours and Consultations	**31/12/09**
Uaireanta oscailte sa tseachtain ar an mheán	32.5
Líon na gcruinnithe réamh-phleanála a bhí ann	391
Anméid ama ar an meán (i laethanta) ó rinneadh iarratas ar chomhchomhairle le pleanálaí an údaráis áitiúla go dtí go mbíonn cruinniú foirmiúil comhchomhairle réamhphleanála ann.	7
Foirgnimh iniúchta mar % de fhoirgnimh nua ar cuireadh in iúl don Údarás Áitiúil fúthu	25%

SEIRBHÍS DÓITEÁN AGUS TARRTHÁLA CHONTAE LAOISE

Seirbhís Dóiteáin

D'fhreagair an tseirbhís fheidhmeach ar 745 eachtra in 2009. Astu seo, bhí 486 mar thinte agus bhí na cinn eile mar ghlaonna seirbhíse speisialta; 64 tionóisc trácht bhóthair, 45 eachtra thuile, 17 sub-staint chontúirteacha in iompar agus 228 meascán d'eachtraí eile

Seachadadh dhá fhearas dóiteáin d'Aicme B agus ordaíodh fearas eile d'Aicme B. Leanadh leis an gclár d'uasghrádú ar threalamh bhriogáid dóiteáin le ceannach de threalamh tarrthála bruascáin, tre-alamh cumarsáide agus cúnamh oiliúna.

Osclaíodh go hoifigiúil stáisiún dóiteáin nua le dhá bhá i gCúl an tSúdaire i mí an Mheithimh 2009.

Stáisiún Dóiteáin Chúil an tSúdaire, oscailt oifigiúil i Meitheamh 2009

Bainistíocht Éigeandálaí Móra

Ceannaíodh cuimsitheoirí d'áiseanna oibriúcháin. Leis na háiseanna cuirfear ionad oibre ar fáil do Chuimsitheoir Fhoireann Oibriúcháin "ar an láithreán" i gcás éigeandála móire. Ina theannta sin, ceannaíodh an trealamh agus cumarsáid riach-tanach agus tá siad i bhFeithicil Tacaíochta d'Ion-saitheachta Éigeandála Móire. Cuireadh i gcrích na

hoibreacha go léir ar cheantar Seomra Comhairle chun freastal don idirghníomhaíocht de Ghrúpa Comhordaithe Áitiúil, don Fhoireann Bhainistíochta Ghéarchéime um Údarás Áitiúil, d'fhoirne tacaíochta An Garda Síochána agus Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte. Ina theannta sin, ceannaíodh an trealamh agus cumarsáid riachtanach go léir.

Pobal an Rialtóra Oibríochtaí
Bainsitiú Mór-Éigeandála

Rinneadh Cleachtas Éigeandála Móire ar 27 Márta 2009. Dhírigh an cleachtas ar bhaill an Údaráis Áitiúil den Ghrúpa Comhordaithe Áitiúil/Foireann Bhainistíochta Ghéarchéime agus ar bhaill roghnaithe de Chuimsitheoir na Foirne Oibriúcháin.

Oiliúint

I dteannta le traenáil bhunúsach le haghaidh iontrálaithe nua don tseirbhís, thug foireann an Bhriogáid Tine faoi thraenáil shainiúil sna réimsí seo a leanas; cúrsa teagascóra tionóisc tráchta bhóthair, CAFanna ag obair san airde, gléas análaithe, oiliúint tiománaí agus iompraíocht dóiteáin urraine. Coinníodh an Dochtúir Eddie Murphy chun Seirbhís Bhainistíochta Struis d'Ionsaitheacha Criticiúla (SBSIM) go pearsa sheirbhíse dóiteáin

Sláinte & Sábháilteacht

Chun ceann de na príomhrioscaí de na Seirbhísí Dóiteáin a mhaolú, d'éirigh le Foireann Dóiteáin Mhaighean Rátha córas nua um obair san airde a phíolótú. Leathnófar an córas seo go dtí na seacht stáisiún eile in 2010.

Teastas Sábháilteachta Tine & Iarratais Phleanála

Bhí Teastais Sábháilteachta Tine próiseáilte le haghaidh 67 forbairtí trádála i 2009 agus tugadh comhairle don Údarás Pleanála maidir le 103 iarratas Pleanála.

Cosaint Síbhialta Laoise

Is eagraíocht deonaithe é Chosaint Sibhialta Laoise go bhfuil a bhaill bródúil friotháil air mar sheirbhís taca d'ard chaighdeán.

Tá na baill deonacha ioldána agus is príomh-ghníomhartha an eagrais
ná:

Garchabhair
Soláthar seirbhís gharchabhrach agus othar carr.

Seirbhísí Tarrthála
Athshlánú uirbeach, cuardach tuath oscailte le haghaidh daoine atá i neasnamh
go bhfuil an t-aon ghadhar sábhála agus tarrthála K9 H.R.D. laistigh des na húdaráis áitiúla acu. Cuardach agus tarrtháil bunaithe san uisce.

Múchadh tine
Cleachtais chaidéalaithe agus dréimire, ag caidéalú uisce tuile agus uisce a sholáthar don bpobal.

Seirbhís Mhaor agus Monatóireacht Raid-ghníomhaíochta
Aimsiú raid-ghníomhaíocht agus monatóireacht.

Scileanna Leasa
Béilí teo, deochanna agus tacaíocht síc-sóisialta.

Cumarsáid Raidió
Oibriú dhá stáisiún raidió neamhspleácha MSA., MAA. agus Raidió Banda Muirí. Tá na córais seo á rith ónár Aonad Tacaíochta Oibríochta Speisialta.

Freagra Éigeandála

Ag freagairt do Éigeandála Móra

Chabhraíomar ag ócáidí le linn 2008 mar Pharáid Lá 'Le Pádraig, An Picnic Aibhléise agus aon fheidhm shibhialta a bhí á rith ag Údaráis Áitiúla Laoise.

Tá ionaid traenála suite i Sráid Bhaile, Darú agus Móinteach Mílic. Má tá suim agat sa mhéid sin thuas agus go bhfuil tú idir aois 16-65, dean teagmháil linn chun tuilleadh eolais a fháil ag (057) 8864000 nó ríomhphost ag lpreston@laoiscoco.ie nó tabhair cuairt chuig ár suíomh idirlín ag www.laoiscivildefence.org.

Coiste Polasaí Straitéisigh um Sheirbhísí Iompair & Uisce

Stiúrthóir Seirbhísí: Gerry Gibson

Cathaoir: Martin Phelan, M.C.C.

Baill	Ranna
Brendan Phelan, M.C.C.	Francis Gorman
Ben Brennan, M.C.C.	Pat Culleton
Jeremiah Lodge, M.C.C.	Noreen Byrne
Kathleen O'Brien, M.C.C.	Miriam Hamilton
Seamus McDonald, M.C.C.	
Matthew Keegan, T.C.	

BÓITHRE

Innealtóir Sinsir: Michael O'Hora

Dáiltí Deontas Bhóthar 2009

Fuair Comhairle Chontae Laoise dáileadh iomlán de €118,105,423 le haghaidh bóithre Náisiúnta & Neamhnáisiúnta an chontae i 2009. Bhí €12.6m de seo ar fáil le haghaidh caiteachais ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.

Scéimeanna Feabhsaithe Sonracha

Fuair Comhairle Chontae Laoise ciste ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le haghaidh na scéimeanna seo a leanas i 2009:

Droichead Chill Mhuilinn- €2,160,000

San áireamh sa scéim tá athlíniú an Bhóthair R420 Cúil an tSúdaire go dtí Mainistir Eimhín mar aon le droichead thar an phríomhbhealach iarainn phríomha Bhaile Átha Cliath/Luimneach/Corcaigh. Thionóil an Bord Pleanála cruinniú éisteachta maidir le dréacht ordú ceannaigh éigeantaigh na scéime seo i Nollaig 2005. Faomhadh an scéim i 2006 agus fuarthas tailte in 2007 agus in 2008. Síníodh cáipéisí conartha leis na conraitheoirí buacacha John Cradock Ltd. i mí an Mhárta agus cuireadh i gcrích comhaontas droichid le hIarnród Éireann in Eanáir 2009.

Críochnaíodh an scéim in Eanáir 2010.

Droichead Mílic- €101,000

Thosaigh an tógáil ar Dhroichead Mílic, Bóthar Thigh Mochua, Port Laoise i mí na Bealtaine 2009.San áireamh san obair bhí bealach singil dhá lána, is é sin Ceangalbhóthar an Tóchair, ó acomhal Ascaill Father Browne go dtí an Nód Náisiúnta Iompair & Calafort Intíre atá molta agus na hoibreacha coimhdeacha go léir a ghabhann leis.

Tugadh an scéim seo chun críche i mí Mheán Fómhair, 2009.

Bearta Íocshláinteacha um Shábháilteacht ar Bhóithre

In 2009, fuair Comhairle Chontae Laoise €313,500 chun 12 Beart Íocshláinteacha um Shábháilteacht ar Bhóithre a dhéanamh ar áiteanna éagsúla ar fud an chontae ar Scéimeanna Bhóithre-Neamh Náisiúnta. Mar chuid de na scéimeanna seo bhí athlíniú acomhail ar R422/L2095 Cros Mullaghanard , Ros Fhionnghlaise agus an soláthar líniú, marcáil bhóithre agus comharthaí chun sábháilteacht bhóthair a fheabhsú ag áiteanna eile ar fud an chontae, lena n-áirítear Scéimeanna ag R433 Middlemount, Ráth an Domhnaigh, acomhal Bhóthar Ballyclider-Bóthar Bhaile Átha Cliath R425/R445, Droichead Blackford R428.

Sábháilteacht Bhóthair

Leantar ar aghaidh leis an gClár 'Tiomáin ar son do Shaoil' atá dírithe ar dhaltaí meánscoile agus leis an gClár 'Rothaíocht Sábháilte' do rothaithe óga i scoileanna an chontae (1200 páiste). Scaipeadh veisteanna ard-fheiceálacha ar 5 Bhunscoil i mbliana agus scaipeadh 200 veist do dhaoine fásta i measc grúpaí gníomhaíochta éagsúla. Thug an tOifigeach Sábháilteacht Bóithre cuairt ar roinnt scoileanna áitiúla chun oideachas maidir le sábháilteacht bhóthair a chur chun cinn. D'úsáid 400 dalta ó bhunscoileanna áitiúla na busanna scoile den Údarás um Shábháilteacht Bhóthair i mí na Bealtaine.

Cothabháil na mBóithre Náisiúnta

Rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar chosáin in 2009 ar N80 Móinteach Mílic, N80 Sráid Coote,

Port Laoise, N80 Coillte Laoise, N7 Maighean Rátha go Derraugh, N7 Buiríos Mór Osraí agus N77 Darú. San áireamh sna hoibreacha bhí pleanáil agus atógáil ar áiteanna síogaithe den chosán. B'ionann méid na n-oibreacha seo agus €548,000.

Bóithre Neamh-Náisiúnta a Chothabháil

Dhein Comhairle Chontae Laoise oibreacha cothabhála ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla an chontae, ar aon dul le blianta eile. Tá oibreacha draenála, cóiriú gruaimhín, deisithe cosán, comharthaí a chur suas agus a athrú, ath-líniú, soláthar stud, glanadh sráide agus bailiú bruscair agus bacainn/sreangú sábháilteachta a athrú san áireamh ins na hoibreacha seo.

Bhí oibreacha Neartaithe agus Cóirithe Dromchla déanta i 2009, faoi an gClár Oibreacha Bhóithre Il-Bhliantúla 2008-2010 ar Bhóithre Réigiúnacha agus Chontae mórthimpeall an chontae. Bhí iomlán de 47 km Bóithre Réigiúnacha agus Chontae neartaithe agus bhí 81 km de dhromchla cóirithe i 2009.

Scéimeanna Maoinithe na dTáillí Forbartha

Chuathas ar aghaidh le roinnt scéimeanna trí Táillí Forbartha i 2009.

N80 Ceangail Chluain Reithir

San áireamh sa scéim seo bhí athlíniú den N80 chun ceangal leis an Timpeallán Pháirc an Aonaigh ar an acomhal Iar-Chuarbhóthar Phort Laoise. Ba é O'Connor Sutton Cronin a dhear an scéim. Bronnadh an conradh ar Ward & Burke Construction Ltd. i mí an Mhárta 2009 do €909,696. Críochnaíodh an scéim in am agus de réir an bhuiséid i mí na Nollag, 2009.

Ceangal-Bhóthar an Tóchair - Céim 1

Sa Scéim um Ceangal-Bhóthar an Tóchair, nasctar an Pháirc Fiontair Náisiúnta ó Ascaill Father Browne agus an Ceangal Cluain Minam

I gcéim 1 den scéim tá tuairim is 150 méadar de bhealach nua, ag nascadh an Bóthar Eastáit Chluain Minam le timpeallán sa Pháirc Fiontair Náisiúnta arna thógáil ag tógálaí príobháideach. Daingníodh faomhadh Cuid 8 don scéim i mí Iúil, 2005. Dhear O'Connor Sutton Cronin an scéim agus cuireadh fáilte roimh fhorthairiscintí in 2008. Ag deireadh 2008, bronnadh an conradh ar John Cradock Ltd. do €561,785. Críochnaíodh an scéim i mí Aibreáin 2009.

Castaí Chros na nÉan i nGráig Uí Chuilinn

Chuir David Walsh Contractors an scéim i gcrích i mí an Mheithimh, 2009 ag costas de €1,050,000

Bealach Fithiseach Thuaidh Phort Laoise

Rinneadh obair in 2008 ar fiosraithe talún agus ar shuirbhéanna topagrafacha ar an mbealach. Tá dearadh sonrach na scéime seo críochnaithe. Táthar ag súil go seachadfar codanna den bhóthar seo trí fhorbairt na dtailte creasa. Tá comhairliúchán ar bun go leanúnach leis an UNB chun an scéim seo a chur ar aghaidh níos mó.

Cuar-Bhealach Deisceart Phort Laoise

Thosaigh an próiseas OCE agus d'fhormheas an ABP é i mí na Nollag, 2008. Forbróidh forbróirí príobháideacha an scéim laistigh de chomhthéacs na gceadanna pleanála arna ndeonú ar bhealach na scéime. Tá tús curtha ag Aldi (Ireland) Ltd. ar fhorbairt a shuíomh faoi réir chead pleanála agus tógfaidh siad an chuid de Nasc Kylekiproe den bhealach a théann tríd a thailte.

Athlíniú Bóthair Buiríos

Fuarthas cead Cuid 8 le haghaidh na scéime seo i 2007. Ceapadh comhairleoirí go luath i 2008 chun aghaidh a thabhairt ar an dearadh sonraithe, a críochnaíodh in 2009. Táthar ag súil go dtosóidh an OCÉ don scéim seo in 2010. Cuireadh tús le timpeallán nua le haghaidh rochtain ar shuíomh na scoile nua tar éis comhaontú ceadúnais rochtana idir an Chomhairle agus an tAire Oideachais agus Eolaíochta i mí na Samhna, 2010. Meastar go gcríochnóidh an chéim seo den obair i mí an Mheithimh, 2010, agus beidh céimeanna eile ina dhiaidh sin ar feitheamh maoinithe, lena n-áirítear uasghrádú an t-acomhal Lána Colliers/Bóthar Bhaile Átha Cliath.

Feabhsúcháin Tráchta Sráidbhaile Ráth Domhnaigh
.

Thosaigh tógáil i mí na Samhna, 2008 agus críochnaíodh Céim 1 in 2009 ag costas de luach €600,000.

Scéimeanna Eile

Bhí roinnt Codanna 8 eile tugtha ar aghaidh i gceantair atá tionchar ag forbartha molta ar aidhmeanna bhóthar viz:

- R445, Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise – Faomhadh ag cruinniú in Eanáir, 2009
- R445, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise – Faomhadh ag cruinniú atrátha Aibreáin, 2009 ag 11 Bealtaine 2009.
- Bealach Fithiseach Thuaidh Phort Laoise/Bóthar Mílic - Níor faomhadh é ag cruinniú i mí Dheireadh Fómhair, 2009.

Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla

Fuarthas dáileadh €354,000 ón Roinn Iompair i 2009 maidir le sin thuas agus críochnaíodh 17 gcinn de thionscnaimh. Baineann Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla le bóithre príobháideacha i Laois. Tá Deontas 85% de chostas iomlán na n-oibreacha soláthraithe má chosnaíonn an scéim sa bhreis ar €25,393. Sa chás go gcosnaíonn scéim níos lú ná an méid seo tá 90% soláthraithe.

Rannpháirtíocht an Phobail in Scéim Oibreacha Bóthar

Lean an scéim seo i 2009 (€220,000) agus tugadh faoi 9 dtionscnamh go buacach i dteannta le pobail áitiúla.

Táscairí Seirbhíse Náisiúnta

R: Bóithre

R.1 Faid i gciliméadair de Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha feabhsaithe agus á gcothabháil faoin gClár Athchóirithe

128.27

Faid i gciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha tógtha faoi scéim deontas na bhfeabhas sonrach gach bliain

0.48

SEIRBHÍSÍ UISCE

Innealtóir Sinsir: Brendan Clarke

Tá feidhmeanna na Seirbhísí Uisce roinnte i gceithre chuid:

- Oibríocht Leanúnach agus Cothabháil Scéimeanna Uisce agus Fuíoll Uisce
- Clár Infheistíochta Caipitil
- Clár Uisce Tuaithe
- Soláthar agus cothabháil Reiligí

Soláthraíonn Seirbhísí Uisce tacaíocht, chomh maith, don Roinn Pleanála agus téann siad i gcomhairle leis an bpobal faoi ghnéithe pleanála bainteach le seirbhísí uisce agus fuíoll uisce.

Oibríocht agus Cothabháil Leanúnach

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as soláthar agus cothabháil soláthar uisce dóthanach agus cóireáil fhuíoll uisce agus áiseanna cur de láimh a chloíonn le Treorach Uisce Óil an AE agus le Treorach Cóireála Fuíoll Uisce Uirbeach an AE. Soláthraíonn Comhairle Chontae Laoise timpeall 24,000 méadar ciúbach uisce faoi láthair sa ló. Faoi láthair, tá méid an uisce gan tuairisc ag 34%, méid atá níos fearr ná an meán náisiúnta.

Ionad Cóireála Fuíolluisce Phort Laoise

Caighdeán Uisce

Tá feidhmeanna reachtúla ag Comhairle Chontae Laoise maidir le monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar uisce óil sa chontae mar atá said leagtha amach i Rialacháin an AE (Uisce Óil) 2000.

Bhí comhlíonadh iomlán le caighdeáin uisce óil i soláthairtí uisce poiblí i gcomhréir leis an meán náisiúnta. Go ginearálta, bhí comhlíonadh le formhór na bparaiméadar go maith.

Fuíll Uisce

Tá an tógáil críochnaithe ar an Uasghrádú Sealadach 5000PE ar Áis Chóireála Fuíll Uisce Chúil an tSúdaire.

Doirteadh go Séaraigh

Tá gá le ceadúnas, faoi réir Acht an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990 agus a rialacháin, le haghaidh aon chuideachta a scaoileann eisilteach trádála (le huiscí fuaraithe san áireamh) go dtí an séarachas. Ag tús 2009, bhí 21 ceadúnas i bhfeidhm. Forbraíodh cur chuige nua d'iarratais cheadúnais chun an próiseas a dhéanamh níos éadroime do ghnóthais bheaga. Mar thoradh ar an gcur chuige úr, eisíodh 78 ceadúnas nua le linn 2009, agus mar sin bhí 99 ceadúnas san iomlán i bhfeidhm faoi dheireadh 2009.

Ceadúnas Scaoileadh Fhuíll Uisce

Éilíonn na Rialacháin (Údarú) Scaoileadh Fhuíll Uisce, 2007 (Uimh. S.I. 684 as 2007) go ndéanfaidh an Áisíneacht Chaomhnaithe Comhshaoil údarú ar gach scaoileadh fhuíoll uisce de chuid an údaráis áitiúil. Sé an chúis atá leis seo ná truailliú uisce a sheachaint agus tagann sé ar aghaidh ó riachtanais a lorgaíonn an Treorach Chreatlach Uisce. Do fhostaigh Comhairle Chontae Laoise beirt oibrí theicniúil le haghaidh na gceadúnas a ullmhú seachas comhairleoirí a fhostú. In 2009, applIn 2009, bhí iarratais déanta do:

Baile Uí Laighneáin	Buiríos Mór Osraí
Darú	Ráth Domhnaigh
An Sráidbhaile	Baile na Cille
Baile Ruáin	Baile an Chaisleáin
Cluain na Slí	Árlas
Baile Uí Cholla	Baile Briotáis
Cam Ros	Ceapach Lochánach
Cloch	Coolanagh
Cúil Ruáin	Ioma
Eiréil	Kileen
Baile Nua an Dúnáin	Ros Fhionnghlaise
An Eala	Tigh Mochua

Sé méid iomlán an chostais le haghaidh an chláir cheadúnais do 2009 ná €309,000.

Clár Infheistithe Caipitil

Oifig Tionscnaimh Caipitil

Mhéadaigh an fhoireann Oifige Tionscnaimh go dtí trí innealtóir, teicneoir amháin agus ball riaracháin foirne amháin tar éis cead ón Rialtas agus bunú Oifig Tionscnaimh Caipitil na Seirbhísí Uisce. Tá Oifig na dTionscnamh Caipitil freagrach as Scéimeanna Uisce agus Fuíll Uisce a sheachadadh a cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi Clár Infheistithe na Seirbhísí Uisce 2007-2009.

Scéim Feabhsúcháin Soláthair Uisce Chúl an tSúdaire

Críochnaíodh conradh céim ar aghaidh chun méid suntasach d'uisce a sholáthar go Cúil an tSúdaire ó fhoinsí tobair nua ag La Bergerie agus an Dubh Loch. Críochnaíodh dearadh sonrach na príomhscéime in 2009 agus tá sé á formheas ag an Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil. Roghnaíodh cúig chuideachta faoi réir an phróisis réamhcháilíochta agus meastar go dtógfar é in 2010.

Soláthar Uisce Phort Laoise & Mhóinteach Mhílic

I mí Lúnasa 2009, críochnaíodh an conradh druileála táirgeadh ar na 9 gcinn de thoibreacha a bhí fágtha. Críochnaíodh Tástáil Caidéalaithe i mí Mheán Fómhair, 2009. Fógraíodh conradh d'fhiosrú suímh i mí dheireadh Fómhair, 2009, agus táthar ag súil go dtosóidh na hoibreacha sa chéad ráithe de 2010. Sceidealtar go n-eiseofar cáipéisí conartha do Chomhairle Chontae Laoise i gcomhair formheasa sa tríú ráithe de 2010.

Scéim Fheabhsúcháin Séarachais Phort Laoise

Chríochnaigh Murphy International Ltd. tógáil chonartha na nOibreacha Feabhsaithe Séarachais (Gréasán) le linn 2008. Tógadh trí stáisiún caidéalaithe chomh maith.

Thosaigh an conradh Dear-Tógáil-Feidhmigh le haghaidh Áis Chóireála Fuíll Uisce Phort Laoise a thógáil in 2007. Cuireadh i gcrích formhór na tógála in 2009 agus cuireadh tús leis an gconradh feidhmiúcháin de 20 bliain.

Ionad Cóireála Fuíolluisce Phort Laoise

Scéim Séarachais do Bhailte Laoise ina nGrúpaí

Cuireadh na doiciméid chonartha le haghaidh chonradh na n-áiseanna cóireála faoi bhráid an Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil in 2008 i gcomhair formheasa chun dul ar aghaidh chuig tráth na dtairiscintí. Cuireadh conraitheoirí ar ghearrliosta in Aibreán, 2009.

Faoi láthair tá Comhairle Chontae Laoise ag feitheamh ar fhormheas chun dul ar aghaidh chuig tráth na dtairiscintí Mhol an Roinn faoin fhéidearthacht de Wetland Comhtháite Tógála i gCluain na Slí agus sceidealtar go gcríochnófar oibreacha fiosraithe sa chéad ráithe de 2010. Críochnaíodh cáipéisí conartha gréasáin agus cuireadh faoi bhráid na Ranna i mí Feabhra 2009 i gcomhair formheasa.

Faoi láthair tá Comhairle Chontae Laoise ag feitheamh ar fhormheas chun dul ar aghaidh chuig tráth na dtairiscintí leis an scéim seo.

Scéim Séarachais Sráidbhailte Laoise ina nGrúpa

Críochnaíodh an Tuairisc Staidéar Féidearthachta deiridh le haghaidh Scéim Séarachais Sráidbhailte Laoise ina ngrúpa agus d'aighníodh é don Roinn i 2007. Tá Comhairle Chontae Laoise ag feitheamh faoi láthair ar chead na Roinne dul ar aghaidh leis an scéim seo.

Scéim Feabhsaithe Séarachais Mhóinteach Mílic

Déanadh athbhreithniú ar scóip tionscnamh Leathnaithe Séarachais Mhóinteach Mílic i 2007. Dhírigh scóip Céim 1 ar athnuachan agus ar fheabhsúcháin comhlíonta na stáisiúin caidéalaithe reatha agus ar an áis cóireála fuíoll uisce. Dearadh agus cuireadh tairiscintí amach le linn 2008 agus thosaigh an tógáil i mí an Mhárta 2009 agus críochnaíodh é i mí na Nollag, 2009.

Scéim Séarachais Cúil an tSúdaire Ioma/Baile an Bhriotáis/Cillín Ard

Fuarthas cead le haghaidh Ioma, Baile an Bhriotáis agus Cillín Ard a chur isteach i Scéim Séarachais Chúl a' tSúdaire tar éis coimre leasaithe a aighniú don Roinn.

Ceapadh Comhairleoirí N. O'Dwyer i Márta, 2008. Thosaigh conarthaí oibreacha suirbhé (Suirbhé Sruth agus Báistí, Staidéar Ailtireachta agus Suirbhéanna Srutha agus Ualaigh, suirbhé Lidar, ceantar neamh-tréscaoilteach agus TCI/CUB) i Lúnasa, 2008. Eisíodh an Réamh-Dréacht-Tuairisc i mí Dheireadh Fómhair, 2009.

Scéim Soláthair Uisce Ghráig Uí Chuilinn

Bhí hidreagheolaí an UFF ceaptha i 2007 chun Réamh-thuairisc a ullmhú a aithníonn suímh oiriúnacha le haghaidh toll-pholl taiscéalaíochta agus doiciméid tairiscintí le haghaidh an chonartha druileála a chur isteach. Druileáladh an dara tobair táirge ar thailte sa cheathrú ráithe de 2009. Tá tástáil chaidéil le tosú sa dara ráithe de 2010 agus tá tuairisc an UFF le foilsiú ina dhiaidh sin. Táthar ag súil le céim thógála de stóráil 1850m3 san fhómhar, 2010.

Scéim Feabhsúcháin Soláthair Uisce Dárú

Tá céim 2 de sholáthar uisce Aiteannaigh á tosú anois, chun uisce a sholáthar go Darú/Baile na Coille. Tá múnla deartha le tógáil chun na réitigh a mheas.

Clár Uisce Tuaithe

Táid seo a leanas san áireamh i gClár Uisce Tuaithe na Comhairle:

- Scéimeanna Uisce Grúpa
- Scéimeanna Uisce agus Séarachais Beaga
- Deontais le haghaidh Fearais Uisce Tobar Aonaracha

Scéimeanna Uisce Grúpa

Soláthraíonn scéim uisce grúpa soláthar uisce príobháideach do 2 theach nó níos mó trí fhoinse soláthair comónta nó roinnte agus córas dáilte.

- Cabhraíonn an Chomhairle le grúpaí trí oibriú i bpáirtíocht leo agus trí:
- Comhairle agus treoir a thabhairt ar fhoirmiú agus ar fheidhmiú na scéimeanna grúpa
- Chomhairle theicniúil a sholáthar ar fhadhbanna foinse agus soláthair, ar ghréasáin dáilte, ar chaighdeán agus ar chóireáil uisce, dearadh scéime, &rl.
- Ag tabhairt cumas do ghrúpaí soláthar uisce a thógáil ó phríomhlíonra uisce poiblí sa chás go bhfuil sé seo indéanta
- Comhairle agus cúnamh a thabhairt ar sholáthar tairiscintí agus luachála
- Scéimeanna grúpa cúnamh deontais suas go 85% den gcostas ceadaithe, le teorainn €6,475 per teaghlach
- Maoirseacht ar chaighdeáin tógála
- Fóirdheontas bliantúil a sholáthar le haghaidh chostais feidhmithe agus cothabhála a bhí caite ag an grúpa sa scéim.

Faoi láthair tá 62 GrúpScéim Uisce i bhfeidhm i Laois.

Achoimre ar na Deontais a íocadh in 2009.

Grúpscéimeanna Uisce Nua €290,100
Do G.S.U. Mhaigh Fhada, S.G.U. Mhaigh Eanaigh, S.G.U. Chluain Aine, G.S.U Bhaile Uí Chléirigh
Fóirdheontais €399,450
Do na G.S.Uanna éagsúla sa chontae.
Grúpscéimeanna Uisce a Thógáil i gCúram €184,600
Do G.S.U Slat/Cnocán na Mac, G.S.U Áth Tanaí, G.S.U Raeire, G.S.U Ráth an Uisce
Oibreacha DTF Ar Aghaidh €334,700
Maidir le Céim 3 Gréasáin Bhaile Colla, Baile Colla/Cill Éanaigh Méadrú Bhaile Uí Cholla, Baile Phiocáis
Uasghrádú ar Ghrúpscéimeanna Uisce atá ann cheana €567,100
Do G.S.U Chúl Coill, G.S.U Fraochmhá, Achadh Mhic Airt, G.S.U. Eiréil, G.S.U. Coolgorragh
Oibreacha Tosaíochta Eatramhacha an ECJ €10,000
Do G.S.U Fraochmhá.

Iomlán: €1,785,950

Scéimeanna Beaga Uisce & Séarachais

Soláthraítear maoiniú do thionscadail chaipitiúla le haghaidh soláthar d'uasghrádú de scéimeanna beaga uisce agus séarachais a fhorlíonann bearta uisce tuaithe atá ann cheana. In 2009, caitheadh €675,000 ar na scéimeanna seo a leanas; Soláthair Uisce Mhainistir Laoise, Soláthair Uisce Bhaile Ruadháin, Soláthar Uisce Mhaighean Rátha/Bhaile an Chaisleáin, Taiscumar Chnocán na Croiche, Soláthair Uisce Ros Fhionnghlaise, Soláthar de Mhonatóirí Clóirín agus Uasghrádú ar Theach Caidéalaithe

Scéim Deontais um Sholáthar Uisce Aonair

Tá deontas de 75% de chostas faoi réir deontais d'uasmhéid €2,031.58 iníoctha d'uasghrádú de sholáthar uisce aonair príobháidí nuair nach mbíonn aon ghrúpa eile nó soláthar poiblí ar fáil. In 2009, íocadh €80,000 de chúnamh deontais faoi réir na Scéime seo.

Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe

Bunaíodh Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe i 1998. Tionólann an Coiste gach ráithe chun comhaontú agus mónatóireacht a dhéanamh ar an gClár Uisce Tuaithe. Tá an Coiste déanta suas d'ionadaithe ón I.F.A, ón I.C.M.S.A, ón gCumann Contae de Grúpscéimeanna Uisce, ón gCumann Náisiúnta de Grúpscéimeanna Uisce agus de bhaill agus oifigigh ó Chomhairle Chontae Laoise

Soláthar agus Cothábháil Reilligí

Lean Comhairle Chontae Laoise ag feidhmiú fiche seacht reilig mórthimpeall an chontae ag Mainistir Laoise, Eanach Tirim, Baile an Chalaidh, Béal Átha na Coille, Baile Adaim, Baile Finn, Baile Uí Laighneáin, Teach na Bearbha, an Bhuiríos, Cam Ros, Baile an Chaisleáin, Cluain na Slí, Ioma, Darú, Cillín Ard, Cill Uisean, Móinteach Mílic, Maighean Rátha, Maigh Eanaigh, Port Laoise, An Ráithín, Ráth Domhnaigh, Ros Fhionnghlaise, Sean Chua, Sléibhte, An Sráidbhaile agus Tigh Mochua.

Tá Cláraitheoirí Reilige fostaithe do gach Reilig de chuid na Comhairle le freagracht orthu do dhíolachán plásóga agus cothabháil a dhéanamh ar rolla na reilige. Cuid tábhachtach den rannóg is ea na taifid a chothabháil. I 2008, thosaigh agus leanadh ar aghaidh le haistriú na sonraíochta láimhe ó chláir go formáid leictreonach agus lean an obair seo ar aghaidh i 2009.

Clár Caipitiúil

Conraíodh obair de €67,000 san iomlán faoi réir Mhaoiniú Míchumais do reiligí ag Mainistir Laoise, Baile Adaim,Baile Finn, Teach na Bearbha, Cam Ros, Baile an Chaisleáin, Cluain na Slí, Ioma, Maighean Rátha, An Ráithín agus Tigh Mochua.

Deontais Reilige

Meallann an Chomhairle obair na gcoistí reilige áitiúla trí dheontas gach bliain. Fuarthas 113 iarratas deontais i 2009 agus díoladh amach €82,400. Tá obair luachmhar á dhéanamh ag na coistí deonacha seo ag cothabháil na reiligí áitiúla. Tá reiligí rangaithe agus tá deontais díolta amach ar an mbonn seo a leanas: Rannóg A: Reiligí na Comhairle, Rannóg B: Reiligí Comhairle Níos Lú, Rannóg C: Reiligí Nach cuid na Chomhairle iad agus Rannóg D: Reiligí na fuil á úsáid go rialta a thuilleadh

Leithris Phoiblí

Caitheadh €84,000 ar chothabháil na leithreas poiblí i bPort Laoise, i Maighean Rátha agus sa tSráidbhaile.

Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha

Tá an chumhacht ag an gComhairle déileáil le struchtúir nó áiteanna má tá an pobal i mbaol nó má tá, nó gur dhócha go mbeidh aon duine nó do aon réadmhaoine i mbaol. D'fhéadfadh fógra a fhreastal ar úinéir áite/struchtúr dá leithéid ina bhfuil oibreacha riachtanach le déanamh ann. Más gá, féadfaidh an Chomhairle an obair a dhéanamh agus na costais a fhorchúitiú.

Ceannaire Airgeadais: Gerry Murphy

Cuntasóir Airgeadais/ Bainistíochta: Julie Bergin

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as na seirbhísí seo a leanas:

Cáin Mótair, Cuntais Iníoctha, Bailiú Ioncaim, Párolla agus Pinsean, Iniúchadh Inmheánach, Ullmhú Buiséid agus Ráitis Airgeadais Bhliantúil, Bainistíocht Airgeadais agus na gnóthaí uile a bhaineann leis.

Rátaí

Ba é 64.63 an Ráta Bhliantúil Ginearálta ar Luacha. Ba é an t-Iolraitheoir Luacha In-ráta le haghaidh Port Laoise agus Móinteach Mílic ná:

Port Laoise:	66.63
Móinteach Mílic:	67.43

Muirir Uisce

I 2009 bhí 2,747 úsáideoirí tráchtála ann agus rinneadh méadarthomhas ar 2,609 acu san. Bhí táille seasta ann do na tomhaltóirí eile.

Leanadh ar aghaidh leis an dTionscadal Méadarithe le linn 2009 do na custaiméirí neamh-theaghlaigh go léir.

Íocaíocht Dhéanaí Cuntais

I ndiaidh tabhairt isteach an Acht um Íocaíocht Pras ar Chuntais faoi mar a leasaíodh é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanaí i mBearta Tráchtála) 2002, tá soláthraithe tráchtála i dteideal íocaíochtaí úis ar mhéideanna dlite dóibh i ndiaidh

a) an dáta sonraithe faoi théarmaí conartha scríofa, nó
b) 30 lá ón sonrasc a fháil nó ó sheachadadh na n-earraí, nuair nach bhfuil conradh scríofa ar bith nó mura sonraíonn an conradh dáta íocaíochta.

Glacann Comhairle Contae Laoise le téarmaí an Achta um Íocaíocht Pras ar Chuntais faoi mar a leasaíodh é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanaí i mBearta Tráchtála). Chun géilleadh don Acht agus na Rialacháin a chinntiú, cuirtear stampa dáta ar na sonraisc a faightear san rannóg Cuntais Iníoctha agus déantar scrúdú seachtainiúil ar sonraisc gan íoc atá ag druidim leis an dáta sonraithe. Sa chás go mbíonn ús íocaíochta dhéanaí iníoctha, seoltar ráiteas a shonraíonn an ús chuig an soláthraí chomh maith leis an íocaíocht. Ní féidir leis an gnás atá sonraithe thuas ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú cinnte a sholáthar le haghaidh géilleadh don Acht.

Is iad na gnáth tréimhsí íocaíochta sonraithe i conarthaí scríofa i gcoitinne ná:

Conarthaí Tithíochta	- 10 lá oibre
Conarthaí Bóithre	- 28 lá
Conarthaí Uisce	- 14 lá /1 mí

Staitistic Íocaíocht Dhéanaí: 2009

An líon iomlán íocaíochtaí déanacha os cionn €250:	2
Luach íocaíochtaí dhéanaí os cionn €250:	€2,700
Meán tréimhse íocaíocht dhéanaí lá:	76
Codán i Euro de íocaíochtaí dhéanaí uile maidir le íocaíocht iomlán: (€2,700/€240,236,249)	.0011%
Suim Iomlán úis íoctha ar íocaíochtaí dhéanaí:	€52.74

Córais Bhainistíocht aAirgeadais - Feabhsuithe

Bhí tuileadh uasghrádaithe ar an gcóras Ranníocaíochtaí Forbartha le córas 'Leanúint-Féichiúnaithe'. Leis seo eisítear go huathoibríoch litreacha meabhrúcháin do chustaiméirí agus aistrítear na cuntais chuig ár n-aturnae. Ina theannta sin, dearadh tuairiscí chun tuairisciú cruinn a chinntiú maidir le fasinéis staitisticiúil faoi ranníocaíochtaí forbartha.

Ullmhaíodh an Buiséád 2010 agus na Ráitis Airgeadais Bhliantiúla leis an gcóras costais nua.

Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Leis an Acht um Rialtais Átiúil Local Government charges act 2009 tugadh isteach muirir bhliantúil de €200 ar áiteanna cónaithe príobháideacha neamhphrionsabail. Is iad na húinéirí a íocann é seo go dtí an NPPR ar son an údaráis áitiúil ina bhfuil an réadmhaoine suite ina gceantar. Is féidir an íocaíocht a dhéanamh trí shuíomh gréasáin an NPPR www.nppr.ie nó is féidir é a íoc trí fhoirm chlárúcháin an NPPR a chur isteach agus an

íocaíocht a thabhairt don oifig airgeadais dod' Chomhairle Chontae áitiúil.

Is é an 31 Márta 2010 an dáta dliteanais don mhuirir NPPR. Is é an 31 Bealtaine 2010 an dáta due. Tabhófar pionóis de €20 in aghaidh na míosa tar éis an 30 Meitheamh 2010.

Go dtí seo, tá 3008 Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha ar an liosta le hadmhálacha de €611,300.

Cáin Ghluaisteán

Leanann an Roinn Cánach Ghluaisteán ag soláthar seirbhísí atá in úsáid go forleathan ag an bpobal. Clúdaíonn an Córas (Comhad Tiomána Feithicle Náisiúnta) CTFN gach cáin ghluaisteán agus gach ceadúnas tiomána.

B' iad na hidirbhirt iomlána a dhein OMC Laoise i 2009 ná 75,249.

Rátaí Nua CO2

Beidh cáin gluaisteán do fheithiclí nua cláraithe air, nó ina dhiaidh an 1ú Iúil, 2008 déanta amach bunaithe ar seacht gcinn de bhandaí CO2. Beidh an cháin ó €104 sa bhliain dos na gluaisteáin is glaise go €2000 le haghaidh gluaisteáin leis na rátaí astaithe is airde. Beidh rátaí cáin Gluaisteán grádaithe mar a théitear suas na bandaí CO2.

Ceadúnais Feithicle

Bé an teacht isteach iomlán do 2009 ná €12,070,810, i gcomparáid le €12,576,685 i 2008. Bé méid na gceadúnas feithicle (dioscaí) a eisíodh i 2009 ná 56,095 i gcomparáid le 56,812 i 2008.

Ceadúnais Tiomána

Bé €117,365 méid na bhfáltas (le dúbailtí san áireamh) le haghaidh 2009 i gcomparáid le €196,660 le haghaidh 2008. Bé 8,620 méid na gceadúnas tiomána a eisíodh i 2009 i gcomparáid le 11,262 i 2008. Ní foláir do gach iarrthóir dá chéad Ceadúnas Foghlaimeora Teist Teoirice a dhéanamh. Is é an uimhir fóin chun glaoch a dhéanamh do theist 1890 606 106.

Tástáil Feithicle

Bhí Teastais ar Ród acmhainneachta le haghaidh feithiclí trádála/earraí eisithe i leith 6,340 feithicle le linn na bliana i gcomparáid le 5,887 do 2008. Tá teist RCORÁ riachtanach gach bliain do gach feithicle trádála/earraí.

TNG: Teist Náisiúnta Gluaisteán

Tá tástáil feithiclí príobháideacha ar siúl ar bhonn leanúnaí ó Eanáir 2000. Tá Lárionad Laoise ag Lárionad Gnó Lios na m-Bard, Bóthar Thigh Mochua, Port Laoise. Bíonn an chéad Teist tar éis 4 bhliain agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin. Cairr seanré an t-aon feithicle ná caithfear an teist seo a dhéanamh orthu.

Uaireanta Cloig Oscailte:

9.30 a.m. – 3.30 p.m., ó Luan go h-Aoine le am lóin san áireamh.

Céadatán bearta Mótarchánach::

Adhéileáiltear leo leis an gcustaiméir:

86% (58,138)

Adhéileáiltear leo tríd an bpoist:

14% (9,518)

Adhéileáiltear leo on-line:

36.86% (24,767) de custaiméirí cáilithe

Líon uaireanta ar oscailt sa tseachtain: 30.28 hours

Méid na nIarratas Ceadúnais Feithiclí tríd an bpost agus % de na hiarratais poist san iomlán ar déileáladh leo:

a)	ar an lá céanna	99.52%	(9,472)
b)	ar an dara nó an tríú lá	0.21%	(20)
c)	ar an gceathrú nó an cúigiú lá	0%	(0)
d)	thar 5 lá	0.27%	(26)

Méid na nIarratas Ceadúnais Feithiclí (le luach airgeadaíochta) agus % de hamhail iarratais ar déileáladh leo:

a)	ar an lá céanna	68%	(5,118)
b)	ar an dara nó an tríú lá	31.72%	(2,387)
c)	ar an gceathrú nó an cúigiú lá	0.3%	(2)
d)	thar 5 lá	0.25%	(19)

Bailiú Cánach	31/12/2009	31/12/2008
Iasachtaí Tithíochta		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid atá le teacht:	90%	94%
b) % na riaráiste::		
(i) 1 mí d'aois	3%	4%
(ii) 2 – 3 mhí d'aois	14%	20%
(iii) thar 3 mhí d'aois	83%	76%
Rátaí Trádála		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den méid atá le teacht:	84%	90%
Táillí Uisce Neamh-Theaghlaigh		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den méid atá le teacht:	59%	47%

Cuntas Airgeadais

Caiteachas Grúpa Cláir Net	Caiteachas 2009 €	Adhmhálacha 2009 €	Glan Caiteachais 2009 €
Tithíocht & Foirgníocht	10,261,020	10,115,170	145,850
Iompar & Sábháilteachtar Bhóithre	15,962,525	11,635,026	4,327,498
Soláthar Uisce	10,500,745	4,080,054	6,420,691
Spreagthaí & Rialúcháin an Forbart	4,699,533	921,080	3,778,452
Cosaint an Chomhshaoil	9,545,511	5,472,450	4,073,060
Caitheamh Aimsire & Conláistí	4,202,844	899,333	3,303,511
Talamhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	5,817,462	5,251,113	566,349
Seirbhísí Ilghéitheacha	4,221,308	2,782,061	1,439,246
Admhálacha / Caiteachas Iomlán	65,210,947	41,156,288	

Glanchostas Clár le cistiú ó Rátaí Contae agus Rialtas Áitiúil	24,054,659
Rátaí	8,917,227
Tobhach Pinsean	956,298
Cistiú Rialtais Áitiúil	16,624,008
Fuílleach don Bhliain roimh Aistrithe	2,442,874
Aistrithe ó/(go) Cúlchistí	(2,435,107)
Iomlan Fuílleach don Bhliain	7,767
Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir, 2009	(529,372)
Cúlchiste Ginearálta ag 31 Nollaig, 2009	(521,605)

Cuntas Caipitil

Iarmhéid ag 01.01.09	(13,281,290)
Deontas	134,402,055
Adhmhálacha eile	18,312,843
Aistrithe	2,435,107
Caiteachas	160,229,760
Iarmhéid ag 31.12.09	(18,361,045)

Bainisteoir: Gerry Gibson

Cléireach Baile: John Clarke

Innealtóir Baile: Tom O'Carroll

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí an Comhairleoir Kathleen O'Brien tofa mar Mhéara ag an g-Cruinniú Cinn Bhliana de chuid Baile Phort Laoise a bhí ar siúl ar an 15ú Meitheamh 2009. Toghadh an Comhairleoir Jerry Lodge mar Leas Mhéara.

Members on Boards/Committees

Forbairt Pobail agus Eacnamaíoch, Coiste um Beartas Straitéiseach Cultúir & Oidhreachta
An Comhairleoir Rotimi Adebari
An Comhairleoir Alan Hand

Coiste Polasaí Straitéisigh um Sheirbhísí Iompair & Uisce
An Comhairleoir Jerry Lodge
An Comhairleoir Kathleen O'Brien
An Comhairleoir Matthew Keegan

Coiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta & Sóisialta
An Comhairleoir Willie Aird
An Comhairleoir Brian Stanley
An Comhairleoir Catherine Fitzgerald

Cruinnithe Míosúla

Bíonn cruinnithe Bhaile Port Laoise ar siúil ar an gcéad Mháirt de gach mí.

Seirbhísí príomha Soláthraithe

Cothabháil agus deisiú tithíochta, Seirbhísí Mhaor Scoile, Tionscnaimh Timpeallachta, Leithreas, Glacadh Fáiltiú Sibhialta & Nascadh Bailte.

Buiséad 2009 - €109,550

In 2009, thug Comhairle Bhaile Phort Laoise tacaíocht dóibh seo a leanas:

- Coiste Pharáid Lá Le Pádraig,
- Bailte Slachtmhara Phort Laoise
- Cumann Áitritheoirí Rossvale Court
- Cumann Muintir Luigheach
- Cumann Áitritheoirí Phlás na Trioge
- Cumann Áitritheoirí Pháirc an Aonaigh
- Cumann Áitritheoirí Cnoic na h-Eascrach
- Cumann Áitritheoirí Westlands
- Halla Séipéil an Phobail Naomh Peadair
- Cumann Multiple Sclerosis Phort Laoise
- Cumann na dTuismitheoirí le Chéile
- Club Lúthchleas Phort Laoise
- Tionscadal Cúram Leanaí Plás Uí Mhórdha
- Cumann Soilsiú na Nollag Phort Laoise

Comhdhálacha

Thug an Comhairle Bhaile tacaíocht agus dhéan sé ionadaíocht ag na comhdhálacha seo a leanas:

- Comhdháil Bhliantúil de chuid Comhchaidreamh Údaráis Catharaha na hÉireann

Buaic Phointí le linn 2008

In 2009, thug an Chomhairle Bhaile tacaíocht agus chuir sí fáilte roimh forbairtí éagsúla i bPort Laoise, go háirithe:

- Soláthar de charrchlós poiblí ag Páirc an Phobail.
- Tús le Tionscadal Athghiniúna Chnoc Maí.
- Óstáil na gcraobhchomórtas réigiúinacha den Rose of Tralee.
- Feidhmiúcháin Phort Laoise sna Dámhachtainí Sraith Frith-Bhruscair IBAL.

Searmanas Ghnólachtaí na hÉireann In Aghaidh an Bhrúscair 2009

- Cur i bhfeidhm d'áiseanna CCTV i bPort Laoise.
- Filleadh an Fhéile Magnet go Port Laoise.
- Forbairtí Tithíochta Poiblí, Deontacha & ar Phraghas Réasúnta.
- Feabhsuithe bóthair agus cosáin ar fud an Bhaile.

Fáiltithe

Reáchtáladh failtiú cathartha in onóir de Pat Critchley in aitheantas dá éachtaí ilbhuacha go dtí seo lena n-áirítear an rath dá dhírbheathaisnéis 'Hungry Hill'.

Bainisteoir: Declan Byrne

Cléireach Baile: Pamela Tynan

Innealtóir Baile: Dermot Leonard

Toghcháin Áitiúla 2009

Tionóladh toghcháin áitiúla chun Chomhairle nua a thoghadh ar 5 Meitheamh, 2009. Chinn dhá bhall den Chomhairle a bhí ag seasadh síos gan dul i dtóir athoghcháin. Bhí cúigear iarrthóir dhéag san iomlán i gcomórtas don Toghchán agus is iad seo a leanas na baill a thoghadh:

Comhairleoirí Patrick Bracken, Patrick Bowe, Michael Gormley, Stephen Lynch, Bobby Delaney, Marc Connolly, Denis O' Mara, Rosemary Whelan agus Ollie Payne. Atoghadh seachtar den Chomhairle a bhí ag seasadh síos, agus dhá Chomhairleoir nua.

Tionóladh an Cruinniú Annual General Meeting de Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar 15 Meitheamh 2009, inar toghadh an Comhairleoir Rosemary Whelan mar Chathaoirleach agus Comhairleoir Ollie Payne mar Leas-Chathaoirleach.

Moltaí Cosáin ó Chomhairle Baile Mhóinteach Mílic 2009

D'éirigh le hobair a chríochnú ar na cosáin seo a leanas, arna comhaontú ag an gComhairle Bhaile in 2009:

Cosáin ag Eastát Pattison , Baile na nGael,Sráid Emmett, Garoon agus Debbicot.

Bunú de Chomhchoiste Póilíneachta Mhóinteach Mílic

Bunaíodh an Comhchoiste Póilíneachta Mhóinteach Mílic in 2009. Reáchtáladh an chéad chruinniú coiste i mí an Mhárta, 2009 agus bhí cruinnithe poiblí ina dhiaidh sin i mBealtaine agus i Meán Fómhair, 2009. Tá an coiste déanta suas den 9 Baill Thofa, 2 Oifigeach an Garda Síochána, 3 ionadaí den Earnáil Dheontach agus d'Earnáil an Phobail agus Bainisteoir an Bhaile agus Cléireach an Bhaile.

Oíche Fhaisnéise d'Fhaire Comharsanachta

Reachtáladh oíche fhaisnéise d'fhaire comharsanachta, arna eagrú mar thoradh ar an gComhchoiste Póilíneachta Mhóinteach Mílic i mi na Samhna, 2009. D'éirigh thar fheabhas leis an oíche le roinnt grúpaí agus coistí ag freastal ar chun leas a bhaint as an seirbhís de chuid An Garda Siochána.

Páirceáil Íoc agus Taispeáin Mhóinteach Mílic

Is iad seo a leanas na feabhsuithe a baineadh amach le linn 2009:

- Timpealláin nua ag Sráid Uí Mhordha agus ag Sráid Lord Edward.
- Trasrian coisithe ardaithe le soilsiú ag Sráid Parnell.
- Bá parcála le marcanna ar Shráid Phádraig.
- Boardwalk nua ag Droichead an Chlochair.

Faiche Imeartha Nua do Mhóinteach Mílic

Osclaíodh go hoifigiúil an Faiche Imeartha Nua do Mhóinteach Mílic i Smiths Field i mí Iúil, le Cathaoirleach de Chomhairleoir Chontae Laoise James Daly i láthair an Aire John Moloney agus dignitaries eile. Chuir an pobal fáilte roimh an áis agus tá sé infheicthe gur áis iontach é do pháiste an bhaile agus na ceantair thar timpeall.

Oscailt oifigiúil Ionaid Spraoi Mhóinteach Mílic i mí Iúil, 2009

Cruinnithe Gnó

Mar a bhí blianta eile bhí slua diamhrach ball i láthair ag cruinnithe inar ndearnadh uiríolla faoi ghnéithe tábhachtacha a bhí ina ábhar buartha acu. Ina measc siúd bhí oibreacha timpeallachta, bainistíocht tráchta, oibreacha bóthar agus deisithe cosán, comharthaíocht, soilsiú poiblí &rl. san áireamh.

Leabharlann Mhóinteach Mílic

D'fhreastail an tUasal Gerry Maher, Leabharlannaí an Chontae an cruinniú Samhna de Chomhairle

Bhaile Mhóinteach Mílic agus thus sé cur i láthair do na baill maidir leis na seirbhísí a bheidh ar fáil sa Leabharlann nua ata le hoscailt go luath in 2010.

Beidh an leabharlann nua an leabharlann is mó i gCOntae Laoise agus beidh na seirbhísí seo ar fáil ann: iasacht leabhair, rochtain ar an idirlíon, cúrsaí ríomhaireachta i gcomhpháirt le FÁS, clubanna leabhair, dánlann, óráidí faisnéise, dúshláin leitheoireachta, cuairteanna ó húdair, seirbhísí ar líne, cuairteanna scoile agus araile. Osclófar an leabharleann ar feadh 31-32 uair in aghaidh na seachtaine, lena n-áirítear deireanch san oíche ar feadh dhá lá agus ar maidin Sathairn chomh maith.

Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Eile

Coiste na Logainmneacha

Dhein Comhairleoir Bobby Delaney ionadaíocht ar an gComhairle Baile ar Choiste na Logainmneacha do Chontae Laoise.

Coiste Fho-Dhlite Mhóinteach Mílic

Dhein Cathaoirleach Rosemary Whelan, iar Cathaoirleach Denis O'Meara agus Comhairleoirí Michael Gormley, Marc Connolly, Patrick Bowe agus Patrick Bracken ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar Fho-Dhlite an Choiste, ag déileáil le gach fadhb bainistíochta tráchta sa bhaile.

Chomhar-Árachais Eagraíochtaí Poiblí na hÉireann

Dhein an Comhairleoir Marc Connolly ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar na heagraíochtaí thuas.

Irish Public Bodies Mutual Insurances

Councillor Marc Connolly represented Mountmellick Town Council on the Irish Public Bodies Mutual Insurances committee.

Coistí um Beartais Straitéiseacha

Ba é an Comhairleoir Denis O'Mara an t-ionadaí don SPC Seirbhísí Uisce & Comhshaoil agus ba é an Comhairleoir Marc Connolly an t-ionadaí don SPC Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha go dtí Meitheamh 2009. Ag cruinniú na Samhna ag Comhairle Bhaile Mhóinteach Mílic, ainmníodh Comairleoirí Rosemary Whelan agus Marc Connolly mar ionadaithe do Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic maidir leis na Coistí um Beartais Straitéiseacha á mbunú faoi láthair don tréimhse 2009 - 2014.

Cumann Bardais na hÉireann

Bhí Comhairleoirí Patrick Bracken agus Michael Gormley mar ionadaithe do Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ag Seimineár an Earraigh ag an gComhdháil Bhliantiúil de Chumann Bardais na hÉireann Bhí Comhairleoirí Patrick Bracken agus Patrick Bowe mar ionadaithe don Chomhairle Bhaile ag Seimineár an Fhómhair den AMAI.

Bord Forbartha an Chontae agus Coiste Páirtiochta Laoise

Ainmníodh an Comhairleoir Patrick Bracken i mí Mheán Fómhair, 2009 mar ionadaí do Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar Bhord Forbartha an Chontae agus Coiste Páirtiochta Laoise. Aontaíodh go gcoinneoidh Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic an stádas ar hord Forbartha an Chontae agus Coiste Páirtiochta Laoise don chéad 2.5 bhliain ar son Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic agus Comhairle Bhaile Phort Laoise araon.

Club Sóisialta

Bhí 2008 mar bhliain an-rathúil don gClub Sóisialta agus tá ballraíocht de 266 ann faoi láthair. Bhí a lán ócáidí ar siúl i 2009.

Tarraingt Mhíosúil

Bíonn Tarraingt ar siúl ar an g-Céad Aoine de gach mí do Bhaill Club Sóisialta. Tá na duaiseanna mar seo: Duais a h1: €50 Duais a 2: €30 Duais a 3: €20

Tráth na gCeist Boird

Rith an Club Sóisialta an rannóg in-tigh de Thráth na g-Ceist Boird in Aibreain, agus d' éirigh go hiontach leis. Fuair Trófaí Tráth na g-Ceist baile nua sna Seirbhísí Tine - Declan Power, Shea Brennan, Anthony Tynan & Ciaran Duffin.

Seirbhísí Dóiteáin – Buaiteoirí Quiz Boird 2009

Cóisir an t-Samhraidh

Bhí cóisir an t-Samhraidh ar siúl i Halla an Chontae ar an 18ú Meitheamh, le Eunice agus a foireann ag ullmhú agus ag friotháil bia a bhí den scoth. d' Fhreastal slua iontach air.

An foireann ag baint sult as Cóisir an tSamhraidh

Joe Dolan Tribute Band

Reáchtáladh é seo in Amharchlann Dún Másc ar 25 Meán Fómhair. Tháinig slua mór de bhaill an chlub shóisialta agus bhain siad sult as an oíche.

Cóisir Oíche Shamhna

Bhí cóisir culaithe bhréige Oíche Shamhna ar siúl ag Ionad Sky ar an 30ú Deireadh Fómhair, le siamsaíocht soláthraithe ag 'Glitter bugs'.

d' Fhreastal thart ar 100 duine ar oíche iontach agus bhaineadar go léir taitneamh as.

Aifreann Bhliantúil

Bhí Aifreann Bliantúil do bhaill mharbha agus do fhoireann ó Chomhairle Chontae Laoise eagraithe ag an gClub Sóisialta i Seomra na Comhairle.

Bhí mórán daoine ag an Aifreann agus soláthraíodh sólaistí san ceaintín
ina dhiaidh.

Cóisir Nollag na Leanaí

Reáchtáladh Cóisir na Nollag do Leanaí ar 12 Nollaig sa cheaintín. Bhí slua mór de níos mó ná 160 leanbh. Bhí siamsaíócht iontach ar fáil, go háirithe an taispeántas puipéid Santa ar mesmerized na leanaí! Tháinig Santa agus ceann dena síogaí ar an Inneall Dóiteáin, buíochas le John Ging. Buíochas le cách ar cuidigh linn lá iontach a dhéanamh.

Cóisir na Nollag

Bhí Coisir na Nollag Bhliantúil ar siúl ar an 18ú Nollaig i d-Tigh Ósta na h- Oidhreachta, Port Laoise, le ceol agus dioscó na hoíche soláthraithe ag 'After Dark' agus DJ Brochan. Díoladh amach na ticéid don chóisir le 125 ticéad díolta.

Cumann Gailf

Bhí Declan Power ina chapteain ar an gCumann Gailf in 2009. Tionóladh a lá chaptaein i gCumann Gailf Fraochmhá i mí Iúil agus bhí lá iontach ag gach duine. Bhuaigh Mick Drennan Duais an Chaptaein. Bhuaigh Declan Power an Corn Kennedy ag an ócáid fhoirne a raibh ar siúl i Nás na Rí. Bhuaigh Jim Scully Galfaire na Bliana.

Aguisín II – Sonraí i dtaobh an chaiteachais agus deonacháin faighte maidir le gach iomaitheoir sa Toghchán Áitiúil in 2009.

Name	Local Authority	Expenditure €	Donations Received
James Daly	Laois County Council	4,631.00	Nil
Kathleen O'Brien	Laois County Council & Portlaoise Town Council	1,350.00	Nil
William Aird	Laois County Council & Portlaoise Town Council	4,910.85	Nil
Michael Lalor	Laois County Council	820.00	Nil
Brendan Phelan	Laois County Council	3,088.56	Nil
Mary Sweeney	Laois County Council & Portlaoise Town Council	3,490.00	Nil
Jeremiah Lodge	Laois County Council	1,398.53	Nil
Rotimi Adebari	Laois County Council & Portlaoise Town Council	1,624.50	Nil
Brian Stanley	Laois County Council & Portlaoise Town Council	1,377.00	Nil
Catherine Fitzgerald	Laois County Council & Portlaoise Town Council	2,217.06	Nil
John Bonham	Laois County Council	541.00	Nil
Ben Brennan	Laois County Council	1,335.00	Nil
Ray Cribbin	Laois County Council	2,865.00	Nil
James Deegan	Laois County Council	2,617.44	Nil
John Joe Fennelly	Laois County Council	2,644.08	Nil
Padraig Fleming	Laois County Council	3,204.93	Nil
David Goodwin	Laois County Council	1,925.30	Nil
John King	Laois County Council	559.44	Nil
Paddy Bracken	Laois County Council & Mountmellick Town Council	1,885.96	Nil
Pat Bowe	Laois County Council & Mountmellick Town Council	6,631.59	Nil
Tom Mulhall	Laois County Council	4,072.51	Nil
Paul Mitchell	Laois County Council	2,789.45	Nil
Seamus McDonald	Laois County Council	1,342.98	Nil
John Moran	Laois County Council	1,620.00	Nil
Martin Phelan	Laois County Council	720.00	Nil
Colm Callaghan	Laois County Council	156.75	Nil
Aaron Delaney	Laois County Council	812.50	Nil
Ray Fitzpatrick	Laois County Council	2,950.00	Nil
Michael G. Phelan	Laois County Council	3,413.66	Nil
M.J. Walsh	Laois County Council	4,418.60	Nil
Colm Callaghan	Laois County Council	156.75	Nil
Winifred Champ Cox	Laois County Council	2,811.00	Nil
Thomas Cushen	Laois County Council	2,650.50	Nil
Frances Emerson	Laois County Council	2,570.00	Nil
Mgt Guijt Lawlor	Laois County Council	3,834.81	Nil
Paschal McEvoy	Laois County Council	2,040.18	Nil
Aidan Mullins	Laois County Council	1,473.10	Nil
Willie Murphy	Laois County Council	2,040.18	Nil
Colm Callaghan	Laois County Council	156.75	Nil
Nuala Finnegan	Laois County Council	456.40	Nil
Marie Johnston	Laois County Council	1,185.30	Nil
Richard Miller	Laois County Council	2,439.93	Nil
Laurence Phelan	Laois County Council	5,189.93	Nil
James Scully	Laois County Council	100.00	Nil
Colm Callaghan	Laois County Council	165.19	Nil
Patrick Delaney	Laois County Council	3,453.27	Nil
Joe Digan	Laois County Council	957.50	Nil
Michael Gormley	Laois County Council & Mountmellick Town Council	2,722.00	Nil
Pat Lalor	Laois County Council	250.00	Nil
Rosemary Whelan	Laois County Council & Mountmellick Town Council	789.55	Nil
Patrick Buggy	Laois County Council & Portlaoise Town Council	2,924.80	Nil
Colm Callaghan	Laois County Council	164.75	Nil
Tom Jacob	Laois County Council & Portlaoise Town Council	2,960.00	Nil
Matthew Keegan	Laois County Council & Portlaoise Town Council	1,150.00	Nil
Joseph McCormack	Laois County Council & Portlaoise Town Council	510.20	Nil
Michael Moloney	Laois County Council & Mountmellick Town Council	6,565.00	Nil
Jim O'Brien	Laois County Council & Portlaoise Town Council	7,378.60	Nil
Liam Phelan	Laois County Council & Portlaoise Town Council	2,368.76	Nil

Aguisín I – Sonraí i dtaobh an chaiteachais agus deonacháin faighte maidir le gach iomaitheoir sa Toghchán Áitiúil in 2009.

Name	Local Authority	Expenditure €	Donations Received
Aoife OMeara	Portlaoise Town Council	1,405.92	Nil
Ala Olsevska	Portlaoise Town Council	648.53	Nil
Alan Hand	Portlaoise Town Council	1,542.87	Nil
Jeremiah Lodge	Portlaoise Town Couincil	1,048.50	Nil
Denis O'Meara	Mountmellick Town Council	842.98	Nil
Oliver Payne	Mountmellick Town Council	Nil	Nil
Stephen Lynch	Mountmellick Town Council	698.87	Nil
Bobby Delaney	Mountmellick Town Council	Nil	Nil
Joe Dunne	Mountmellick Town Council	842.98	Nil
Fiona Lynch	Mountmellick Town Council	1,012.52	Nil
Adam Goode	Mountmellick Town Council	1,110.28	Nil
Marc Connolly	Mountmellick Town Council	912.98	Nil
Talitha Horan	Laois County Council & Mountmellick Town Council	1,908.88	Nil
Ron Lalor	Mountmellick Town Council	Nil	Nil
Adam Haughton	Laois County Council	1,095.48	Nil
Tony Walsh	Laois County Council	1,058.53	Nil

Aguisín II

Title, purpose and number of members of each Committee and Joint Committee and the number of meetings of each Committee, Joint Committee and Joint Policing Committee held during 2009.

The following members were elected to the Committees/Outside Bodies outlined hereunder at the Annual General Meeting of Laois County Council held on 19th June, 2009.

COMMITTEES

Name of Committee	Members Elected	Number of Meetings
Rural Water Monitoring Committee	Councillor Ben Brennan Councillor John Bonham Councillor Tom Mulhall	3
Local Traveller Accommodation Consultative Committee	Councillor Catherine Fitzgerald Councillor Brian Stanley Councillor Pat Bowe Councillor William Aird Councillor Mary Sweeney Councillor Kathleen O' Brien Councillor Paul Mitchell Councillor John King	3
Kyletelisha Landfill Monitoring Committee	Councillor Patrick Bracken Councillor James Daly Councillor Martin Phelan	3
Laois School of Music Steering Committee	Councillor Mary Sweeney	3
Audit Committee	Councillor John Bonham Councillor Jerry Lodge	3

Name of Committee	Members Elected	Number of Meetings
Joint Policing Committee	Councillor Catherine Fitzgerald Councillor Seamus McDonald Councillor Brendan Phelan Councillor Patrick Bracken Councillor Ray Cribbin Councillor James Deegan Councillor Tom Mulhall Councillor Michael Lalor Councillor Mary Sweeney Councillor David Goodwin Councillor Paul Mitchell Councillor John King Councillor James Daly	5
Placenames Committee	Councillor Ben Brennan Councillor Ray Cribbin Councillor John Bonham Councillor Kathleen O' Brien CouncillorDavid Goodwin	0

OUTSIDE BODIES

Name of Committee	Members Elected
Barrow Drainage Board	Councillor Pat Bowe, Councillor David Goodwin
River Goul Drainage Committee	Councillor Brendan Phelan, Councillor MartinPhelan
Dungar Joint Burial Board	Councillor Brendan Phelan
Portarlington Joint Burial Board	Councillor Ray Cribbin, Councillor Patrick Bracken Councillor Brian Stanley, Councillor Tom Mulhall Councillor Paul Mitchell, Councillor James Deegan
Association of County & City Councils	Councillor Seamus McDonald Councillor David Goodwin Councillor Martin Phelan
Regional Board of Failte Ireland (East & Midlands)	Councillor Martin Phelan
Midland Regional Authority	Councillor Catherine Fitzgerald, Councillor Brendan Phelan Councillor James Deegan, Councillor Martin Phelan Councillor James Daly, Councillor John Bonham
E.U. Operational Committee	Councillor James Daly, Councillor John Bonham
B.M.W. Regional Assembly	Councillor James Deegan, Councillor James Daly
Laois Arts Theatre Company Ltd	Councillor Rotimi Adebari Councillor Kathleen O' Brien Councillor Mary Sweeney
Abbeyleix Heritage Trust	Councillor John Bonham
Local Authority Members Association	Councillor Michael Lalor
Laois County Enterprise Board	Councillor Pat Bowe, Councillor Tom Mulhall Councillor James Daly, Councillor William Aird

Aguisín II

Name of Committee	Members Elected
Laois Partnership Company Ltd	Councillor Tom Mulhall, Councillor Michael Lalor
Laois Transport for Rural Integration Programme	Councillor Michael Lalor
South East River Basin District Advisory Council	Councillor Tom Mulhall, Councillor John King
Shannon River Basin District Advisory Council	Councillor Tom Mulhall, Councillor Martin Phelan
Anti-Poverty Strategy Steering Group	Councillor Rotimi Adebari, Councillor Kathleen O' Brien Councillor Mary Sweeney
Portarlington Leisure Centre	Councillor Ray Cribbin, Councillor Paul Mitchell Councillor Tom Mulhall
Portlaoise Leisure Centre	Councillor Brian Stanley, Councillor William Aird Councillor Mary Sweeney
Portlaoise Enterprise Centre	Councillor Jerry Lodge, Councillor William Aird Councillor Mary Sweeney
Portarlington Enterprise Centre	Councillor Paul Mitchell, Councillor James Deegan
Midlands Energy Agency	Councillor John Bonham
Homeless Forum	Councillor Mary Sweeney, Councillor Kathleen O' Brien
Laois County Development Board	Councillor James Daly, Councillor John Moran Councillor Michael Lalor, Councillor Martin Phelan Councillor John Joe Fennelly
Dublin Mid-Leinster Regional Health Forum	Councillor Ben Brennan, Councillor Kathleen O' Brien Councillor William Aird
Laois Advocacy Against Domestic Abuse Limited	Councillor Mary Sweeney
Midland Regional Drugs Task Force	Councillor William Aird
LABEL	Councillor Paul Mitchell

Aguisín III

PAYMENTS TO MEMBERS 2009

Monthly Allowance	€118,689.35
Conference Allowance	€ 98,785.00
Representational Payment	€438,046.20
S.P.C. Allowance	€ 21,254.04
Telephone Allowance	€ 8,377.25

www.laois.ie

E-Mail: corpaffairs@laoiscoco.ie

Áras an Chontae, Portlaoise	Tel: (057) 8664000
Accounts Payable, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664063
Arts Office, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674342
Cash Office, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674308
Central Area Office, Mountrath Road, Portlaoise	Tel: (057) 8664168
Civil Defence HQ, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664000
County Development Board, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674338
Driving Licences, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664110
Environment, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674322
Graiguecullen Area Office, Sleaty Road, Graiguecullen	Tel: (059) 9165960
Higher Education Grants, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664137
Housing, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664110
Human Resources, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664219
Landfill Site, Kyletalesha, Portlaoise	Tel: (057) 8620653
Library Headquarters, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674315
Motor Tax Office, Block 2, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664009
National Roads Project Office, Clonboyne, Portlaoise	Tel: (057) 8664850
Planning, Block 1, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664039
Portarlington Area Office, 1 Park Lane, Portarlington	Tel: (057) 8636533
Register of Electors, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664105
Roads, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664142
Sports & Leisure, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664007
Water Charges, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664119
Water Services, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664120
Western Area, The Old Barracks, The Square, Rathdowney	Tel: (0505) 48360